The overhead costs charged to the Fund are based on the full-time equivalent of staff numbers working on the Fund as a percentage (in 2022, 29 %; in 2021, 23%) of the total staff complement of the BAI in the period. During 2022, €340k (2021: €285k) was recharged by the Broadcasting Authority of Ireland to the Broadcasting Fund for administration expenditure relating to the Broadcasting Fund.

## 7. Consultancy

	2022	2021
	€ '000	€ '000
General	73	15
Auditing and Monitoring	62	32
	<b>135</b>	<b>47</b>

## 8. Deposits and Cash/Cash equivalents

	2022	2021
	€ '000	€ '000
<b>a.</b> Short Term (maturity less than 3 months)	12,300	13,600
Other (maturity between 3 and 12 months)	23,050	16,049
Cash at bank and on hand	9,503	9,921
	<b>44,853</b>	<b>39,570</b>
<b>Cash/cash equivalents</b>		
Movement in Short Term Deposits		
Balance at 1st January	13,600	13,705
Additions	-	-
Withdrawals	(1,300)	(105)
Cash at bank and on hand at 31st December	9,503	9,921
<b>Cash and cash equivalents at 31st December</b>	<b>21,803</b>	<b>23,521</b>
<b>b.</b> Movement in Other Short Term Deposits		
Balance at 1st January	16,049	18,750
Additions	7,001	-
Withdrawals	-	(2,701)
<b>Balance at 31st December</b>	<b>23,050</b>	<b>16,049</b>
<b>c.</b> As required under Section 157(4) and (6) of the Broadcasting Act 2009, monies standing to the credit of the current account and not required to meet current liabilities shall be paid into the investment account of the Fund.		

Monies in the investment account of the Fund that are not required to meet current and prospective liabilities of that account shall be invested and the investments shall be realised or varied from time to time as occasion requires and the proceeds of any such realisation, and any income received in respect of monies invested, shall be paid into the investment account of the Fund.

In the period of account, the Authority retained the surplus funds on deposit with commercial banks and in Treasury Notes with the NTMA.



## 9. Receivables

	2022	2021
	€ '000	€ '000
Accrued Interest	10	5
Other	-	-
	<b>10</b>	<b>5</b>

## 10. Payables

	2022	2021
<b>(Amounts falling due within one year)</b>	<b>€ '000</b>	<b>€ '000</b>
Broadcasting Authority of Ireland	954	366
Deferred Income Department of TCAGSM	5,000	8,000
	<b>5,954</b>	<b>8,366</b>

## 11. Capital Commitments

There were no capital commitments at 31st December 2022.


## 12. Approval of financial statements

The financial statements were approved by the Commission at its meeting on the 22nd June 2023.


**Broadcasting Authority of Ireland**

2 - 5 Warrington Place

Dublin D02 XP29

 353 1 644 1200

 [info@bai.ie](mailto:info@bai.ie)

 [www.bai.ie](http://www.bai.ie)



ÚDARÁS  
CRAOLACHÁIN  
NA hÉIREANN

BROADCASTING  
AUTHORITY  
OF IRELAND

Tuarascáil Bhliantúil  
**2022/2023**



# Clár

Maidir Le hÚdarás Craolacháin Na hÉireann	2
Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin	4
An tÚdarás	7
Coiste Comhlíontachta	8
Coiste Um Bhronnadh Conartha	9
Coiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca	10
Foireann Fheidhmeannach Údarás Craolacháin Na hÉireann	11
Ráiteas Straitéise Údarás Craolacháin na hÉireann 2021-2023	12
<b>Téama Straitéiseach 1: Éagsúlacht agus Iolracht a Chur chun cinn</b>	<b>13</b>
<b>Téama Straitéiseach 2: Barr-feabhas agus Cuntasacht a Bhaint amach</b>	<b>36</b>
<b>Téama Straitéiseach 3: Ceannaireacht in Athrú</b>	<b>45</b>
<b>Téama Straitéiseach 4: Lucht Féachana/Éisteachta a Chumasú</b>	<b>55</b>
<b>Téama Straitéiseach 5: Cur le Nuálaíocht agus Inbhuanaitheacht Earnála</b>	<b>61</b>
<b>Údarás Craolacháin na hÉireann Ráitis Airgeadais don tréimhse 14.5 mí atá críochnaithe 14 Márta 2023</b>	<b>75</b>
<b>An Ciste Craolacháin Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch An 31 Nollaig 2022</b>	<b>116</b>

# Maidir Le hÚdarás Craolacháin Na hÉireann

Bunaíodh Údarás Craolacháin na hÉireann (“BAI”) faoi Acht Craolacháin 2009 (“Acht 2009”) an 1 Deireadh Fómhair 2009. De bhun Acht Craolacháin 2009, arna leasú ag an Acht um Shábháilteacht ar Líne agus Rialachán na Meán 2022, (“Acht 2022”), rinneadh Údarás Craolacháin na hÉireann a lánscoir an 14 Márta 2023 agus aistríodh a fhoireann agus a fheidhmeanna go Coimisiún na Meán, an rialálaí meán reachtúil nua a bhunaigh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Catherine Martin, TD faoi Acht 2022. Bunaíodh Coimisiún na Meán mar chomhlacht atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar rialú craoltóireachta agus seirbhís ar éileamh físeáin agus as creat rialála nua a thabhairt isteach do shábháilteacht ar líne, as an Treoir um Sheirbhísí Meáin Closamhairc athbhreithnithe a chur i bhfeidhm i ndlí na hÉireann agus as an bhforbairt ar earnáil na meán níos forleithne in Éirinn. Cuimsíonn an tuarascáil seo an Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais deiridh an BAI agus clúdaíonn sé an tréimhse idir an 1 Eanáir 2022 agus an 14 Márta 2023, nuair a cuireadh Údarás Craolacháin na hÉireann ar lánscoir.

Chuir Acht 2009 de chúram ar Údarás Craolacháin na hÉireann réimse cuspóirí ginearálta agus sonracha a shonraíonn a chomhpháirteanna, chun a bhfeidhmeanna a bhaint amach, “dianiaracht a dhéanamh an méid seo a chinntiú:

- go bhfuil an líon agus na catagóirí seirbhísí craoltóireachta atá ar fáil sa Stát de bhua an Achta seo ag freastail ar riachtanais mhuintir oileán na hÉireann, nuair a chuireann tú a dteangacha agus a dtraidisiúin agus a n-éagsúlacht reiligiúnacha, eiticiúil, agus chultúrtha san áireamh;
- go bhfuil na luachanna daonlathacha atá cumhdaithe sa Bhunrecht, go speisialta iad sin a bhaineann le saoirse cainte ceart, curtha i bhfeidhm; agus,
- go bhfuil seirbhísí craoltóireachta iolraíocha agus oscailte curtha ar fáil.”

Leag Acht 2009 amach réimse cuspóirí eile don Údarás, lena n-áirítear:

- clársceidealú éagsúil agus nuálach ar ardchaighdeán a chur ar fáil a spreagadh;
- craoltóirí ón tseirbhís phoiblí a éascú chun a gcuid cuspóirí sa tseirbhís phoiblí a bhaint amach;
- éagsúlacht smachta a chur chun cinn sna hearnálacha craoltóireachta tráchtála agus pobail; agus
- timpeallacht rialála a chur ar fáil a dhéanfadh:
  - iriseoireacht neamhspleách agus neamhchlaonta a choimeád;
  - comhlíonadh le dlí fostaíochta a choimeád;
  - spéiseanna leanaí a chosaint;
  - earnáil craoltóireachta a éascú atá ag freagairt do riachtanais lucht féachana agus atá inrochtana do dhaoine atá faoi mhíchumas; agus
  - forbairt ar sheirbhísí craoltóireachta agus cláraithe na Gaeilge a chur chun cinn agus a spreagadh.

Tá an tuarascáil seo struchtúrtha ar na téamaí straitéiseacha de Ráiteas Straitéise Údarás Craolacháin na hÉireann 2021-2023:

- Iolracht agus Éagsúlacht a Chur chun cinn
- Barr-feabhas agus Cuntasacht a Bhaint amach
- Ceannaireacht in Athrú
- Lucht Féachana/Éisteachta a Chumasú
- Cur le Nuálaíocht agus Inbhuanaitheacht Earnála.

In Údarás Craolacháin na hÉireann bhí an tÚdarás, dhá choiste reachtúla - an Coiste um Bhronnadh Conartha agus an Coiste Comhlíontachta - agus an Fhoireann Feidhmiúcháin. Cheap an tÚdarás buanchoiste (“an Coiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca”) chun maoirseacht a dhéanamh ar ábhair airgeadais, iniúchta agus riosca. Thug Feidhmeannas Údarás Craolacháin na hÉireann tacaíocht d’fheidhmeanna agus do chinntí a bhainistiú, a riar, agus a chur i bhfeidhm de chuid an Údaráis, an Choiste um Bhronnadh Conartha agus an Choiste Comhlíontachta.

# Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Tá tuarascáil bhliantúil agus cuntais bhliantúla dheireanacha i dtuarascáil seo Údarás Craolacháin na hÉireann. Clúdaíonn sí tréimhse 15-mhí idir an 1ú Eanáir 2022 agus an 14ú Márta 2023, nuair a cuireadh Údarás Craolacháin na hÉireann ar lánscor. Achtaíodh an tAcht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán 2022, lenar leasaíodh an tAcht Craolacháin 2009, i mí na Samhna, rud a réitigh an bealach do dhíscaoileadh Údarás Craolacháin na hÉireann agus do bhunú an chomhlachta rialála meán nua. Ar an 15ú Márta 2023, aistríodh feidhmeanna agus foireann Údarás Craolacháin na hÉireann chuig comhlacht rialála meán nuabhunaithe, Coimisiún na Meán.

I ndiaidh chur i bhfeidhm na reachtaíochta go déanach in 2022, i mí Feabhra na bliana 2023, shínigh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Catherine Martin, TD, ordú ón Aire a rinne foráil le haghaidh bunú foirmiúil Choimisiún na Meán ar bhonn reachtúil a bheadh i bhfeidhm ón 15ú Márta 2023.

Léiríonn na cúig mhí déag a chlúdaítear sa tuarascáil seo tréimhse fíorghnóthach ar fad don Údarás, a raibh ní hamháin cur i bhfeidhm leantach fheidhmeanna reachtúla agus chuspóirí straitéiseacha Údarás Craolacháin na hÉireann i gceist leis, ach an-chuid ullmhúchán freisin le haistriú éasca go Coimisiún na Meán a chinntiú. I gcaitheamh na tréimhse athbhreithnithe, lean Údarás Craolacháin na hÉireann ag oibriú go dlúth le hoifigigh ón Roinn maidir le cúrsaí éagsúla mar ullmhúchán le haghaidh bunú Choimisiún na Meán. Tionóladh cruinnithe foirmiúla rialta agus grúpaí oibre chun plé a dhéanamh ar aistriú fhoireann agus fheidhmeanna Údarás Craolacháin na hÉireann chuig an gCoimisiún, agus tabhairt faoi obair ullmhúcháin chun an comhlacht rialála nua a chur i bhfeidhm. Cuireadh borradh leis an gcomhoibriú dlúth seo ag druidim i dtreo dáta bunaithe Choimisiún na Meán an 15ú Márta.

Bhuail an Cathaoirleach agus na Coimisinéirí ainmnithe i mí Eanáir 2023 agus thosaigh siad go foirmiúil ina ról ar an 13ú Feabhra. Cé gur lean mo ról féin mar POF Údarás Craolacháin na hÉireann go dtí gur díscaoileadh an tÚdarás, ba onóir é gur cheap an tAire mar Choimisinéir Craolacháin mé don chéad bhliain a bheidh an Coimisiún ar an saol.

Tugtar sonraí maidir le gníomhaíochtaí uile Údarás Craolacháin na hÉireann le linn an ama seo, ach i measc na mbuaicphointí tá:

- Plé le **Coiste Oireachtais i dtaca le Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Spóirt agus Meán** maidir le múnlaí gnó don todhchaí agus an fhís fhadtéarmach d'earnáil na meán (teilifís agus scannánaíocht).
- Phléigh Údarás Craolacháin na hÉireann le **Comhchoiste Oireachtais i dtaca leis an Timpeallacht agus Gníomhú ar son na hAeráide** freisin i dtreo dheireadh 2022 chun plé a dhéanamh ar ról na meán agus na cumarsáide maidir le dul i ngleic leis an athrú aeráide.
- **An Coimisiún um Thodhchaí na Meán (FOMC)**: Bhí Údarás Craolacháin na hÉireann páirteach sa Ghrúpa Forfheidhmithe a raibh de chúram air Straitéis Feidhmithe agus Plean Gnímh a ullmhú do na moltaí a leagadh amach i dTuarascáil Choimisiún um Thodhchaí na Meán, a d'fhaomh an Chomhairle agus a foilsíodh in Eanáir na bliana 2023.



- **An Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán (EMFA):** i mí an Mhárta 2022, d'fhreagair Údarás Craolacháin na hÉireann do chomhairliúchán an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis an nGníomh um Shaoirse na Meán (a bhfuil sé mar chuspóir aige ionracas agus neamhspleáchas margaí meán a mhéadú, dul i ngleic le cur isteach díreach ón stát in eagraíochtaí meán, neamhspleáchas na meán seirbhíse poiblí a chinntiú, agus comhleanúnachas na gcaighdeán rialála a chinntiú le haghaidh earnáil meán shláintiúil san Eoraip), agus, iia dhiaidh sin, chuir an tÚdarás go gníomhach le forbairt sheasamh ERGA i dtaobh togra EMFA.
- **Sainghrúpa maidir le Córas le haghaidh Gearáin Aonair Ar Líne:** i Márta na bliana 2022, chuir Údarás Craolacháin na hÉireann aighneacht mhionsonraithe isteach chuig comhairliúchán pobail an tSainghrúpa a bhunaigh an tAire chun scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht córas a chur ar fáil le haghaidh gearáin aonair sa Bhille um Shábháilteacht ar Líne agus Rialáil na Meán 2022.
- **Clár Bainistithe Athruithe Foirne Údarás Craolacháin na hÉireann:** Agus iad ag tnúth le hachtú an Bhille um Shábháilteacht ar Líne agus Rialáil na Meán agus le bunú Choimisiún na Meán, le linn na tréimhse tuairiscithe, chuir Oifig Phríomhfheidhmeannaigh agus Foireann Ardbhainistíochta Údarás Craolacháin na hÉireann, ag obair i gcomhpháirt lena chéile ar an bhFoireann Ceannaireachta Aistrithe, tús le Clár Bainistithe Athruithe Foirne in Iúil na bliana 2021. Bhí trí príomhshnáithe sa Chlár: Cumarsáid Foirne, Oiliúint agus Forbairt Foirne, agus Iniúchadh Cultúrtha.
- **Litearthacht sna Meáin:** Sheol Údarás Craolacháin na hÉireann Clár Gradam Píolótach don Litearthacht sna Meáin ag Comhdháil Bhliantúil LMÉ 2022 a aithníonn tionscadail, tionscnaimh agus tabhartais a raibh tionchar acu ar chur chun cinn na litearthachta sna meáin in Éirinn. Arna mhaoiniú ag Údarás Craolacháin na hÉireann, seoladh suíomh gréasáin athdheartha LMÉ – [www.medialiteracyireland.ie/ga](http://www.medialiteracyireland.ie/ga) – freisin le linn na bliana, agus rannán speisialta air do bhaill leis an líonrú a éascú, chomh maith le nuacht, imeachtaí agus eolas luachmhar eile ar an litearthacht sna meáin don phobal i gcoitinne a óstáil.
- **Tuarascáil Nuachta Digití Reuters 2022:** bhí Údarás Craolacháin na hÉireann rannpháirteach arís in 2022 i dTuarascáil Idirnáisiúnta Nuachta Digití Reuters agus chuir sé tuarascáil níos mionsonraithe ar fáil maidir le sonraí na hÉireann. Seoladh an tuarascáil seo i mí an Mheithimh 2022.
- **Scéim Maoinithe an Chraolacháin:** bhronn Scéim Fuaim & Fís Údarás Craolacháin na hÉireann €21m faoi chúig bhabhta maoinithe le linn na tréimhse tuairiscithe. Agus ardú €4.8m tagtha ar an maoiniú i gcomparáid le tréimhse 2021, is éard a bhí i gceist leis na babhtaí maoinithe ná dhá bhabhta iarratais oscailte agus trí bhabhta a dhírigh ar théamaí faoi leith: Ceol na hÉireann, an Ghaeilge agus Gníomhú ar son na hAeráide & Athrú na hAeráide. B'ionann tionscadail Ghaeilge agus dhátheangacha agus 35% (€7.3m) den mhaoiniú ar fad a bronnadh le linn na tréimhse. Rinneadh Scéim Fuaim & Fís a shíneadh go dtí mí an Mhárta 2024. Rinneadh athbhreithniú reachtúil ar Scéim Cartlannaithe BFS a rinne oibríocht, éifeachtacht agus tionchar na Scéime a mheas agus a bheidh mar bhonn eolais faoin gcéad scéim eile atá le réiteach ag Coimisiún na Meán, a chur i gcrích agus faoi bhráid an Aire.

Agus focal scoir á chur agam le Tuarascáil Bhliantúil dheireanach Údarás Craolacháin na hÉireann, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le roinnt daoine. Ar dtús báire, le Cathaoirligh agus le Comhaltaí an Údaráis, leis an gCoiste Comhlíontachta, leis an gCoiste um Bhronnadh Conartha, agus leis an gCoiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca, a bhí ann ó bunaíodh Údarás Craolacháin na hÉireann an chéad lá riamh in 2009. Ní hamháin gur phléisiúr mór a bhí ann obair leo, bhí tiomantas iad siúd a chuir feidhmeanna agus dualgais Údarás Craolacháin na hÉireann i bhfeidhm go dílis thar cionn ar fad.

Ba mhór agam tacaíocht, comhoibriú agus rannpháirtíocht an líon mór páirtithe leasmhara a bhí ag Údarás Craolacháin na hÉireann i dtírdhreach na meán in Éirinn agus san Eoraip. Mhair an earnáil agus d'éirigh go maith léi le linn go leor tréimhsí dúshlánacha, agus bhain sí tairbhe as spiorad an tsaothair agus an chomhoibríthe a bhí le brath go soiléir thar na blianta.

Ba onóir dom é bheith i mo PFO ar Údarás Craolacháin na hÉireann le linn bhlianta deireanacha a shaolré, agus foireann an údaráis a stiúradh le linn tréimhse a raibh athrú suntasach ag tarlú lena linn agus ár gcuid feidhmeanna agus acmhainní á n-aistriú agus á gcomhtháthú sa Choimisiún nua. Ní fhéadfainn é a dhéanamh gach tacaíocht iontach mo chomhghleacaithe in Údarás Craolacháin na hÉireann. Níl aon dabht agam ach go gcuirfidh a dtiomantas, eolas, gairmiúlacht agus saineolas go suntasach le hobair agus rath Choimisiún na Meán amach anseo.



---

**Celene Craig**

POF Údarás Craolacháin na hÉireann

# An tÚdarás

Agus é ar marthain, bhí freagracht iomlán ag an Údarás ar Údarás Craolacháin na hÉireann a oibriú agus a fheidhmiú, lena n-áirítear treoir straitéiseach na heagraíochta a shocrú. Bhí naonúr comhaltaí san Údarás, cúigear a cheap an Rialtas ar ainmniúchán an Aire. Cheap an Rialtas an ceathrar comhaltaí eile tar éis próiseas roghnúcháin a rinne an Comhchoiste Oireachtais a bhfuil freagracht aige as ábhair chraoltóireachta.

Léiríonn an tábla thíos comhaltas an Údaráis agus tinreamh cruinnithe ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 14ú Márta 2023.

Comhalta	Cruinnithe 2022	Cruinnithe 2023
Mary Curtis, Uasal	10/11	
An tUasal Alan McDonnell	11/11	
Grace Smith, Uasal	09/10	
An tUasal Seán Ó Mórdha	10/12	04/04
An tUasal Denis Wolinski	11/12	04/04
An Dr Rosemary Day	12/12	04/04
An tOllamh Emeritus Maeve McDonagh	08/11	04/04
Vivien McKechnie, Uasal	11/12	04/04

An 1ú Nollaig 2022, tháinig deireadh le téarma oifige Mary Curtis mar chomhalta an Údaráis agus, de réir na bhforálacha reachtaíochta den Acht tháinig deireadh lena téarma oifige mar Chathaoirleach ar an dáta sin. An 1ú Nollaig, tháinig deireadh le téarmaí oifige na gcomhaltaí Údaráis Grace Smith agus Alan McDonnell freisin.

Ar phríomhfhreagrachtaí an Údaráis bhí seirbhísí raidió agus teilifíse poiblí, tráchtála agus pobail a rialú, cóid agus rialacha craoltóireachta a dhéanamh, agus maoiniú a sholáthar do chlár agus cartlannú a bhaineann le cultúr, oidhrecht agus taithí na hÉireann.

Le linn na tréimhse athbhreithnithe seo, lean an tÚdarás le dul chun cinn a dhéanamh ar a chuspóirí straitéiseacha de réir a Ráitis Straitéiseach 2021-2023. Tá na príomhghníomhaíochtaí maidir leis seo leagtha amach sa Tuarascáil seo faoi na cúig phríomhthéamaí straitéiseacha den Straitéis. Sa tréimhse, cuireadh béim ar leith ar fhoireann ceannasaíochta agus an eagraíocht a ullmhú dá hathrú agus dá comhtháthú i gCoimisiún na Meán.

# Coiste Comhlíontachta

Bhí an Coiste Comhlíontachta freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh agus é a chur i bhfeidhm, gearáin a iniúchadh agus líon tuarascálacha reachtúla a ullmhú. Bhí ochtar comhaltaí ar an gCoiste; ceathrar díobh a cheap an Rialtas ar ainmniúchán an Aire, agus cheap an tÚdarás an ceathrar eile, ina raibh beirt ainmnithe ó chomhaltaí an Údaráis agus beirt ainmnithe ó Fheidhmeannas Údarás Craolacháin na hÉireann.

Léiríonn an tábla thíos ballraíocht an Choiste agus tinreamh do 2022.

Comhalta	Cruinnithe 2022
An tOllamh Kevin Rafter (Cathaoirleach)	7/7
Eileen Maher, Uasal	7/7
An tUasal Nigel Heneghan	6/7
Orlaith Carmody, Uasal	6/7
An tOllamh Emeritus Maeve McDonagh	5/7
Mary Curtis, Uasal	0/7
Stephanie Comey, Uasal	5/7
An tUasal Andrew Robinson	6/7

Cuireadh deireadh le téarmaí oifige an Ollaimh Kevin Rafter agus Orlaith Carmody an 19 Eanáir 2023. Cuireadh deireadh le téarmaí oifige Eileen Maher agus an Uasail Nigel Heneghan an 16 Feabhra 2023. Níor tháinig an Coiste Comhlíontachta le chéile in 2023 sular ndearnadh gan chóram é an 16 Feabhra 2023.

De réir a bhfeidhmeanna reachtúla, áiríodh na gníomhaíochtaí seo a leanas ar na Coistí Comhlíontachta:

- Cinneadh a dhéanamh ar ghearáin a rinne comhaltaí den phobal maidir le comhlíonadh craoltóireachta do chóid agus do chaighdeáin chraoltóireachta;
- Feidhmíocht chraoltóireachta a athbhreithniú ag géilleadh do dhualgais reachtúla agus oibleagáidí conartha ag tacú le gníomhaíocht cheadúnaithe Údarás Craolacháin na hÉireann;
- Tuairisciú ar chomhlíonadh craoltóirí teilifíse lena n-oibleagáidí faoi Rialacha Rochtana Údarás Craolacháin na hÉireann; agus
- Tuairisciú ar chomhlíonadh craoltóirí teilifíse lena n-oibleagáidí íoschéatadán d'oibreacha Eorpacha agus d'oibreacha Eorpacha neamhspleácha a chraoladh.

# Coiste Um Bhronnadh Conartha

Chuir an Coiste um Bhronnadh Conartha próisis iarratais cheadúnais i bhfeidhm chun seirbhís craoltóireachta a chur i bhfeidhm. Bhí ochtar comhaltaí ar an gCoiste; ceathrar díobh a cheap an Rialtas ar ainmniúchán an Aire, agus cheap an tÚdarás an ceathrar eile, ina raibh beirt ainmnithe ó chomhaltaí an Údaráis agus beirt ainmnithe ó Fheidhmeannas Údarás Craolacháin na hÉireann.

Léiríonn an tábla thíos comhaltas an Choiste agus tinreamh cruinnithe ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 14 Márta 2023.

Comhalta	Cruinnithe 2022	Cruinnithe 2023
An tUasal Ercus Stewart (Cathaoirleach)	11/11	03/03
An tUasal John Hogan	09/11	03/03
Clodagh O'Donnell, Uasal	10/11	03/03
Helen Shaw, Uasal	09/11	03/03
An tUasal Seán Ó Mórdha *	07/10	-
An Dr Rosemary Day*	07/10	-
Clare Diamond, Uasal**	10/11	-
An tUasal Declan McLoughlin	09/11	03/03
Anne Louise O'Donovan, Uasal**	-	02/03

\* Cuireadh deireadh leis an Téarma Oifige Samhain 2022

\*\* Cuireadh deireadh leis an Téarma Oifige Nollaig 2022. Ina háit, d'ainmnigh an tÚdarás Anne Louise O'Donovan, Uasal, mar chomhalta Fheidhmeannas Údarás Craolacháin na hÉireann den Choiste um Bhronnadh Conartha

Ar na príomhghníomhaíochtaí den Choiste um Bhronnadh Conartha le linn na tréimhse athbhreithnithe bhí:

- Pleananna ceadúnais a chur i bhfeidhm do theilifís tráchtála agus phobail agus seirbhísí raidió arna threorú ag an Údarás;
- Iarratais a mheas do chonarthaí soláthair ábhair; agus
- Iarratais a mheas do chonarthaí sealadacha, institiúideacha agus píolótacha pobail fuaime craoltóireachta.

# Coiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca

Bunaíodh an Coiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca mar bhuanchoiste den Údarás. Ar a dhualgais agus freagrachtaí bhí córais rialaithe inmheánacha, iniúchadh inmheánach agus seachtrach, bainistíocht riosca agus rialú airgeadais. Ar bhallaíocht an Choiste bhí triúr comhaltaí den Údarás agus comhalta neamhspleách, neamh-fheidhmeannach.

Léiríonn an tábla thíos comhaltas an Choiste agus tinreamh cruinnithe ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 14 Márta 2023.

Comhalta	Cruinnithe 2022	Cruinnithe 2023
Vivien McKechnie, Uasal (Cathaoirleach)	5/5	1/1
An tUasal Denis Wolinski	5/5	1/1
An tUasal Dermot O’Riordan (Neamhspleách Neamh-fheidhmeannach)	5/5	1/1
Grace Smith, Uasal	5/5	-

Ó cuireadh deireadh le téarma oifige Grace Smith ar an Údarás an 1ú Nollaig 2022, cuireadh deireadh lena téarma oifige ar an gCoiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca freisin ar an dáta sin.

Rinne an Coiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca réimse gníomhaíochtaí le linn na tréimhse athbhreithnithe, lena n-áirítear:

- Maoirseacht a dhéanamh ar an gcóras rialaithe inmheánacha, lena n-áirítear ráitis airgeadais, iniúchadh seachtrach agus inmheánach Údarás Craolacháin na hÉireann agus an Chiste Craolacháin;
- Idirchaidrimh a dhéanamh le hOifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus le hIniúcháirí Inmheánacha;
- Tuarascálacha Iniúchta Inmheánacha a Mheas; agus
- Gníomhaíochtaí Bainistíocht Riosca lena n-áirítear maoirseacht ar Chlár Riosca Corparáideach Údarás Craolacháin na hÉireann.

# Foireann Fheidhmeannach Údarás Craolacháin Na hÉireann

Thug an Fhoireann Fheidhmeannach tacaíocht d'obair an Údaráis, a bhuanchoiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca agus na Coistí Comhlíontachta agus um Bhronnadh Conartha reachtúla.

Fuair obair Údarás Craolacháin na hÉireann treoir ó Oifig an Príomhoifigigh Fheidhmiúcháin, ina raibh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus beirt Leas-Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin. Fuair an Oifig tacaíocht ó Stiúrthóir Sinsearach agus ó fhoireann de bhainisteoirí sinsearacha a rinne, i gcomhar le hOifig an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, maoirseacht ar straitéis agus pleanáil don eagraíocht ina iomláine a chur i bhfeidhm. D'fheidhmigh Údarás Craolacháin na hÉireann struchtúr mairtise inar oibrigh an fhoireann go solúbtha ar fud gach réimse gníomhaíochta de réir riachtanais ghnó.

Ar an 13 Feabhra 2023, cheap an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Catherine Martin, TD, Cathaoirleach Feidhmiúcháin ar Choimisiún na Meán, an Coimisinéir ar Fhorbairt na Meán agus an Coimisinéir Sábháilteachta ar líne ar Údarás Craolacháin na hÉireann go heatramhach, tar éis bhunú foirmiúil Choimisiún na Meán ar an 15 Márta 2023.

Tá liosta de gach ball foirne a d'fhostaigh Údarás Craolacháin na hÉireann ar an 14 Márta 2023 leagtha amach anseo thíos:

## Coimisinéirí ar Choimisiún na Meán (ceaptha ar feitheamh le bunú an Choimisiúin):

**Cathaoirleach Feidhmiúcháin Choimisiún na Meán:** Jeremy Godfrey

**An Coimisinéir ar Fhorbairt na Meán:** Rónán Ó Domhnaill

**An Coimisinéir Sábháilteachta ar Líne:** Niamh Hodnett

## Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh, Údarás Craolacháin na hÉireann:

**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin:** Celene Craig

**Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin:** Stephanie Comey

**Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin:** Clare Diamond

## Príomhoifigigh:

Ciaran Kissane\*, Anne O'Brien agus Anne Louise O'Donovan.

## Bainisteoirí Sinsearacha:

Liam Boyle, Elizabeth Farrelly, Brian Furey, Patrick Goodliffe, Sally Kennedy, Declan McLoughlin, Louise McLoughlin, Neil O'Brien agus Andrew Robinson.

## Bainisteoirí:

Deborah Molloy Bergin, Gillian Collins, Philip Cooper, Laura Forsythe, Sarah Herron\*\*, Teresa Kearns, Sara McNamara, Fionnuala Murphy agus Roger Woods.

## Oifigigh Feidhmiúcháin:

Jill Caulfield, Colm Coyne, Lucy Cuddihy, Jennifer Gilsean, Caroline Keville, Martina Mimmagh, Aoife Molloy, Kevin Morgan, Marie Murphy, Sinéad Owens, Annette Stone agus Deborah Wade.

## Oifigigh Chléireachais:


Barry Casey, Ita Fitzmahony, Katelin Fleming agus Jessica Scott.

\* Ar iasacht ón 6ú Márta 2023


\*\* Ar Sos Gairme

# Ráiteas Straitéise Údarás Craolacháin na hÉireann 2021-2023


Le linn na tréimhse athbhreithnithe seo, lean an tÚdarás le dul chun cinn a dhéanamh ar a chuspóirí straitéiseacha a chur i bhfeidhm de réir a Ráitis Straitéise 2021-2023, ar chúig théama straitéiseacha uileghabhálacha agus cúig chuspóir déag ar ardleibhéal. Tá an tuarascáil bhliantúil seo ar ghníomhaíochtaí don tréimhse seo leagtha amach de réir na dtéamaí, na gculpóirí agus na dtorthaí a bhaineann leo. Tá na cúig théama chomh tábhachtach céanna agus díreann iad ar fhís straitéiseach an Údaráis a bhaint amach, rud a fhorálann do “Tírdhreach na meán in Éirinn ina léirítear agus lena múnlaítear an cineál daoine atá ionainn.”







Téama Straitéiseach 1:  
**Éagsúlacht agus  
Iolracht a Chur  
chun cinn**



Cuspóir Straitéiseach	Toradh
1. Éascaíocht a dhéanamh do mheascán de ghuthanna, de tuairimí agus d'fhoinsí nuachta agus cúrsaí sna meáin fuaime agus closamhairc a fheabhsaíonn an díospóireacht dhaonlathach agus an tsaoránacht ghníomhach in Éirinn.	Tá an meascán guthanna, tuairimí agus foinsí nuachta agus cúrsaí reatha atá ar fáil do lucht féachana láidir agus tá muinín in iriseoireacht coimeádta agus seasta.
2. Méadú a dhéanamh ar tháirgeadh, infhaighteacht agus suntasacht ábhair iomchuí fuaime agus closamhairc do lucht féachana agus éisteachta uile na hÉireann.	Tá méadú tagtha ar an réimse agus ar na foinsí clos-ábhair agus ábhar closamhairc, lena n-áirítear ábhar i nGaeilge, atá ar fáil do lucht féachana.
3. Tírdhreach meán a chothú a léiríonn agus a bhfuil teacht ag, éagsúlacht shochaí na hÉireann air.	Tá na ciosmheáin agus na meáin chlosamhairc níos éagsúla in ábhar, i ndaoine a ghlacann páirt chun é a dhéanamh agus an cur i láthair ar an aer.
4. Cláir ar ardchaighdeán a chothú agus a chur chun cinn i nGaeilge.	Tá ábhar ar ardchaighdeán i nGaeilge, lena n-áirítear nuacht agus cúrsaí reatha agus ábhar do lucht féachana óg ar fáil ar na meáin éagsúla.

Thug Údarás Craolacháin na hÉireann faoi líon gníomhaíochtaí chun tacú leis an méid sin thuas. Ba iad na buaicphointí in 2022/23 ná:

## (A) Iolracht sna Meáin

### Réamhrá

Bhí Iolracht ar cheann de na príomhthéamaí de Ráiteas Straitéise Údarás Craolacháin na hÉireann agus lorg Údarás Craolacháin na hÉireann lena chinntiú go raibh Iolracht i bhfoinsí na meán in Éirinn lena raibh meascán guthanna agus tuairimí don lucht féachana. Tá Iolracht sna Meáin in Éirinn mar bhonn faoi reachtaíocht go príomha tríd an Acht Craoltóireachta 2009 agus fuair sé tacaíocht trí Bheartas Iolracha Údarás Craolacháin na hÉireann (2019) agus a Bheartas Úinéireachta agus Smachta (2019). Le linn na tréimhse athbhreithnithe, thug Údarás Craolacháin na hÉireann faoi réimse leathan gníomhaíochtaí a chuir díospóireachtaí chun cinn agus a chuir cruth ar Iolracht sna meáin in Éirinn agus tá siad leagtha amach anseo thíos.

### Bunachar Sonraí Úinéireacht na Meán

Lean Údarás Craolacháin na hÉireann ag cur maoiniú ar fáil do bhunachar sonraí Úinéireacht na Meán. Cuireann an bunachar sonraí, acmhainn ar líne, eolas ar fáil faoi úinéireacht, agus scairshealbh i gcomhlachtaí na meán Éireannach.

Cuireann sé bunachar sonraí struchtúrtha agus inchoardaithe ar fáil de ghnólachtaí na meán a dhéanann freastal ar lucht féachana na hÉireann, a úsáideann sainmhínithe i mBeartas Iolracht sna Meáin Údarás Craolacháin na hÉireann. Ba é Údarás Craolacháin na hÉireann a choimisiúnaigh an bunachar in 2020 agus is é **Scoil na Cumarsáide in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath** a rinne é a dhearadh agus a choimeád. Baineadh úsáid as eolas ar an suíomh gréasáin chun bonn eolais a chur faoi thuarascáil Údarás Craolacháin na hÉireann ar an tionchar atá ag athruithe úinéireachta meán ar iolrachas úinéireacht na meán sa Stát le linn na tréimhse 2018-2020.

## Gníomhaíocht Cheadúnaithe Údarás Craolacháin na hÉireann

Bhí gníomhaíochtaí cheadúnaithe Údarás Craolacháin na hÉireann, príomhthiománaí in iolracht sna meáin mar bhonn agus thaca ag Acht Craoltóireachta 2009 agus na cuspóirí atá leagtha amach i Straitéis Sheirbhísí Craoltóireachta Údarás Craolacháin na hÉireann. Bhí sé mar aidhm ag Údarás Craolacháin na hÉireann a chinntiú go raibh líon agus catagóirí na seirbhísí craoltóireachta sa Stát ag freastal ar riachtanais mhuintir oileán na hÉireann, nuair a chuirtear a dteangacha, a dtraidisiúin, a n-éagsúlacht reiligiúnacha, eiticiúil, agus chultúrtha san áireamh.


Rinne Údarás Craolacháin na hÉireann réimse gníomhaíochtaí cheadúnaithe le linn na tréimhse athbhreithnithe: an 1 Eanáir 2022 - an 14 Márta 2023. Tá na gníomhaíochtaí leagtha amach anseo thíos.

## Gníomhaíochtaí Cheadúnaithe Raidió agus Teilifíse Tráchtála

### Raidió

In 2022, chuir an Coiste um Bhronnadh Conartha Údarás Craolacháin na hÉireann (“an Coiste”) tús le Plean Cheadúnaithe Raidió Tráchtála 2022 a chur i bhfeidhm. Bhain an plean seo le ceithre stáisiún raidió déag (14) áitiúil tráchtála a cheadúnú le conarthaí craoltóireachta fuaimne le dul in éag in 2023 agus go luath in 2024. Chuir an Coiste fáilte roimh Léirithe Spéise do na seirbhísí lena mbaineann, tar éis próiseas cheadúnaithe mear a chuir tús le halt 67 d’Acht Craoltóireachta 2009.

Cuireadh moltaí meara ó na seirbhísí craoltóireachta sa Phlean isteach i mí Eanáir agus i mí Feabhra 2023, agus cuireadh measúnuithe de thrí cinn díobh seo i gcrích ag an dáta lánscor an 14 Márta 2023. Tá sonraí a bhaineann le Plean Cheadúnaithe Raidió Tráchtála 2022 leagtha amach sa tábla thíos.



<b>Réimse saincheadúnais</b>	<b>Cineál Seirbhíse</b>	<b>Conraitheoir Reatha</b>	<b>Ainm Stáisiúin</b>	<b>Dáta Éaga Ceadúnais</b>
Contae Mhaigh Eo	Formáid Leathan Áitiúil	County Mayo Radio Ltd	Midwest Radio	23/07/2023
Contae na Gaillimhe	Formáid Leathan Áitiúil	Western Community Broadcasting Services Ltd	Galway Bay FM	17/08/2023
An Lú agus An Mhí	Formáid Leathan Áitiúil	The Independent Broadcasting Corporation Ltd	LMFM	27/08/2023
Cathair agus Contae Phort Láirge	Formáid Leathan Áitiúil	South East Broadcasting Company Ltd	WLR FM	07/09/2023
Contae an Chláir	Formáid Leathan Áitiúil	Clare Community Radio Holdings Plc	Clare FM	09/09/2023
Contae Loch Garman	Formáid Leathan Áitiúil	SERB Radio Ltd	South East Radio	15/10/2023
An Cabhán agus Muineachán	Formáid Leathan Áitiúil	Midland Radio	Northern Sound <sup>1</sup>	16/10/2023
An Longfort, Ros Comáin agus Liatroim Theas	Formáid Leathan Áitiúil	Midland Radio Group Ltd	Shannon-side	16/10/2023
Contae Chill Mhantáin	Formáid Leathan Áitiúil	East Cost Radio Ltd	East Coast FM	25/10/2023
Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath	Seirbhís dírithe ar cheol do dhaoine óga (15-34 bliain d'aois)	Capital Radio Productions Ltd	FM104	30/10/2023
Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath	Ceol dírithe (25-44 bliain d'aois)	Bauer Audio Ireland Limited, comhpháirtí ginearálta le Bauer Media Audio Ireland LP	98FM	31/10/2023

<sup>1</sup> Tá Northern Sound agus Shannonside ag feidhmiú faoin gconradh craoltóireachta fuaime céanna.

Réimse saincheadúnais	Cineál Seirbhíse	Conraitheoir Reatha	Ainm Stáisiúin	Dáta Éaga Ceadúnais
Contae Thiobraid Árann	Formáid Leathan Áitiúil	Contae Thiobraid Árann Radio Ltd	Tipp FM	19/11/2023
Cathair agus Contae Chorcaí	Seirbhís dírithe ar cheol do dhaoine óga (15-34 bliain d'aois)	Siteridge Limited <sup>2</sup>	Red FM	15/01/2024
Contae Chill Dara	Formáid Leathan Áitiúil	County Kildare FM Radio Ltd	KFM	16/01/2024

I Nollaig 2022, d'fhaomh an tÚdarás Plean Ceadúnaithe Raidió Tráchtála 2023, ina raibh deich seirbhís craoltóireachta fuaimne le conarthaí le dul in éag le linn 2024. Tá sonraí den Phlean seo leagtha amach anseo thíos:

Réimse saincheadúnais	Cineál Seirbhíse	Conraitheoir Reatha	Ainm Stáisiúin	Dáta Éaga Ceadúnais
Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath	Seirbhís dírithe ar cheol do dhaoine óga (15-34 bliain d'aois)	Bauer Audio Ireland Limited, comhpháirtí ginearálta le Bauer Media Audio Ireland LPP	Spin 103.8	5/04/2024
Contae Chill Chainnigh agus Contae Cheatharlach	Formáid Leathan Áitiúil	CK Broadcasting Limited	KCLR	21/04/2024
Contae Chiarraí	Formáid Leathan Áitiúil	Raidió Chiarraí Teoranta Limited	Radio Kerry	9/07/2024

<sup>2</sup> Is le gairid a shealbhaigh an Grúpa Bauer Media an tseirbhís Red FM. Rinne Údarás Craolacháin na hÉireann an sealbhú a mheas agus a cheadú i Samhain 2022.

Réimse saincheadúnais	Cineál Seirbhíse	Conraitheoir Reatha	Ainm Stáisiúin	Dáta Éaga Ceadúnais
Réigiún an Oirdheiscirt - Cathair & Contae Phort Láirge, Tiobraid Árann Theas, Contae Cheatharlach, Contae Chill Chainnigh agus Loch Garman	Seirbhís tiomanta ar cheol don aoisghrúpa 15-34 bliain d'aois	WKW FM Limited	Beat FM	30/09/2024
Tuaisceart Dhún na nGall	Formáid leathan áitiúil	Donegal Highland Radio Limited	Highland Radio	30/09/2024
Contae Laoise, Uíbh Fhailí agus na hIarmhí	Formáid leathan áitiúil	Midlands Community Radio Services Limited	Midlands 103	30/09/2024
Sligeach/Liatroim Thuaidh/ Deisceart Dhún na nGall	Formáid leathan áitiúil	North West Broadcasting Limited	Ocean FM	30/09/2024
Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath	Seirbhísí bunaithe ar an gCeol Sainréimse - récheol	Star Broadcasting Limited	Sunshine	30/09/2024
Cathair agus Contae Chorcaí	Seirbhís áitiúil tiomanta ar cheol don aoisghrúpa 25-44 bliain d'aois	County Media Limited	Cork's 96 FM	31/10/2024
Cathair agus Contae Chorcaí	Formáid leathan áitiúil	County Media Limited	C103	31/10/2024

## Teilifís

Ar an 5 Deireadh Fómhair 2022, chuir Údarás Craolacháin na hÉireann fáilte roimh iarratais chun seirbhís Conartha Clársceidealaithe Teilifíse saorchraolta náisiúnta, sa bhreis ar Alt 70 d'Acht Craoltóireachta 2009.

Fuarthas iarratas amháin ón gconraitheoir reatha, Virgin Media Television Limited. Tá Virgin Media Television ag oibriú na gcainéal Virgin Media One agus Two agus Virgin Media One + 1 faoina chonradh reatha Sheirbhís Clársceidealaithe Teilifíse, mar aon le Virgin Media Three, Four agus More faoi chonarthaí soláthair ábhair ar leith.

Tar éis do Choiste um Bhronnadh Conartha Údarás Craolacháin na hÉireann an próiseas measúnaithe a chur i gcrích, bronnadh an conradh ar Virgin Media Television Limited go teoiriciúil i Márta 2023 agus cuireadh tús le hidirbheartaíochtaí conartha. Táthar ag súil go mbeidh idirbheartaíochtaí conartha curtha i gcrích in 2023.

## Raidió Pobail

Lean Raidió Pobail le príomhról a ghlacadh chun iolracht ábhair agus guthanna do lucht féachana in Éirinn. Ar an dáta lánscoir, bhí 22 seirbhís craoltóireachta fuaimne pobail agus spéis phobail ceadúnaithe ag Údarás Craolacháin na hÉireann. Le linn na tréimhse athbhreithnithe, bhronn Údarás Craolacháin na hÉireann síntí ar na dátaí éaga don téarma conartha do líon seirbhísí dá leithéid chun oibriú éifeachtach agus éifeachtúil de na próisis idirbheartaíochta conartha agus ceadúnaithe ábhartha atá riachtanach do gach seirbhís a chinntiú. Bhronn Údarás Craolacháin na hÉireann conradh nua 10 mbliana, i bprionsabal, ar Athlone Community Radio.

## Raidió Sealadach

Sa bhreis ar Alt 68 d'Acht Craoltóireachta 2009, d'fhéadfadh Údarás Craolacháin na hÉireann conarthaí a dhéanamh le hiarratais chun seirbhísí craoltóireachta fuaimne a sholáthar a oibríonn ar feadh tréimhse ghearr ama. Ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 14 Márta 2023, rinne Údarás Craolacháin na hÉireann 25 conradh craoltóireachta fuaimne sealadach. Bhí deich gcinn díobh seo le haghaidh grúpaí pobail píolótacha nua nó bunaithe, ach bhí 15 díobh le haghaidh seirbhísí sealadacha de 30 lá nó níos lú. Tá an liosta de sheirbhísí ceadúnaithe mar seo a leanas:

Seirbhís Pobail Phíolótach	Seirbhís Shealadach (suas go 30 lá)
Cork City Community Radio	Family World Ltd t/a Family FM
Donegal Sounds (Owenea FM)	Creative Audio Productions Ltd
Bere Island Community Radio	MTU t/a Bang FM
Loughrea Community Radio (Seirbhís nua)	Easy Radio Ltd
Scariff Bay Community Radio	STL-SAT Ireland Ltd t/a Freedom FM
Kinvara FM	National Irish Language Theatre of Ireland (Amharclann Náisiúnta Gaeilge na hÉireann) (imeacht tiomáin isteach)
Finn Valley FM	Christmas FM

Seirbhís Pobail Phóilótach	Seirbhís Shealadach (suas go 30 lá)
Limerick City Community Radio	Choice Broadcasting Ltd – Classic Hits 80s
Ballina Community Radio	CETB – Juice FM
Erris FM	Blackrock College
	Raidió Rí-Rá
	Double R Media (imeacht tiomáin isteach)
	PBM Productions Ltd t/a Diffusion Events (imeacht tiomáin isteach)
	IRFU
	Heartbeat Services – Eden FM

## Conarthaí Soláthair Ábhair

De bhun alt 71 d’Acht 2009, bhí an chumhacht ag Údarás Craolacháin na hÉireann conradh soláthair ábhair a dhéanamh le hiarrthóir ar mian leis ábhar cláir a chur i dtoll a chéile chun críche é a chur san áireamh mar chuid d’ilphléacs, nó chun é a tharchur mar sheirbhís craoltóireachta sa Stát. Le linn tréimhse an athbhreithnithe seo, tar éis na hiarratais a ghlacadh, measúnú ag Coiste um Bhronnadh Conartha agus bronnadh na gconarthaí go teoiriciúil, chuir Údarás Craolacháin na hÉireann 19 gconradh ar leith i bhfeidhm le haghaidh réimse seirbhísí. Ar na seirbhísí bhí punann de sheirbhísí a chuir an Grúpa Discovery/Warner ar fáil, seirbhísí spóirt a d’oibrigh an Grúpa Setanta san Eoraip agus sna Filipíní, agus seirbhís Virgin Media Four do lucht féachana na hÉireann.

In 2022, chuir Údarás Craolacháin na hÉireann deireadh leis na seirbhísí conartha soláthair ábhair seo a leanas de chomhthoil: FreeSports, BoxNation, LaLiga TV agus QYOU TV.

## Éagsúlachtaí Conartha

Is cuid thábhachtach dár n-obair le blianta anuas é iarratais ar éagsúlachtaí conartha a phróiseáil ó chraoltóirí ar ar bhronn Údarás Craolacháin na hÉireann conarthaí craoltóireachta. Faightear iarratais ar athruithe sna socraithe oibríochtúla de chraoltóirí, agus le haghaidh athruithe i mbainistíocht, úinéireacht nó gealltanais chlársceidealaithe. Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, agus tar éis téarmaí conartha, gealltanais agus beartais ábhartha a mheas, phróiseáil agus d’fhaomh Údarás Craolacháin na hÉireann 47 iarratas ar éagsúlachtaí conartha. Bhain formhór díobh seo (34) le húinéireacht agus ábhair smachta cosúil le stiúrthóirí nua a cheapadh agus/nó athruithe scairshealbhóireachta. Bhain na hiarratais a bhí fágtha (11) le hábhair chlársceidealaithe, cosúil le coigeartuithe ar uaireanta craoltóireachta, ceol agus athruithe ar chlársceidealú nuachta. Tá samplaí de roinnt iarratas a measadh leagtha amach anseo thíos.



- Fógraíocht scar-rogha agus clársceidealú scar-rogha a thabhairt isteach ag an tseirbhís ceoil ilchathrach Classic Hits;
- Sealbhú an Ghrúpa Bauer Media ar an tseirbhís Red FM;
- Maolú ón nuacht reachtúil agus na riachtanais chúrsaí reatha (20%) ó sheirbhís ceoil Bhaile Átha Cliath FM104, agus a éascaíonn gealltanais stáisiúin 15% go nuacht agus cúrsaí reatha le linn lá iomlán craoltóireachta; agus
- Ceapachán Príomhoifigeach Feidhmiúcháin nua don tseirbhís san fhormáid leathan áitiúil, Galway Bay FM.

## Tuarascáil Nuachta Digití Reuters

I mí an Mheithimh 2022, d'fhoilsigh Údarás Craolacháin na hÉireann an t-ochtú eagrán de Thuarascáil Nuachta Digití d'Éirinn i gcomhar lena pháirtí acadúil, **Institiúid um Mheán agus Iriseoireacht don Todhchaí (FuJO)** ag OCBÁC. Chuir taighdeoirí ó FuJO an tuarascáil i dtoll a chéile a rinne sonraí a anailísiú ó staidéar Nuachta Digití Domhanda Reuters agus thug Údarás Craolacháin na hÉireann maoiniú le go mbeadh Éire san áireamh sa tuarascáil dhomhanda arís. Tá sé mar aidhm ag an Staidéar Reuters an chaoi a n-úsáideann lucht féachana domhanda nuacht agus áirítear sa tuarascáil Éireannach anailís ar threochtaí na hÉireann agus go hidirnáisiúnta ó bhliain go bliain.

D'aimsigh tuarascáil 2022 go raibh an fón cliste mar an chéad rogha nuachta ar maidin in Éirinn le 35% de fhreagróirí ag tagairt dó mar ghléas 'téigh go dtí' chun nuacht a fháil. Ba rogha a raibh tóir air ná an raidió, áfach, agus deir 31% de thomhaltóirí nuachta in Éirinn go bhfaigheann siad a chéad mhír nuachta den lá ar an raidió, uimhir níos airde ná iad siúd sa Ríocht Aontaithe (17%) ná san Aontas Eorpach ina bhfuil meán de 19%. Léirigh príomhthorthaí eile go bhfuil leibhéil de mhuinín an phobail sa nuacht ar leibhéal ard, ach fanann mórán tomhaltóirí Éireannacha imníoch faoi 'bhréagnuacht' / mífhaisnéis.

Thug Údarás Craolacháin na hÉireann as féin tacaíocht d'anailís bhreise de na sonraí Nuachta Digití Reuters a raibh dhá thuarascáil Éagsúlachta ar leith mar thoradh air a rinne scrúdú ar úsáid agus inscne nuachta, mar aon le húsáid nuachta agus grúpaí imircigh in Éirinn. Tá béim leagtha ar níos mó sonraí de na tuarascálacha sa roinn Éagsúlachta den Tuarascáil Bhliantúil seo.

## Tuarascáil Riail an Dlí de chuid an AE 2022

Don tríú bliain, chuir Údarás Craolacháin na hÉireann eolas ar fáil do Thuarascáil Riail an Dlí de chuid an AE 2022 de chuid an Choimisiúin Eorpaigh. Tugann an tuarascáil tacaíocht do agus déanann sé monatóireacht ar riail an dlí ar fud Bhallstáit an AE agus oibríonn siad ar thimthriall bliantúil chun scrúdú a dhéanamh ar fhadhbanna dlí lena n-áirítear Iolracht agus Saoirse na Meán. Fuair Údarás Craolacháin na hÉireann comhairle maidir leis seo ó 2020. Bhí tuarascáil 2022 dearfach go ginearálta arís faoi Iolracht agus Saoirse na Meán agus thug siad roinnt buaicphointí faoi deara lena n-áirítear na céimeanna a ghlac Éire chun an t-ualach airgeadais a mhaolú ar ionaid na meán mar gheall ar an bpaindéim agus rinneadh tagairt do €4.9m breise a leithdháileadh tríd an Scéim Fuaime agus Físe de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann le haghaidh babhtáí maoinithe Covid-19.

# (B) Fáil ar ábhar closamhairc a mhéadú

## Scéimeanna Maoinithe Craolacháin

Tá sé mar aidhm ag an gCiste Craolacháin rochtain an phobail a mhéadú ar chláir theilifíse agus raidió ar ardchaighdeán i mBéarla agus i nGaeilge agus maoiniú a chur ar fáil chun ábhar cláir a chartlannú a dhéantar do chraolachán, a chaomhnaíonn taifead stairiúil ar chultúr, oidhreacht, agus taithí na hÉireann. Faigheann an Ciste Craolacháin maoiniú trí 7% de ghlan-admhálacha bliantúla ó tháillí ceadúnais teilifíse.

Is iad na scéimeanna deontais atá ag oibriú faoin gciste ná **Fuaim & Fís 4**, a thacaíonn le maoiniú an chláir agus bearta cúntacha agus **Scéim Cartlannaithe 2**, a chuireann maoiniú ar fáil chun cultúr cartlannaithe a fhorbairt in earnáil craoltóireachta na hÉireann a chuireann le hoidhreacht agus le taithí craoltóireachta na hÉireann a chaomhnú.

Bhí an Ciste Craoltóireacht ríthábhachtach chun dul chun cinn a dhéanamh ar go leor príomhchuspóirí de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann. Cé go méadaíonn siad inrochtaineacht agus feiceálacht ábhar closamhairc agus fuaime Gaeilge agus ábhar atá ábhartha go cultúrtha, tacaíonn na scéimeanna le feabhas a chur ar chruthaitheacht agus nuálaíocht agus níos mó inbhuanaitheachta laistigh de na hearnálacha craoltóireachta agus táirgeachta neamhspleácha.

## Fuaim & Fís 4

Cé go n-ullmhaítear ráitis airgeadais Chiste Craoltóireachta do gach bliain féilire, tá nuashonrú Fuaim & Fís 4 curtha ar fáil thíos don tréimhse 1 Eanáir 2022 - an 14 Márta 2023.

### Gníomhaíochtaí 2022

In 2022, d'fhógair Údarás Craolacháin na hÉireann torthaí ar chúig (5) bhabhta maoinithe a d'oibrigh an Scéim. Rinneadh measúnú ar 360 iarratas ar fad ag painéil mheasúnaithe a lorg maoiniú iomlán de €47m. Ag deireadh na bliana, thug an Scéim maoiniú de €21.1m ar fad go 182 tionscadal. Léiríodh méadú de €4.8 milliún i gcomparáid le 2021.

Babhta	Líon na nIarratas Rathúla	Maoiniú Curtha ar fáil
Babhta 42 - Babhta Oscailte	74	€6,371,130
Babhta 43 - Babhta Oscailte	58	€6,007,793
Babhta 44 - Athrú Aeráide & Gníomhú ar son na hAeráide	25	€4,845,520
Babhta 45 - Earnáil an Cheoil in Éirinn	10	€1,960,548
Babhta 46 - An Ghaeilge	15	€1,979,916
<b>Móriomlán</b>	<b>182</b>	<b>€21,164,907</b>

#### **Babhta 42 – Babhta Maoinithe Oscailte le hiomlán na ndeontas maoinithe de c.€6.4m.**

Chuir an babhta seo maoiniú ar fáil chun tacú le 74 tionscadal raidió agus teilifíse a dhéanamh.

#### **Babhta 43 - Babhta Maoinithe Oscailte le hiomlán na ndeontas maoinithe de c.6m**

Chuir an babhta seo maoiniú ar fáil chun tacú le 58 tionscadal raidió agus teilifíse a dhéanamh.

#### **Babhta 44 - Babhta dírithe ar mhaoiniú chláir a phléann le Gníomhú ar son na hAeráide agus Athrú Aeráide le hiomlán na ndeontas maoinithe de c.€5m.**

Bhí an babhta seo deartha chun tacú le craoltóirí agus déantóirí cláir ar fud na tíre chun ábhar a dhéanamh agus a chraoladh a ardaíonn feachtas ar athrú aeráide agus a chuireann gníomhú agus athrú iompraíochta chun cinn chun troid ina choinne. Bhí an babhta cómhaoinithe ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, agus chuir siad le gealltanais rialtais mar chuid de Phlean Gníomhú Aeráide 2021. Cuireadh maoiniú ar fáil chun 25 tionscadal raidió agus teilifíse a dhéanamh.

#### **Babhta 45 - Babhta dírithe chun cláir a mhaoiniú a thacaíonn le hEarnáil an Cheoil in Éirinn le hiomlán na ndeontas maoinithe de c.€2m.**

Bhí an babhta seo, a oibríodh ar iarratas ó Catherine Martin, TD, an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, go sonracha le haghaidh tionscadail a thacaíonn le cláir raidió agus teilifíse nua a fhorbairt chun tacú le hearnáil an cheoil bheo in Éirinn. Theastaigh ón mbabhta seo iarratais a léiriú de chothromaíocht inscne de ar a laghad 50% sna róil cheannaireachta i measc taibheoirí agus laistigh den fhoireann léirithe chruthaitheach. Cuireadh maoiniú ar fáil chun 10 dtionscadal ar fad a dhéanamh.

#### **Babhta 46 - Babhta dírithe chun cláir a mhaoiniú i nGaeilge le maoiniú iomlán de c.€2m.**

Bhí an babhta seo, a oibríodh ar iarratas ó Catherine Martin, TD, an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, go sonracha le haghaidh tionscadail a thacaíonn le cláir raidió agus teilifíse nua a fhorbairt i nGaeilge.

Theastaigh ón mbabhta seo iarratais a léiriú de chothromaíocht inscne de ar a laghad 50% sna ról cheannaireachta i measc taibheoirí agus laistigh den fhoireann léirithe chruthaitheach. Cuireadh maoiniú ar fáil chun 15 thionscadal ar fad a dhéanamh.

Is príomhghné é éagsúlacht sa lucht féachana chun an próiseas measúnaithe d'iarratais don Scéim, agus léirítear seo sa réimse clár atá maoinithe ar fud lucht féachana le linn na tréimhse athbhreithnithe. Tugann Fuaim & Fís 4 tacaíocht do réimse leathan clársceidealaithe a dhéanann freastal ar lucht féachana éagsúil ar fud na craoltóireachta teilifíse agus raidió

### Briseadh síos ar Raidió/Teilifís, Cineál Craoltóra, Lucht Éisteachta/Féachana agus Teanga an Chláir 2022

Meán	Líon na nIarratas Rathúla	Maoiniú Curtha ar fáil	% den Fhoriomlán
Raidió	109	€2,359,817	11.1%
Teilifís	73	€18,805,090	88.9%
<b>Móriomlán</b>	<b>182</b>	<b>€21,164,907</b>	<b>100.0%</b>

Cineál Craoltóra	Líon na nIarratas Rathúla	Maoiniú Curtha ar fáil	% den Fhoriomlán
Tráchtáil	70	€6,612,268	31.2%
Pobal	25	€448,965	2.1%
Craoltóireacht Seirbhíse Poiblí	87	€14,103,674	66.6%
<b>Móriomlán</b>	<b>182</b>	<b>€21,164,907</b>	<b>100.0%</b>

Lucht Éisteachta/Féachana	Líon na nIarratas Rathúla	Maoiniú Curtha ar fáil	% den Fhoriomlán
<15	21	€3,762,657	17.8%
15-34	8	€2,412,469	11.4%
35-54	14	€1,296,875	6.1%
Daoine fásta ar fad	102	€10,398,337	49.1%
Teaghlach	37	€3,294,569	15.6%
<b>Móriomlán</b>	<b>182</b>	<b>€21,164,907</b>	<b>100.0%</b>

Formáid an Tionscadail	Líon na nIarratas Rathúla	Maoiniú Curtha ar fáil	% den Fhoriomlán
Beochan	6	€1,902,177	9.0%
Clár Faisnéise	103	€7,983,704	37.7%
Drámaíocht	25	€3,930,330	18.6%
Oideachas	11	€1,324,464	6.3%
Siamsaíocht	37	€6,024,232	28.5%
<b>Móriomlán</b>	<b>182</b>	<b>€21,164,907</b>	<b>100.0%</b>

Seánra an Tionscadail	Líon na nIarratas Rathúla	Maoiniú Curtha ar fáil	% den Fhoriomlán
Ealaíona/Cultúr	49	€4,135,301	19.54%
Clár do Leanaí	19	€3,379,233	15.97%
Sochaí Chomhaimseartha	50	€7,385,133	34.89%
Stair/Oidhreacht	37	€1,850,958	8.75%
Eolaíocht/Dúlra/ Comhshaol	27	€4,414,282	20.86%
<b>Móriomlán</b>	<b>182</b>	<b>€21,164,907</b>	<b>100.0%</b>

Teanga an Tionscadail	Líon na nIarratas Rathúla	Maoiniú Curtha ar fáil	% den Fhoriomlán
Dáttheangach	19	€3,113,560	14.71%
Béarla	131	€13,844,294	65.41%
Gaeilge	32	€4,207,053	19.88%
<b>Móriomlán</b>	<b>182</b>	<b>€21,164,907</b>	<b>100.0%</b>

## Gníomhaíochtaí 2023

D'fhógair Údarás Craolacháin na hÉireann dhá bhabhta bhreise den Scéim go deireanach in 2022. Tá sonraí díobh anseo thíos.

### **Babhta 47 - Babhta Maoinithe Oscailte le hiomlán na ndéontas maoinithe de c.7.29m.**

Chuir an babhta seo maoiniú ar fáil chun tacú le 67 tionscadal raidió agus 29 tionscadal teilifíse a dhéanamh.

### **Babhta 48 - Babhta maoinithe dírithe chun tacú le gníomhaíochtaí leasa shóisialaigh.**

Bhí an babhta seo oscailte don earnáil raidió pobail, agus den chéad uair, an earnáil teilifíse pobail. Bronnadh c.€654 míle ar fad ar 17 dtionscadal sa bhabhta seo.

## Athbhreithniú ar an Scéim

Ba é cleachtadh Údarás Craolacháin na hÉireann oibríocht, éifeachtacht agus tionchar a scéimeanna maoinithe a athbhreithniú de réir alt 158 d'Acht Craolacháin 2009.

In 2022, cheap Údarás Craolacháin na hÉireann Oliver & Ohlbaum Associates chun athbhreithniú reachtúil a dhéanamh ar Fhuaim & Fís 4. Ar a gcuid oibre bhí athbhreithniú ar shonraí Údarás Craolacháin na hÉireann, taighde tánaisteach, suirbhé tomhaltóra saincheaptha, suirbhé ar líne de tháirgeoirí, agus agallaimh le páirtithe leasmhara. Beidh an t-athbhreithniú ina chuidiú mór chun breithniúcháin Choimisiún na Meán a chur ar an eolas maidir le haon scéim/eanna maoinithe nua.

## Síneadh ar an Scéim

I Márta 2023, dhearbhaigh an tAire Catherine Martin, TD, an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán go mbeadh síneadh ar oibríocht Fuaim & Fís 4 do tréimhse 12 mhí go dtí an 31 Márta 2024.

Cuirfidh an síneadh seo cinnteacht agus leanúnachas maoinithe ar fáil don earnáil craoltóireachta, agus am a ligean do Choimisiún na Meán athbhreithniú ar an Scéim a chur i gcrích a chuirfeadh bonn eolais faoi Chiste nua na Meán a mhol Todhchaí Choimisiún na Meán.

## Scéim Cartlannaithe 2

Sheol Údarás Craolacháin na hÉireann an dara leagan den Scéim Cartlainne (“Scéim Cartlannaithe 2”) in 2018. Tá sé mar aidhm ag tionscnaimh chartlannaithe maoinithe traidisiún craoltóireachta na hÉireann a chaomhnú agus taifead ar chultúr, oidhrecht agus taithí na hÉireann a bhaint amach trí thacú le cultúr cartlannaithe in earnáil craoltóireachta na hÉireann a fhorbairt. Cuireadh athbhreithniú reachtúil ar an Scéim i gcrích in 2022 a rinne oibríocht, éifeachtacht agus tionchar na Scéime a mheas. Cuirfidh na torthaí agus na moltaí den athbhreithniú sin bonn eolais faoin bhforbairt den Scéim Cartlainne a bheas ag teacht ag Coimisiún na Meán.

## Níos mó ban a spreagadh i bpríomhróil chruthaitheacha

Sa tréimhse faoi athbhreithniú, lean Fuaim & Fís 4 ag cur cuspóir Údarás Craolacháin na hÉireann ar fáil chun níos mó ban a spreagadh le ceapadh i bpríomhróil chruthaitheacha i gcláir maoinithe ag an Scéim.


Chun tacú leis seo, bailíonn an Scéim sonraí ó na hiarratais mhaoinithe faoi mhná i ról ceannaireachta i léiriúcháin chlosamhairc agus áirítear na ról de Stiúrthóir, Léiritheoir, Scríbhneoir, Eagarthóir agus Stiúrthóir Grianghrafadóireachta. Ar dhá bhabhta den Scéim in 2022 theastaigh riachtanas iarratais a léiriú de chothromaíocht inscne de ar a laghad 50% sna ról ceannaireachta i measc taibheoirí agus laistigh den fhoireann léirithe chruthaitheach.

	Léiritheoir			Stiúrthóir			Scríbhneoir			Stiúrthóir Fótagrafaíochta			Eagarthóir		
	2020	2021	2022	2020	2021	2022	2020	2021	2022	2020	2021	2022	2020	2021	2022
<b>Baineann</b>	45	42	54	23	18	32	29	23	41	5	10	15	26	34	50
<b>Fireann</b>	14	9	19	34	32	38	20	13	10	36	28	43	18	12	11
<b>Iomlán bainteach</b>	<b>59</b>	<b>52</b>	<b>73</b>	<b>58</b>	<b>52</b>	<b>70</b>	<b>50</b>	<b>37</b>	<b>51</b>	<b>51</b>	<b>45</b>	<b>58</b>	<b>57</b>	<b>51</b>	<b>61</b>
<b>% de Mná i bPríomhról</b>	76%	81%	<b>74%</b>	40%	35%	<b>46%</b>	58%	62%	<b>80%</b>	10%	22%	<b>26%</b>	46%	67%	<b>82%</b>

Mar a léiríodh sa tábla thuas, seachas don ról Léiritheora in 2022, bhí méadú suntasach ar chéatadán na mban i príomhról chruthaitheacha in 2022 i gcomparáid le 2021 agus 2020. Ar an iomlán, léiríonn na sonraí a bailíodh go bhfuil cuspóir leanúnach Údarás Craolacháin na hÉireann chun níos mó ban a spreagadh a bheith éifeachtach i gcónaí, go háirithe sna príomhról de Scríbhneoir, Eagarthóir agus Stiúrthóir.

## Maoiniú ar an Ábhar Gaeilge

Bhí Scéim Fuaim & Fís 4 rithábhachtach chun ábhar Gaeilge ar ardchaighdeán a chur ar fáil do lucht féachana/éisteachta na hÉireann in 2022. Chuaigh thart ar 35% (€7.3m) den mhaoiniú a bhronn an tÚdarás in 2022 ar thionscadail Ghaeilge/Dháttheangacha a chuimsigh réimse leagan amach agus seánraí in ábhar raidió agus teilifíse, a d'fhreastail ar lucht féachana/éisteachta do dhaoine fásta agus daoine óga.



Formáid	Líon na nIarratas Rathúla	Maoiniú Curtha ar fáil	% den Fhoriomlán
Beochan	3	€1,080,000	14.75%
Clár Faisnéise	30	€3,189,975	43.58%
Drámaíocht	4	€891,909	12.18%
Oideachas	3	€570,531	7.79%
Siamsaíocht	11	€1,588,198	21.69%
<b>Móriomlán</b>	<b>51</b>	<b>€7,320,613</b>	<b>100.00%</b>

Seánra	Líon na nIarratas Rathúla	Maoiniú Curtha ar fáil	% den Fhoriomlán
Ealaíona/Cultúr	16	€1,891,312	25.84%
Clár do Leanaí	7	€1,672,097	22.84%
Sochaí Chomhaimseartha	11	€2,054,773	28.07%
Stair/Oidhreacht	11	€844,401	11.53%
Eolaíocht/Dúlra/ Comhshaol	6	€858,030	11.72%
<b>Móriomlán</b>	<b>51</b>	<b>€7,320,613</b>	<b>100.00%</b>

Lucht Féachana/ Éisteachta	Líon na nIarratas Rathúla	Maoiniú Curtha ar fáil	% den Fhoriomlán
<15	9	€1,803,930	24.64%
15-34	6	€1,946,469	26.59%
35-54	1	€5,498	0.08%
Daoine fásta ar fad	23	€1,991,970	27.21%
Teaghlach	12	€1,572,746	21.48%
<b>Móriomlán</b>	<b>51</b>	<b>€7,320,613</b>	<b>100.00%</b>



Cainéal	Líon na nIarratas Rathúla	Maoiniú Curtha ar fáil	% den Fhoriomlán
Athlone Community Radio	1	€15,000	0.20%
Clare FM	1	€5,498	0.08%
Connemara Community Radio	2	€25,296	0.35%
Galway Bay FM	1	€20,833	0.28%
IBI Stations	1	€111,000	1.52%
Radio Kerry	3	€ 24,321	0.33%
Raidió na Life	2	€12,374	0.17%
RTÉ Junior/Chill	1	€20,206	0.28%
RTÉ One	5	€889,540	12.15%
RTÉ Raidió na Gaeltachta	7	€314,454	4.30%
RTÉjr	2	€538,112	7.35%
TG4	21	€4,454,679	60.85%
Dráma teilifíse nó Beochan (craoltóir le deimhniú)	1	€345,000	4.71%
Virgin Media Two	1	€500,000	6.83%
WLR FM	2	€44,300	0.61%
<b>Móriomlán</b>	<b>51</b>	<b>€7,320,613</b>	<b>100.00%</b>

# (C) Éagsúlacht Shochaí na hÉireann sna Meáin Chraoltóireachta

## Réamhrá

Ba príomhról d'Údarás Craolacháin na hÉireann é ionadaíocht níos mó a mhéadú den éagsúlacht i sochaí na hÉireann i gCraoltóireacht na hÉireann. Le linn na tréimhse athbhreithnithe, thug Údarás Craolacháin na hÉireann faoi réimse leathan gníomhaíochtaí chun tacú leis an gcuspóir straitéiseach seo, lena n-áirítear taighde, tionscnaimh oiliúna, deiseanna maoinithe agus imeachtaí a fhéachann le tacú le hionadaíocht níos éagsúla i gCraoltóireacht na hÉireann. Tá achoimre ar na príomhghníomhaíochtaí leagtha amach anseo thíos.

## Plean Gníomhaithe Inscne Údarás Craolacháin na hÉireann lena n-áirítear Measúnú Páirtithe Leasmhara

I Márta 2023, d'fhoilsigh Údarás Craolacháin na hÉireann an t-athbhreithniú ar a Phlean Gníomhaithe Inscne. San athbhreithniú seo a tháinig in dhá chuid bhí Tuarascáil um Measúnú Páirtithe Leasmhara a thug na comhairleoirí taighde, CommSol faoi, a rinne rannpháirtíocht Údarás Craolacháin na hÉireann i dtaobh comhionannas inscne san earnáil closamhairc a mheas. Ar na torthaí den mheasúnú a foilsíodh ar dtús i Márta 2022, bhí réimse leathan d'aiseolas páirtithe leasmhara ar an bPlean Gníomhaithe Inscne agus ar éagsúlacht agus ar ionchuimsitheacht. Ar an iomlán, d'aimsigh CommSol gur chuir Údarás Craolacháin na hÉireann 'go dearfach agus go fíor chun na tionscnaimh inscne a fhorbairt san earnáil closamhairc'.

Mar aon leis an tuarascáil CommSol, bhí anailís inmheánach níos leithne den obair ar fad a chuir Údarás Craolacháin na hÉireann i gcrích ó foilsíodh an Plean san áireamh san athbhreithniú ar an bPlean Gníomhaithe Inscne. Chuir an anailís inmheánach seo béim, in éineacht le príomhpháirtithe tionscail, ar mhéid suntasach oibre a rinneadh faoi na ceithre philéar de Phlean Gníomhaithe Inscne Údarás Craolacháin na hÉireann: bailiú sonraí agus foilseachán, taighde ar ardchaighdeán a chur chun cinn, tionscnaimh inscne a fhorbairt agus cur le próisis chuntasachta. Áirítear an méid seo a leanas ar na príomhéachtaí:

- Maidir le bailiúchán sonraí inscne i ndáil le príomhróil chruthaitheacha in iarratais mhaoinithe do Scéim Fuaim & Fís Údarás Craolacháin na hÉireann, thug sé níos mó léargais don tábhacht a leagtar ar ionchuimsitheacht na mban a chinntiú san earnáil. Mar gheall ar bhailiúchán sonraí den chineál seo tá méadú tagtha ar líon na dtionscadal le mná i bpríomhróil chruthaitheacha a fhaigheann maoiniú faoin Scéim.
- Chuir tionscadail cosúil le sainbhábhta 'Scéalta Ban' de Fuaim & Fís in 2019 scéalta a athrú agus an dúshlán a thabhairt faoin status quo ar an aer agus ar an scáileán agus den aer agus den scáileán. Bhain tionscadail raidió le 70% díobh agus bhí 100% de thionscadail theilifíse maoinithe lena n-áirítear scéal ban amháin ar a laghad i ngach tionscadail.

- Eagraíodh tionscadail a fhaigheann tacaíocht ó Údarás Craolacháin na hÉireann, cosúil le X-Pollinator, chun dul i ngleic le heaspa éagsúlachta inscne i dtionscail scáileán na hÉireann.
- Chuir gníomhaíochtaí de Women on Air agus Women in Film and Television (WIFT), a fuair tacaíocht ó Údarás Craolacháin na hÉireann ar chumas níos mó deiseanna do mhná a oibríonn, agus a fhaigheann rochtain ar obair, sa chlosearnáil agus san earnáil closamhairc.
- Maidir le comhoibriú i dtionscadail taighde le hinstitiúid tríú leibhéal cosúil le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Ollscoil Luimnigh agus Ollscoil Mhá Nuad a thug léargais an-luachmhara d'Údarás Craolacháin na hÉireann sna dúshláin atá roimh mhná i dtaobh léiriúcháin sna meáin agus i ndeiseanna sa chlosearnáil agus san earnáil closamhairc.

In ainneoin na mbuaicphointí ar fad de Phlean Gníomhaithe Inscne Údarás Craolacháin na hÉireann, chuir an t-athbhreithniú roinnt béime ar na dúshláin a bhíonn roimh mhná sna tionscail scannáin, teilifíse agus raidió. Mhol an plean na chéad chéimeanna eile do rialaitheoir na meán nua, (Coimisiún na Meán), lena n-áirítear moladh don fhorbairt ar Straitéis Inscne, Comhionannais, Éagsúlachta agus lonchuimsitheachta.

## Taighde Éagsúlachta a Mhaoiniú

In 2022/2023 thug Údarás Craolacháin na hÉireann tacaíocht d'anailís bhreise ar na sonraí Nuachta Digití Reuters a raibh dhá thuarascáil Éagsúlachta ar leith mar thoradh air mar seo a leanas:

- In Eanáir 2022 d'fhoilsigh Údarás Craolacháin na hÉireann taighde ar ról inscne agus éagsúlachta in úsáid na meán in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Sa taighde, dar teideal '*Tuarascáil Nuachta Digití: Inscne & Éagsúlacht in Éirinn 2016-2021 & go hidirnáisiúnta 2021*', agus rinneadh scrúdú ar ghnéithe inscne spéise agus rannpháirtíochta sa nuacht, mar aon le tuiscint inscne sa nuacht. Más féidir, rinne an taighde scrúdú freisin ar na hábhair seo i gcomhthéacs na gcatagóirí aicme socheacnamaíocha. Thug na príomhthorthaí faoi deara gur dócha go roinneadh mná na hÉireann an nuacht ná fir na hÉireann. Tá fir na hÉireann níos dóchúla a gcuid dearthaí a roinnt agus trácht ar scéalta nuachta, áfach. Ina theannta sin, bhain ról muiníne sna leibhéil oideachais in ábhar nuachta ar na meáin shóisialta. Tá sé níos dóchúla go gcuirfidh daoine a bhfuil leibhéal oideachais níos ísle acu muinín in ábhar nuachta a fheiceann siad ar na meáin shóisialta, i gcomparáid leo siúd a bhfuil ardleibhéal nó meánleibhéal oideachais acu, a raibh an chuma orthu a bheith níos amhrasaí faoi ábhar den sórt sin.
- Foilsíodh tuarascáil taighde cháilíochtúil ar na dearthaí den chéad ghlúin d'imircigh ón Nigéir agus ón bPolainn maidir le meán nuachta na hÉireann i Márta 2023. Bhí an tionscadal '*Meonta i dtreo na meán nuachta in Éirinn: Meonta ó imircigh ón Nigéir agus ón bPolainn*' ag iarraidh eolas a leathnú faoi úsáid nuachta agus na meán in Éirinn trí roinnt de na patrúin úsáide a thuiscint trí shúile na n-imirceach ón bPolainn agus ón Nigéir a bhog go hÉirinn le scór bliain anuas. Ba iad na trí phríomhaidhm den tionscadal ná: 1) Na dearthaí agus na nósanna úsáide de dhaonraí na n-imirceach a thairfeadh i dtaobh meán nuachta na hÉireann; 2) Roinnt bacainní agus réitigh fhéideartha a thuiscint d'úsáid nuachta i measc na ndaonraí in Éirinn; 3) Na léargais seo a aimsiú trí fhocail féin an rannpháirtí agus taithí na ndaoine aonair.

## (D) An Ghaeilge

### Plean Gníomhaíochta na Gaeilge

Bhí Plean Gníomhaíochta na Gaeilge de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann mar phríomhspríoc faoi phríomhchuspóir straitéiseach Údarás Craolacháin na hÉireann chun ‘cláir ar ardchaighdeán a chothú agus a chur chun cinn i nGaeilge’. Leag an Plean seo amach na príomhchuspóirí agus na gníomhaíochtaí molta chun tacú le clársceidealú na Gaeilge agus seirbhísí craoltóireachta na Gaeilge a chur chun cinn agus a fhorbairt i dtionscail chlosamhairc na hÉireann. Chuaigh an Plean i ngleic le cúig phríomhréimse mar seo a leanas:

- Tacú le clársceidealú agus stáisiúin na Gaeilge, iad a fhorbairt agus a chur chun cinn trí thionscnaimh Cheadúnaithe agus Maoinithe Craoltóireachta;
- Comhpháirtíochtaí na Gaeilge a chothú;
- Tacú le Taighde;
- Sonraí a Bhailiú; agus
- Cur le próisis chuntasachta, lena n-áirítear monatóireacht chomhlíontachta agus tuairiscithe.

Rinneadh dul chun cinn ar chuspóirí an Phlean trí shnáitheanna oibre éagsúla d’Údarás Craolacháin na hÉireann, lena n-áirítear Fuaim & Fís, an Scéim Cartlainne, an Clár Foghlama agus Forbartha Earnála, Maoiniú Urraíochta, agus gníomhaíochtaí Ceadúnais agus Comhlíontachta. Tá cur síos ar na príomhghníomhaíochtaí a rinneadh idir an 1 Eanáir 2022 agus an 14 Márta 2023 anseo thíos.

### Coiste Comhairleach na Gaeilge

Bunaíodh Coiste Comhairleach na Gaeilge mar thionscnamh de Phlean Gníomhaíochta na Gaeilge Údarás Craolacháin na hÉireann, agus é mar aidhm aige tionscnaimh a fhorbairt agus a chur chun cinn chun leibhéal na Gaeilge a mhéadú do lucht féachana ar sheirbhísí raidió agus teilifíse araon. Bhí tionscnaimh an Choiste dírithe ar thacaíocht a thabhairt chun na cúig phríomhchuspóir de Phlean Gníomhaíochta na Gaeilge a bhaint amach. Chas an Coiste ar bhonn ráithiúil agus bhí comhchathaoirleach á dhéanamh air ag Údarás Craolacháin na hÉireann agus Foras na Gaeilge. Ar bhallraíocht an Choiste bhí páirtithe leasmhara na Gaeilge agus ionadaithe tionscail, agus tacaíocht leanúnach an Choiste agus idirghníomhú a chinntigh nach raibh na príomhpháirtithe leasmhara ar an eolas faoin bPlean ach bhí baint acu chun é a chur i bhfeidhm.

Tháinig an Coiste le chéile ceithre huairé in 2022, agus rinne siad dul chun cinn sna tionscnaimh seo a leanas:

- Taighde chun spéis a fhiosrú, agus an cumas, seirbhís raidió na Gaeilge do dhaoine óga idir 15-34;
- Deiseanna léiriúcháin/forbartha na Gaeilge a chur chun cinn agus acmhainní chun dul i ngleic le riachtanais na hearnála;
- Eolas a roinnt ar nuacht ón earnáil agus an cumas tionscnaimh chomhoibríocha a reáchtáil ag eagraíochtaí comhalta.

Bhí a chéad chruinniú ag an gCoiste in 2023 i mí an Mhárta, agus pléadh réimsí fócais don bhliain amach romhainn, lena n-áirítear cur chun cinn leanúnach de ghníomhaíochtaí agus acmhainní na Gaeilge chun dul i ngleic le riachtanais na hearnála, eolas a roinnt ar nuacht ón earnáil agus an cumas a scrúdú do thionscnaimh chomhoibríocha a bhíonn á reáchtáil ag eagraíochtaí comhalta. Tá sé mar aidhm ag an gCoiste leanúint le clár iomlán gníomhaíochtaí faoi Choimisiún na Meán le linn 2023.

## Taighde Raidió na Gaeilge don Óige

Ar cheann de na gníomhaíochtaí de Choiste Comhairleach na Gaeilge ná spéis a fhiosrú agus an cumas, stáisiún raidió hibrideach na Gaeilge don óige (i.e., trí chraoltóireacht FM agus digiteach). In 2022, choimisiúnaigh Údarás Craolacháin na hÉireann agus Foras na Gaeilge tionscadal taighde in dhá chéim le tacaíocht ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Rinneadh obair allamuigh in 2022 agus foilsíodh dhá thuarascáil taighde ar an 15 Feabhra 2023. Thug Ipsos MRBI faoin chéad chéim den taighde. Rinne uilechlár na dtoghthóirí an taighde cainníochtúil i measc sampla ionadaíoch náisiúnta den déimeagrafach 15-34. Cuireadh ceist ar rannpháirtithe faoina spéis, agus a n-oscailteacht éisteacht le stáisiún na Gaeilge, mar aon lena spreagadh éisteachta. San áireamh sa tuarascáil taighde a foilsíodh bhí anailís de JNLR agus sonraí tánaisteacha eile ar, *inter alia*, FM agus lucht éisteachta fuaime. Tá an tuarascáil ar fáil le híoslódáil ó [shuíomh gréasáin Údarás Craolacháin na hÉireann](#).

Ba é Bricolage a thug faoin dara céim den taighde agus bhí staidéar taighde cáilíochtúil i measc an phríomhlucht féachana atá beartaithe don tseirbhís i.e., cainteoirí Gaeilge óga ó dhúchas agus líofa mar aon le hinniúlacht an-mhaith i nGaeilge lena mbeadh rochtain acu ar mheán na Gaeilge ar bhonn rialta. Scrúdaigh an taighde an cineál clos-ábhair a bhfuil spéis ag an aoisghrúpa ann go mion, a gcuid nósanna leis na meáin, an cineál clos-ábhair (i mBéarla agus i nGaeilge) lena n-éistean siad agus ar mhaith leo éisteacht leo, agus bearnaí in ábhar na Gaeilge. Tá an tuarascáil Bricolage ar fáil le híoslódáil ar [shuíomh gréasáin Údarás Craolacháin na hÉireann](#).

## Maoiniú ar Ábhar Gaeilge

Bhí ról breise ag Scéim Fuaim & Fís 4 Údarás Craolacháin na hÉireann chun ábhar Gaeilge ar ardchaighdeán a chur ar fáil do lucht féachana na hÉireann le linn na tréimhse athbhreithnithe, go háirithe le cuimsiú babhta maoinithe atá dírithe go sonrach ar chlársceidealú na Gaeilge ar iarratas ón Catherine Martin TD, an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Tá níos mó sonraí leagtha amach faoin fho-alt (B) thuas.

## Comhpháirtíochtaí na Gaeilge a Chothú

Thacaigh Clár Foghlama agus Forbartha Earnála Údarás Craolacháin na hÉireann le tionscnaimh éagsúlachta, lena n-áirítear iad siúd a chuireann an Ghaeilge chun cinn. Sa tréimhse 2022 bhí *Glúin Nua* ag leanúint ar aghaidh, tionscadal comhpháirtíochta idir Údarás Craolacháin na hÉireann, TG4, Ciste Craolacháin na Gaeilge ar Scáileáin Thuaisceart Éireann, Údarás na Gaeltachta agus Skillnet Ghréasán na Meán. Cuireann an tionscnamh ciste coimisiúnaithe agus deiseanna meantóireachta ar fáil chun tacú le tallann nua i dtionscal closamhairc na hÉireann. Faoin Scéim, rinneadh meantaithe a mheaitseáil le comhlacht léiriúcháin agus meantóireachta agus tugadh tacaíocht dóibh chun ábhar Gaeilge nuálach agus úrnua a fhorbairt do lucht féachana san aoisghrúpa 16-34.

In Iúil 2022, bhí tionscadail *Glúin Nua* ar taispeáint ag Fleadh Scannán na Gaillimhe agus tá tionscadail atá curtha i gcrích ar fáil tríd ardáin ar líne TG4. Tá an tionscadal leanúnach go fóill leis an tsraith dheireanach le cur i gcrích in 2023.

Ar an tsraith nua a forbraíodh trí Ghlúin Nua bhí:

- Gaylgeoirí (MOC)
- Mise, Mé Féin agus M'Aghaidh (Big Mountain)
- Bí an Réabhlóid (Aisling)
- Istigh Liom Féin (Aniar)
- Na 2020's (Paper Owl)

## Níos mó Ábhar Gaeilge a Spreagadh

Lean Údarás Craolacháin na hÉireann ag obair i gcomhpháirtíocht le hOireachtas na Gaeilge chun acmhainní Gaeilge a fhorbairt agus a chur chun cinn do chraoltóirí agus bhí baint acu le CRAOL agus IBI go háirithe chun tacú le scileanna Gaeilge a fhorbairt i measc cleachtóirí an stáisiúin agus úsáid níos mó de Ghaeilge a spreagadh ar chlár.

In 2022, lean obair ar aghaidh ar fhorbairt na n-acmhainní ar líne dóibh siúd a bhí ag craoladh as Gaeilge ar stáisiúin raidió ar fud na hÉireann. Fuair Oireachtas na Gaeilge maoiniú Foghlaim & Forbairt Earnála do na gníomhaíochtaí seo a leanas:



- Gaelpro Raidió – athbhrandáil ar Aerthonnta, Eolaire agus an Tairseach Eolais Lárnach sa chaoi agus go mbeidh gach acmhainn ar fáil trí shuíomh gréasáin amháin.
- Scéim meantóireachta do láithreoirí raidió i stáisiúin phobail agus thráchtála: cuireann an scéim struchtúr tacaíochta foirmiúil i bhfeidhm do láithreoirí chun treoir a fháil ó mheantóirí ainmnithe i gclársceidealú na Gaeilge atá idir lámha acu, agus é mar aidhm taithí craoltóireachta an láithreora a fhorbairt agus cur leis. Tá an scéim meantóireachta dírithe ar dhá ghrúpa: ar an gcéad dul síos, láithreoirí atá ag craoladh cheana féin ar chlár ar raidió pobail nó tráchtála; agus sa dara háit, daoine a bhfuil spéis acu tosú amach ag craoltóireacht.
- Ceardlanna scríbhneoireacht scripte - bhí sraith ceardlanna chun scileanna a fhorbairt ar scrípteanna Gaeilge a scríobh do dhráma raidió ar bun ag an Oireachtas. Chun rannpháirtíocht a spreagadh agus a dhreasú, cuireadh ciste duaise agus comórtais nua ar fáil do **Script Raidió** mar chuid de Chomórtas Líteartha Oireachtas 2022. Roghnófar na drámaí is fearr sa chomórtas le taifeadadh go gairmiúil agus beidh siad ar fáil saor in aisce do stáisiúin raidió chun clársceidealú na Gaeilge a spreagadh. Ó Mhárta 2023, rinneadh trí dhráma raidió a thaifeadadh.


I mí Feabhra 2023, fuair Oireachtas na Gaeilge maoiniú breise ó Údarás Craolacháin na hÉireann do na gníomhaíochtaí seo thuas, agus tá pleananna ann chun cur le méid na n-acmhainní Gaeilge atá ar fáil ar líne, le hÁis Uaslódála agus Clár-Roinnte, agus Stór d'Ábhar Gaeilge, ar an tairseach acmhainní *GaelPro Raidió*. Beidh measúnú ar an scéim meantóireachta phiólótach ar siúl chomh maith sa chaoi agus go mbeidh aiseolas/moltaí in ann bonn eolais a chur faoi leagan na scéime amach anseo.

Chun craoltóirí a spreagadh á n-ábhair foghlama Gaeilge a úsáid agus chun cur lena scileanna teanga, bhí acmhainní *Gaelpró Raidió* ar taispeáint ag Údarás Craolacháin na hÉireann agus Oireachtas na Gaeilge mar chuid de sheimineár IBI do chraoltóirí tráchtála i Meitheamh 2022. Thug Údarás Craolacháin na hÉireann maoiniú freisin chun ceardlann na Gaeilge a fhorbairt d'oibrithe deonacha stáisiúin phobail (tosaitheoirí na Gaeilge) chun iad a spreagadh agus cabhrú leo a n-ábhar Gaeilge féin a chruthú. Bhí an cheardlann ar siúl i Samhain 2022 agus ba í Sinéad Ní Uallacháin, craoltóir Gaeilge, a chuir i láthair é.


## Sonraí a bhailiú ar Ábhar Gaeilge

Tionscnamh eile a rinne Údarás Craolacháin na hÉireann faoi Phlean Gníomhaíochta na Gaeilge ba ea an *Tionscadal Um Bailiú Sonraí i leith na Gaeilge*, a tosaíodh in 2021. Lorg an tionscadal sonraí a bhailiú ar bhonn rialta faoin méid agus réimse de clársceidealú dátheangach agus Gaeilge a bhí ar fáil do lucht féachana ar raidió agus ar an teilifís, agus chun deiseanna a aithint le haghaidh forbartha amach anseo. Le himeacht ama, beidh sonraí a bhailítear mar uirlis tomhais agus léarscáilithe chun leibhéal clársceidealaithe na Gaeilge agus dátheangach sna seirbhísí craoltóireachta a mheasúnú. Táthar ag súil go gcuirfidh an tionscadal le feachtas an phobail agus an tionscail ar chlársceidealú Gaeilge/dátheangach.





Téama Straitéiseach 2:  
**Barr-feabhas agus  
Cuntasacht a  
Bhaint amach**





Cuspóir Straitéiseach	Toradh
1. Rialúchán a dhéanamh chun earnáil craoltóireachta fhreagrach agus chuntasach a bhaint amach.	Is rialaitheoir dílis ag gach páirtí leasmhar é Údarás Craolacháin na hÉireann.  Léiríonn an earnáil craoltóireachta cuntasacht agus freagracht láidir.
2. Ardchaighdeáin cleachtas comhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta a threorú, a shamhaltú agus a chur chun cinn i gcomhréir le Spriocanna um Fhorbairt Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SFI).	Tá cleachtas agus sásraí tuairiscithe trédhearcacha bunaithe ag Údarás Craolacháin na hÉireann a léiríonn rannpháirtíocht ard ag BAI le SFI na Náisiún Aontaithe.  Chuidigh Údarás Craolacháin na hÉireann leis an earnáil craolacháin chun Líonra Inbhuanaitheachta a fhorbairt a léiríonn feasacht fhóna i dtaobh an chleachtas maidir le spriocanna forbartha inbhuanaithe agus rannpháirtíocht fhóna sa chéanna.
3. Ardchaighdeáin de chleachtas rialachais a léiriú agus a chur chun cinn de réir an Chóid Chleachtas maidir le Rialáil Gníomhaireachtaí Stáit (COPGSB).	Bhunaigh Údarás Craolacháin na hÉireann cleachtas thrédhearcacha agus córais tuairiscithe le comhlíontacht ard a léiriú le hÚdarás Craolacháin na hÉireann agus leis an gCód Chleachtas maidir le Rialáil Gníomhaireachtaí Stáit (COPGSB).
4. Cleachtas rialála a fheabhsú chun an t-ualach rialála a laghdú.	Tá an rialáil comhréireach agus déanann sé freastal ar leas an phobail.

Tríd a obair rialála, lorg Údarás Craolacháin na hÉireann cleachtas rialachais ar ardchaighdeán a léiriú go leanúnach agus eiseamláirí a thabhairt díobh seo i ngach gníomhaíocht. Le linn na tréimhse athbhreithnithe, lean Údarás Craolacháin na hÉireann ag díriú ar rialachas corparáideach éifeachtach agus ag cinntiú go bhfuil siad ag comhlíonadh go hiomlán le Cód Cleachtas 2016 maidir le Rialáil Gníomhaireachtaí Stáit.

Agus samplaí á ndéanamh de na caighdeáin rialachais, lorg Údarás Craolacháin na hÉireann freisin earnáil craoltóireachta fhreagrach agus chuntasach a bhaint amach.

## (A) Comhlíontacht agus Cuntasacht

### Earnáil craoltóireachta fhreagrach agus chuntasach a bhaint amach

Rinne Údarás Craolacháin na hÉireann iarracht a chinntiú gur baineadh earnáil craoltóireachta fhreagrach amach trí chomhlíonadh na gcraoltóirí a chinntiú lena n-oibleagáidí reachtúla agus conarthacha. Rinne Údarás Craolacháin na hÉireann iarracht monatóireacht a dhéanamh ar cultúr comhlíontachta, é a spreagadh agus a chur chun cinn san earnáil craoltóireachta agus chun cosaintí a chur ar fáil do lucht féachana. Tá níos mó eolais ar na gníomhaíochtaí d'Údarás Craolacháin na hÉireann le linn na tréimhse athbhreithnithe leagtha amach anseo thíos.

## Tuairisciú Reachtúil

### Craoltóirí Seirbhíse Poiblí

Faoi mar a fhoráiltear in Acht Craolacháin 2009, tá líon freagrachtaí ag Údarás Craolacháin na hÉireann maidir le Craoltóirí Seirbhíse Poiblí (PSBanna), RTÉ agus TG4. Áirítear orthu sin Ráitis Bhliantúla na nGealltanais Feidhmíochta a athbhreithniú, ina ndéantar Athbhreithnithe Bliantúla agus Maoiniú Poiblí, ina ndéantar Athbhreithnithe Cúig Bliana de Mhaoiniú do na PSBanna agus Measúnaithe Tionchair san Earnáil, nuair a iarrann an tAire é. Leanfar leis na feidhmeanna seo faoi Choimisiún na Meán.


Cuireadh réimse de ghníomhaíochtaí comhlíontachta PSB i gcrích le linn na tréimhse athbhreithnithe, lena n-áirítear an soláthar ar aiseolas ar PSBanna ar a Ráitis Bhliantúla de Ghealltanais Feidhmíochta agus Athbhreithniú Bliantúil Feidhmíochta Údarás Craolacháin na hÉireann agus Maoiniú Poiblí ar na PSBanna in 2021, lena n-áirítear moltaí maidir le maoiniú poiblí. Cuireadh isteach tuarascáil maidir leis seo chuig an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, de réir dhualgais reachtúla Údarás Craolacháin na hÉireann. Rinne Údarás Craolacháin na hÉireann Measúnú Tionchair Earnála agus Athbhreithniú Luach Poiblí ar mholadh ó TG4 seirbhís nua do leanaí, Cúla4, agus seirbhís TG4+1 ar leith, a oibriú.

### Athbhreithniú Bliantúil 2022 ar Fheidhmíocht agus Maoiniú Poiblí de RTÉ agus TG4

Rinne Údarás Craolacháin na hÉireann athbhreithniú ar RTÉ agus TG4 araon in aghaidh a ngealltanais agus mheas sé leorgacht maoiniú poiblí atá ar fáil don dá PSB chun a n-aidhmeanna ar leith a bhaint amach. Rinneadh an t-athbhreithniú ó Communications Chambers thar ceann Údarás Craolacháin na hÉireann. Thacaigh Údarás Craolacháin na hÉireann le torthaí an athbhreithnithe a chinn an méid seo a leanas:

- Cé nár éirigh leo gach gealltanais a chomhlíonadh mar atá leagtha amach ina ráitis bhliantúla de ghealltanais feidhmíochta, bhain an dá PSB a gcuid spriocanna agus a n-oibleagáidí amach tríd is tríd - mar gheall ar éifeachtaí Covid-19 atá fós linn agus éiginnteacht leanúnach maidir le maoiniú poiblí.
- Bhain na comhairleoirí tátal as go raibh straitéisí reatha PSBanna láidir agus go léiríonn siad coinníollacha margaíochta agus dúshláin.
- Maidir le leagan amach iomlán agus comhdhéanamh Gealltanais Feidhmíochta PSBanna, thug Údarás Craolacháin na hÉireann faoi deara iarrachtaí an dá chraoltóra a gcuid gealltanais agus spriocanna a chuíchóiriú le blianta beaga anuas.

Maidir le TG4, bhain an t-athbhreithniú tátal as go raibh an craoltóir tar éis méaduithe a fháil i maoiniú, agus chuir an méid sin ar chumas a méadraigh mhothúcháin a choimeád. Thug Údarás Craolacháin na hÉireann faoi deara go ndearna cinntí an Rialtais ó 2017 maoiniú poiblí TG4 a mhéadú de réir a chéile bliain ar bhliain, le €5.94m ar an €6m a moladh in aghaidh na bliana a bronnadh in 2021. Ar an mbonn seo, mhol Údarás Craolacháin na hÉireann go n-íocfaí iarmhaid de €0.06m go TG4 sa tréimhse 2022. Thug Údarás Craolacháin na hÉireann faoi deara freisin, áfach, go raibh cinneadh an Rialtais €4.2m a bhronnadh ar TG4 i mBuiséad 2022, ag cur san áireamh go leordhóthanach mholadh Údarás Craolacháin na hÉireann méadú a thabhairt do TG4.



I gcás RTÉ, mhol Údarás Craolacháin na hÉireann méadú maoinithe de €20m in aghaidh na bliana - ina raibh moladh €30m in aghaidh na bliana déanta ag Údarás Craolacháin na hÉireann ina mhaoiniú poiblí d’Athbhreithniú Cúig Bliana 2018-2022, lúide méaduithe ar mhaoiniú poiblí roimhe seo agus pleanáilte a bhronn an Rialtas sna tréimhsí 2019 agus 2020, ina raibh €10m ar fad in aghaidh na bliana. Cé gur chuir an moladh seo san áireamh méadú an Rialtais de €9m i maoiniú poiblí in 2020, chuir sé san áireamh an laghdú i maoiniú go RTÉ mar gheall ar laghduithe ina dhiaidh sin i ndíolachán na táille ceadúnais de €8.9m in 2020 agus €0.5m in 2021, a chruthaigh easnamh dá réir de €20m in aghaidh na bliana ar mhéadú ar mhaoiniú poiblí bliantúil molta Údarás Craolacháin na hÉireann de €30m in aghaidh na bliana.

### **Measúnú Tionchair Earnála agus Athbhreithniú Luach Poiblí de Cúla4 & TG4+1**

Iarrann Alt 103 d’Acht 2009 ar Údarás Craolacháin na hÉireann comhairle a chur ar fáil don Aire, má mholann RTÉ nó TG4 seirbhís nua nó athrú ar an tseirbhís reatha. D’iarr an Roinn Turasoireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ar Údarás Craolacháin na hÉireann i Meitheamh 2022 Measúnú Tionchair Earnála (“SIA”) agus Athbhreithniú Luach poiblí (“PVR”) maidir le haighneacht ó TG4 a mhol cainéal do leanaí nua as féin a bhunú, “Cúla 4”, agus seirbhís nua +1 do TG4.

D’ullmhaigh sainchomhairleoirí Communications Chambers dhá thuarascáil thar ceann Údarás Craolacháin na hÉireann, ceann a chlúdaíonn Measúnú Tionchair Earnála agus ceann ar Athbhreithniú Luach Poiblí. Cuireadh na tuarascálacha faoi bhráid an Aire agus foilsíodh le chéile iad ina dhiaidh sin le cinneadh an Aire ar shuíomh gréasáin na Roinne.

### **Rialacha Rochtana Údarás Craolacháin na hÉireann**

Teastaíonn ó [Rialacha Rochtana Údarás Craolacháin na hÉireann](#) go dtiocfadh seirbhís phoiblí, craoltóirí tráchtála agus pobail le chéile chun spriocanna fotheidealaithe, comhairle a dhéanamh le grúpaí úsáideoirí, agus rochtain a chur chun cinn ar a sheirbhísí do dhaoine atá bodhar, a bhfuil deacracht éisteachta acu, atá breacmharcach nó dall. Ina theannta sin, ní mór do RTÉ agus Virgin Media Television Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus Tráchtairacht Fuaim a chur ar fáil ar roinnt dá gcainéil, agus tá gá le Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a bheith ar Oireachtas TV chomh maith.

### **Tuarascáil ar Rialacha Rochtana**

Leag Rialacha Rochtana Údarás Craolacháin na hÉireann amach na céimeanna nach mór do chraoltóirí a ghlacadh chun tuiscint agus taitneamh a bhaint as na seirbhísí craolacháin ó dhaoine atá bodhar, a bhfuil deacracht éisteachta acu, atá breacmharcach nó dall. Cuireann na Rialacha Rochtana an méid seo a leanas ar fáil:

- Spriocanna fotheidealaithe do sheirbhís phoiblí, craoltóirí tráchtála agus pobail
- Spriocanna le haghaidh Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus Tráchtairacht Fuaim do sheirbhísí craolacháin ar leith de chuid RTÉ agus Virgin Media
- Spriocanna maidir le Teanga Chomharthaíochta na hÉireann le haghaidh Oireachtas TV
- Riachtanais go rachadh craoltóirí i gcomhairle le grúpaí úsáideoirí, a léiríonn dearcthaí na ndaoine a bhaineann úsáid as seirbhísí rochtana
- Riachtanas go gcuirfeadh craoltóirí a seirbhísí rochtana chun cinn

Chuaigh Údarás Craolacháin na hÉireann i ngleic le hionadaithe de chuid úsáideoirí seirbhísí rochtana (trí “Phainéil Chomhairliúcháin Úsáideoirí”) agus le craoltóirí agus rinneamar monatóireacht agus tuairisciú bliantúil ar an méid a raibh na craoltóirí ag comhlíonadh na Rialacha Rochtana. Cuireann na Painéil Chomhairliúcháin Úsáideoirí léargas agus tuairimí an úsáideora maidir le caighdeán agus iontaofacht fotheidil, tráchttaireacht fuaime, agus Teanga Chomharthaíochta na hÉireann ar fáil. Tá dhá Phainéal Comhairliúcháin Úsáideoirí ann, ceann don phobal bodhar nó faoi allaíre a bhaineann úsáid as fotheidil agus Teanga Chomharthaíochta na hÉireann, agus ceann eile don phobal lagamhairc a bhaineann úsáid as teicneolaíocht Tráchttaireacht Fuaime.

### **Comhlíonadh na Rialacha Rochtana sa bhliain 2021**

Sa bhliain 2022, bhí cruinniú ag Údarás Craolacháin na hÉireann le gach craoltóir maidir lena bhfeidhmíocht sa bhliain 2021 agus leis an dá Phainéal Comhairliúcháin Úsáideoirí, faoi dhó, chun plé a dhéanamh ar chaighdeán leanúnach soláthar na rochtana.

In Aibreán na bliana 2022, rinne Coiste Comhlíontachta Údarás Craolacháin na hÉireann meas ar an Tuarascáil bhliantúil maidir le Comhlíonadh na Rialacha Rochtana inar déanadh measúnú ar fheidhmíocht chraoltóirí agus ar an méid a chomhlíon siad na Rialacha Rochtana sa bhliain 2021.

Bhí an Coiste Comhlíontachta sásta, don chuid is mó, le feidhmíocht RTÉ, TG4, Oireachtas TV, DCTV agus CCTV, leis an méid a chomhlíonadar na Rialacha Rochtana, agus leis na moltaí a rinne gach ceann de na craoltóirí maidir le soláthar seirbhísí rochtana le haghaidh comhlíonadh na Rialacha Rochtana sa bhliain 2022.

Bhain an Coiste de tháil as nár chomhlíon Virgin Media na spriocanna maidir le fotheidealú agus Teanga Chomharthaíochta na hÉireann i gcás cuid dá chainéil. Chuaigh Údarás Craolacháin na hÉireann i ngleic leis an gcráoltóir agus é i gceist na seirbhísí craolacháin ábhartha a bheith ag comhlíonadh na Rialacha Rochtana faoi dheireadh na bliana 2022. Tá monatóireacht agus tuairisciú le déanamh maidir leis seo sa bhliain 2023.

Chomh maith leis sin, leag an Coiste béim ar a thábhachtaí agus atá sé go gcruinneodh craoltóirí le húsáideoirí chun a ndearchtaí maidir le soláthar seirbhísí rochtana a chinntiú.

### **Feidhmíocht sa bhliain 2022**

I dtús na bliana 2023, thug Údarás Craolacháin na hÉireann faoi mhonatóireacht a dhéanamh ar an méid a chomhlíon craoltóirí na Rialacha Rochtana sa bhliain 2022, agus cuireadh i gcrích í. Ullmhóidh Coimisiún na Meán an Tuarascáil bhliantúil maidir le Comhlíonadh na Rialacha Rochtana agus déanfaidh sé í a mheas.

## **(B) Cleachtas Rialachais**

### **Ardleibhéal comhlíontachta leis an gCód Cleachtas maidir le Rialáil Gníomhaireachtaí Stáit a léiriú**

Leag Údarás Craolacháin na hÉireann a Thuarascáil Bhliantúil agus a Ráitis Airgeadais le haghaidh na bliana 2021 isteach agus é ag comhlíonadh go hiomlán leis an gCód Cleachtas maidir le Rialáil Gníomhaireachtaí Stáit. Chomh maith leis sin, cuireadh Seicliosta Comhlíontachta an Chóid Chleachtas maidir le Rialáil Gníomhaireachtaí Stáit de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann ar ais chuig an Roinn agus faomhadh é gan aon fhadhb ag eascairt as.

## Rochtain ar Thaifid a Sholáthar

Ceadaíonn an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 do chomhaltaí an phobail iarratas a dhéanamh ar rochtain ar thaifid a choinníonn Údarás Craolacháin na hÉireann ach nach bhfoilsítear de ghnáth. Ullmhaíodh Scéim Foilseacháin um Shaoráil Faisnéise Údarás Craolacháin na hÉireann faoi alt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. Sa Scéim, déantar cur síos ar chineálacha faisnéise difriúla a choinníonn Údarás Craolacháin na hÉireann le naisc chuig leathnaigh ghréasáin ábhartha.

## Iarratais um Shaoráil Faisnéise 2022 agus 2023

Fuair Údarás Craolacháin na hÉireann 15 iarratas Saorála Faisnéise sa bhliain 2022 agus cúig (5) cinn eile agus iarratas amháin ar Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an Timpeallacht sa bhliain 2023 suas go dtí an 14ú Márta 2023, agus an dáta sin san áireamh. Ní raibh aon iarratas ar fhaisnéis a raibh freagra fós le tabhairt orthu nuair a díscaoileadh Údarás Craolacháin na hÉireann agus ar bhunú Choimisiún na Meán.

## Iarratais um Shaoráil Faisnéise 2022 agus 2023

### 2022

# 15

In 2022, fuair an BAI 15 gcinn iarratais ar Shaoráil Faisnéise.

**Rinneadh na cinntí seo a leanas maidir leis seo:**



Páirt-Bhronnta



Diúltaithe



Próiseáilte lasmuigh den Phróiseas foirmiúil um Shaoráil Faisnéise (le toiliú ón iarrthóir).

**De na cinn a fuarthas in 2022:**



Daoine aonair  
(ar chúiseanna pearsanta)



Iriseoirí



Gnóthaí



Grúpaí Sainleasa

## 2023

# 5

In 2023, fuair an BAI 5 gcinn iarratais ar Shaoráil Faisnéise.

**Rinneadh na cinntí seo a leanas maidir leis seo:**

# 3

Páirt-Bhronnta

# 2

Diúltaithe

**De na cinn a fuarthas in 2023:**

# 4

Daoine aonair  
(ar chúiseanna pearsanta)

# 1

Grúpaí Sainleasa

**I gcás an aon iarratas amháin ar Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an Timpeallacht a fuarthas sa bhliain 2023, chinn Údarás Craolacháin na hÉireann an t-iarratas a bhronnadh i bpáirt. Iarratas ó Iriseoir a bhí ann.**

## Comhlíontacht

I gcaitheamh na tréimhse athbhreithnithe, lean Údarás Craolacháin na hÉireann air ag cur a Phlean Comhlíontachta i bhfeidhm. Bhí an méid seo a leanas i gceist leis an bplean, a d'fhaomh an Coiste Comhlíontachta i Meitheamh na bliana 2022:

- Tuarascálacha reachtúla
- Oibleagáidí um Chraoltóireacht Seirbhíse Poiblí
- Dearadh agus rolladh amach tuairisceán féin-thuairiscithe bliantúil na gcraoltóirí
- Acmhainní oideachais maidir le Cóid agus Rialacha Údarás Craolacháin na hÉireann
- Gearáin agus fiosruithe ad hoc

## Rialú Scéim Maoinithe Craolacháin

Trí 7% den Táille Ceadúnais Teilifíse a bhainistiú agus a bhronnadh trí Scéim Maoinithe Craolacháin, chinntigh Údarás Craolacháin na hÉireann ardchaighdeán rialaithe i riaradh na Scéime chun dul chun leasa gach páirtí leasmhar. Leagadh béim ar chleachtais chomhlíontachta chun a chinntiú go seachadfadh na conraitheoirí na tionscadail go rathúil i dtreoir leis na comhaontaithe maoinithe.

Rinne baill foirne Údarás Craolacháin na hÉireann monatóireacht rialta ar chonraitheoirí i dtaca le comhlíonadh téarmaí a gconarthaí maoinithe, agus déanadh an méid seo trí iniúchtaí neamhspleácha chomh maith. Déanadh measúnú córasach agus neamhspleách ar gach tionscadal teilifíse, agus ar roinnt tionscadail raidió a fuair maoiniú, i gcoinne na riachtanais seachadta clár chun comhlíontacht i dtaca le sonraíocht bunaidh an chláir agus le riachtanais ionramhála a chinntiú, de réir mar a leagadh síos sa chonradh maoinithe. Chomh maith leis sin, tugadh faoi athbhreithnithe ar na ráitis chostais dheireanacha agus ar ábhair na glár ar bhonn bliantúil. Leagadh isteach tuarascálacha iniúcháireachta neamhspleácha chuig Coiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca Údarás Craolacháin na hÉireann le breithniú a dhéanamh orthu.

## Scéim Teanga III

Éilíonn Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 go n-ullmhódh comhlacht poiblí scéim teanga ina dtugtar mionsonraí maidir leis na seirbhísí atá le cur ar fáil i nGaeilge, i mBéarla agus go dátheangach, agus í a chur i bhfeidhm. Bíonn scéimeanna teanga i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana. I mí Feabhra na bliana 2020, d'fhoilsigh Údarás Craolacháin na hÉireann a dtríú Scéim Teanga a bheidh i bhfeidhm go dtí Feabhra na bliana 2023. Faoin scéim seo, tá Údarás Craolacháin na hÉireann tiomanta: cur le húsáid na Gaeilge i ngach cumarsáid ar mheáin shóisialta de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann, go háirithe i dtaca le gníomhaíochtaí Gaeilge de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann; cur le líon na bpreaseisiúintí a chuirtear ar fáil go dátheangach; agus dícheall a dhéanamh tuilleadh óráidí/cuir i láthair a sheachadadh i nGaeilge agus cóipeanna dóibh seo a chuir ar fáil arna iarradh. I gcaitheamh trí bliana den Scéim (2022), thug Údarás Craolacháin na hÉireann tiomantas gach preaseisiúint a eisiúint go dátheangach (100%).

I mí na Nollag na bliana 2021, leasaíodh Acht na dTeangacha Oifigiúla, agus leagadh oibleagáidí reachtúla nua ar gach comhlacht poiblí i dtaca leis an nGaeilge. Tháinig an chéad cheann de na hoibleagáidí nua seo i bhfeidhm ar an 10 Deireadh Fómhair 2022 agus baineann sé leis an bhfógraíocht i nGaeilge. In Alt 10A d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021, éilítear ar gach comhlacht poiblí ar a laghad 20% dá gcuid fógraíochta bliantúil a sheachadadh i nGaeilge. Sa mhéid seo, caithfear ar a laghad 5% de chaiteachas an bhuiséid fógraíochta bliantúil a dhéanamh le hionad na meán Gaeilge. D'fhreastail foireann Ghaeilge agus foireann Chumarsáide Údarás Craolacháin na hÉireann ar roinnt seimineáir faisnéise ar líne a d'eagraigh An Roinn Turasoíreachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán i gcomhar le hOifig an Choimisinéara Teanga i dtaca leis na riachtanais reachtúla nua.

Bhí Údarás Craolacháin na hÉireann go hiomlán comhlíontach i dtaca le hAcht na dTeangacha Oifigiúla agus leanamar ag seachadadh ár ngealltanais maidir leis an nGaeilge. Tá aiseolas dearfach faighte againn ó eagraíochtaí Gaeilge agus ó pháirtithe leasmhara go bhfuil an Ghaeilge an-fheiceálach i gcumarsáidí Údarás Craolacháin na hÉireann, agus go bhfuil gealltanais láidir againn don teanga. Eisíodh preaseisiúintí go dátheangach, agus cuireadh cáipéisíocht taighde ar fáil i nGaeilge san áit gur bhain sé le cúrsaí Gaeilge. Sna blianta sular díscaoileadh é, d'fhorbair Údarás Craolacháin na hÉireann gluaiseanna téarmaíochta lena scaipeadh ar aistriitheoirí seachtracha ar mhaithe le haistriúchán a éascú agus ar mhaithe le comhleanúnachas a chinntiú agus cáipéisí ar nós na Tuarascála Bliantúla a n-ullmhú. Chuir foireann Ghaeilge Údarás Craolacháin na hÉireann seirbhís inmheánach ar fáil le haghaidh aistriúcháin níos giorra agus chuir an fhoireann seirbhísí profála ar fáil le haghaidh aistriúcháin sheachtracha chomh maith.

D'fhreastail baill foirne de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann ar oiliúint Ghaeilge agus, ar bhonn neamhfhoirmiúil, músclaíodh agus spreagadh úsáid na Gaeilge i measc na foirne agus imeachtaí foirne ar bun ar bhonn míosúil, le linn Sheachtain na Gaeilge agus le haghaidh ócáidí speisialta eile.

## C) Ardchaighdeán i gcleachtas comhshaoil, eacnamaíoch, agus sóisialta a thabhairt, a léiriú agus a chur chun cinn

### Plean Gnímh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ('SDG;) Údarás Craolacháin na hÉireann

I gcaitheamh 2022, thug an tÚdarás faoi réimse leathan gníomhaíochtaí a raibh sé mar chuspóir acu tacú lena thiomantas ardchaighdeán i gcleachtas comhshaoil, eacnamaíoch, agus sóisialta a thabhairt, a léiriú agus a chur chun cinn.


Áiríodh leis seo cur i gcrích Phlean Gnímh SDG agus Sainordú Aeráide Údarás Craolacháin na hÉireann, a foilsíodh ag deireadh 2022. I measc príomhghníomhaíochtaí eile ar tugadh fúthu, bhí tacaíocht don Líonra um Inbhuanaitheacht Craolacháin, uirlisí úsáide Carbóin *albert* i gcomhar leis an Screen Greening Coalition, agus cur i bhfeidhm Phlean Gnímh Dhualgas Earnála Poiblí Údarás Craolacháin na hÉireann 2021-2022. Táthar ag súil leis go leathnófar agus go bhforbrófar ról an rialtóra meán sa bhliain 2023 agus ina dhiaidh sin, le haird a thabhairt ar na moltaí atá i dTuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán, lena bhforáiltear dualgas tábhachtach do Choimisiún na Meán maidir le tacú leis an inbhuanaitheacht in earnáil na meán Gaeilge.

### An Líonra um Inbhuanaitheacht Craolacháin

Bhunaigh Údarás Craolacháin na hÉireann an Líonra um Inbhuanaitheacht Craolacháin, a seoladh go déanach in 2020, i gcomhar leis na hearnálacha táirgeachta, chun cleachtais ghlasa, ionchuimsitheacha agus athléimneacha a chur chun cinn in earnáil craolacháin na hÉireann. Cuireadh plean oibre 2022 an Líonra i bhfeidhm faoi threoir Ghrúpa Stiúrtha an Líonra. I measc na ngníomhaíochtaí bhí ceardlann ar an éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus comhionannas, cúrsa oiliúna 6-seachtaine ar an bhfeasacht aeráide i gcomhar le Lárionad OCBÁC um Aeráid agus Sochaí, agus forbairt shuíomh gréasáin an Líonra - [sustainablemedia.ie](https://sustainablemedia.ie).

Faoi dheireadh 2022, bhí Cairt an Líonra sínithe ag 42 sínitheoir agus tá rannpháirtíocht ó nach mór earnáil uile an chraolacháin agus ó mhórdhéantóirí táirgeachta teilifíse faighte anois. I ngach cás, is éard a bhí i gceist leis an rannpháirtíocht ná síniú na Cairte nó ionadaíocht ar Ghrúpa Stiúrtha an Líonra trí ionadaithe tionscail.





Téama Straitéiseach 3:  
**Ceannaireacht in Athrú**

Cuspóir Straitéiseach	Toradh
<p>1: Díospóireacht a threorú agus tionchar a imirt ar fhorbairt beartas maidir le creat reachtúil agus rialála le haghaidh seirbhísí meán digiteacha agus craolacháin sa todhchaí.</p>	<p>(1) Bhain Údarás Craolacháin na hÉireann úsáid as a chuid eolais agus saineolais i dtaca le comhoibriú le páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta i dtaca leis an gcóras rialála don todhchaí a fhorbairt le haghaidh ardáin chraolta agus ar líne agus i dtaca lena bheartais meán dhigiteacha a fhorbairt chun riachtanais an lucht féachana/éisteachta agus an úsáideora a chomhlíonadh.</p> <p>(2) Tá páirtithe leasmhara den tuairim go bhfuil Údarás Craolacháin na hÉireann faisnéiseach, údarásach, agus ina ghuth a bhfuil tionchar aige ar rialáil na meán.</p>
<p>2: Freagairt agus dul in oiriúint d'fhorbairtí agus cumarsáid a dhéanamh i dtaobh forbairtí, sa timpeallacht níos leithne, agus tionchair ar an eagraíocht, ar an earnáil agus ar an lucht féachana agus éisteachta a thuar agus a mheasúnu.</p>	<p>Bíonn muinín ag páirtithe leasmhara Údarás Craolacháin na hÉireann i bhfreagraí rialacháin atá fianaisebhunaithe, tráthúil agus comhréireach.</p>
<p>3: Baill foirne a threorú, athbhreithniú agus athrú a dhéanamh ar bheartais, ar chleachtais agus ar phróisis Údarás Craolacháin na hÉireann mar ullmhúchán le haghaidh a gcomhtháthú isteach i gCoimisiún na Meán.</p>	<p>Tá cultúr ceannaireachta, foghlama agus feidhmíochta láidir ag Údarás Craolacháin na hÉireann mar aon le lucht oibre lúfar, spreagtha agus eolach, a thacóidh le hÚdarás Craolacháin na hÉireann lena chomhtháthú iomlán i gCoimisiún na Meán.</p>

Lean an Cheannaireacht in athrú uirthi, agus í ina téama straitéiseach, mar phríomhfhócas don eagraíocht i gcaitheamh na bliana 2022 agus suas chuig díscáileadh Údarás Craolacháin na hÉireann i Márta na bliana 2023. Cuireadh na gnéithe inmheánacha agus seachtracha den téama seo chun cinn go mór i gcaitheamh tréimhse an athbhreithnithe.

Leagtar amach forléargas ar an réimse leathan gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu mar thacaíocht do na cuspóirí straitéiseacha seo thíos.

# (A) Rannpháirtíocht maidir leis an gCóras Rialála don Todhchaí

## An Bille um Shábháilteacht ar Líne agus Rialáil na Meán 2022


Tionscnaíodh an Bille um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán ar an 25ú Eanáir 2022 agus chuaigh sé trí Sheanad Éireann agus Dáil Éireann i gcaitheamh na bliana, agus achtaíodh é ar an 10ú Nollaig 2022. I gcaitheamh na tréimhse seo, lean Údarás Craolacháin na hÉireann air ag tacú leis an Roinn i bpróiseas forbartha na reachtaíochta.

I mí Feabhra na bliana 2023, shínigh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Catherine Martin, TD, ordú ón Aire a rinne foráil le haghaidh bunú Choimisiún na Meán ar bhonn reachtúil a bheadh i bhfeidhm ón 15ú Márta 2023.

### Rannpháirtíocht le Comhchoistí de chuid an Oireachtais

I mí na Nollag na bliana 2022, bhí Údarás Craolacháin na hÉireann i láthair Comhchoiste an Oireachtais i dtaca leis an Timpeallacht agus Gníomhú ar son na hAeráide chun plé a dhéanamh ar ról na meán agus na cumarsáide maidir le hathrú aeráide a chur i bhfeidhm. Ag an gcruinniú sin, thug Údarás Craolacháin na hÉireann faisnéis don Choiste maidir leis na gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu chun inbhuanaitheacht timpeallachta a chur chun cinn agus chun tacú le craoltóirí an dualgas poiblí a bhí orthu luchtanna féachana/éisteachta ag leibhéal phobail, áitiúla agus náisiúnta a choinneáil ar an eolas maidir le hathrú aeráide agus maidir leis an tionchar a bhíonn aige sin, a chomhlíonadh. Ina measc siúd bhí seoladh an Líonra um Inbhuanaitheacht Craolacháin, Fuaim & Fís 4, agus tacaíocht Údarás Craolacháin na hÉireann i dtaca le glacadh le hÁireamhán Carbóin Albert.

In Eanáir na bliana 2023, bhí Údarás Craolacháin na hÉireann i láthair Comhchoiste Oireachtais i dtaca le Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Spóirt agus Meán chun múnlaí gnó don todhchaí agus an fhís fhad-téarmach d'earnáil na meán (teilifís agus scannánaíocht) a phlé. Leag Údarás Craolacháin na hÉireann béim ar a chuid tionscnamh féin i dtaca le tacú le hinbhuanaitheacht san earnáil, lena n-áirítear Scéimeanna Maoinithe, tionscnaimh Foghlama agus Forbartha Earnála, agus cur le díospóireachtaí maidir le creataí reachtúla agus rialála le haghaidh seirbhísí meán digiteacha agus craolacháin sa todhchaí.



## Rannpháirtíocht leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

I gcaitheamh na tréimhse athbhreithnithe, lean Údarás Craolacháin na hÉireann ag oibriú go dlúth le hoifigigh ón Roinn maidir le cúrsaí éagsúla mar ullmhúchán le haghaidh díscáoileadh agus bunú Choimisiún na Meán. Tionóladh cruinnithe foirmiúla rialta agus grúpaí oibre chun plé a dhéanamh ar chúrsaí éagsúla lena n-áirítear aistriú fhoireann agus fheidhmeanna Údarás Craolacháin na hÉireann chuig Coimisiún na Meán, agus tabhairt faoi obair ullmhúcháin chun an comhlacht rialála nua a bhunú agus a chur i bhfeidhm de bhun an Achta um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán 2022. Cuireadh borradh leis an gcomhoibriú dlúth seo ag druidim i dtreo dáta bunaithe Choimisiún na Meán agus cruinnithe seachtainiúla á dtionóil chun cúrsaí aistrithe a phlé.

## Rannpháirtíocht leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Agus é mar léiriú ar na freagrachtaí suntasacha atá beartaithe le haghaidh Coimisiún na Meán mar Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha, de bhun an Achta um Sheirbhísí Digiteacha (“DSA”), chuir ionadaithe de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann tús le sraith rannpháirtíochtaí rialta le hoifigigh ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chun plé a dhéanamh ar reachtaíocht a bhí le teacht.

## An Coimisiún um Thodhchaí na Meán

D’fhoilsigh an Rialtas Tuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán in Iúil na bliana 2022. I ndiaidh a fhoilsithe, bunaíodh grúpa forfheidhmithe chun plean cur i bhfeidhm i dtaca le moltaí na Tuarascála a cheapadh agus formhaoirseacht a dhéanamh air. Bhí ionadaíocht d’Údarás Craolacháin na hÉireann ar an ngrúpa forfheidhmithe a raibh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán mar chathaoirleach air agus bhí ionadaithe ó Roinn an Taoisigh; An Roinn Airgeadais; An Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe; An Roinn Dlí agus Cirt; agus An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta san áireamh ann.

I ndiaidh gach ceann de na moltaí a leagadh amach i dTuarascáil Choimisiún um Thodhchaí na Meán a mheas, d’fhorbair an Grúpa Straitéis Fheidhmithe agus Plean Gnímh a d’fhaomh an Chomh-aireacht agus a foilsíodh in Eanáir na bliana 2023.

Titfidh an fhreagracht roinnt de na gníomhaíochtaí a leagtar amach sa Phlean Gnímh a chur chun cinn ar Choimisiún na Meán.

## Grúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc (ERGA)

Mar ionadaí ainmnithe na hÉireann, lean Údarás Craolacháin na hÉireann air ag glacadh páirt go gníomhach i nGrúpa na Rialaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc (ERGA), grúpa comhairleach an Choimisiúin Eorpaigh maidir le cúrsaí rialála closamhairc i gcaitheamh na tréimhse a bhfuil athbhreithniú a dhéanamh uirthi.

Ghlac Údarás Craolacháin na hÉireann páirt i ngach ceann de na trí fhoghrúpa agus na grúpaí gnímh a bhaineann leo le linn tréimhse an athbhreithnithe. Leagtar amach achoimre maidir leis na gníomhaíochtaí suntasacha le haghaidh na bliana 2022 thíos.

## Foghrúpa 1: Feidhmiú agus forfheidhmiú comhleanúnach an chreata AVMSD

Leis an gcreat oibre le haghaidh na bliana 2022, bhíothas ag iarraidh tógáil ar an obair ar tugadh fúithi le blianta beaga anuas maidir le tabhairt faoin gcomhoibriú a threisiú agus tacú le rialaitheoirí ina ról agus ina dtascanna nua a shíolraíonn ón gcreat AVMSD leasaithe. Leagadh béim ar leith ar an méid seo a leanas sa bhliain 2022:

- Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíontacht ardáin roinnte físeán leis na bearta atáthar le glacadh leo faoi Alt 28b den Treoir agus chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht bearta dá leithéid;
- Measúnú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí Físbhlagálaithe agus conas a gcumarsáidí tráchtála a rialáil;
- Fiosrú a dhéanamh ar an tslí ina bhféadfadh algartaim agus córais mholtaí an suntas cuí a chinntiú le haghaidh seirbhísí meán closamhairc a bheadh ina n-ábhair a bhfuil suim ghinearálta ag baint leo (Alt 7a) mar aon le suntas na saothar Eorpach (Alt 13(1)).

Táthar ag súil agus gur cheart go mbeadh luach suntasach ag torthaí an taighde, agus na heispéiris níos leithne i dtaca le hÚdarás Rialála Náisiúnta Eorpacha maidir le feidhmiú an AVMSD, le haghaidh Coimisiún na Meán toisc go dtugann sé feidhm d'fheidhmiú AVMSD in Éirinn.

## Foghrúpa 2: Cur i gcrích an Chreata Rialála AE ábhartha do na meáin

Agus é ag leanúint le hobair ERGA ar tugadh fúithi sa bhliain 2020 agus 2021, bhí Foghrúpa 2 ag plé leis na díospóireachtaí reachtúla agus neamhreachtúla maidir le saincheisteanna a raibh buairt ar rialóirí meáin fúthu a leanúint agus cur leo. Ábhar fócais ar leith le haghaidh na bliana 2022 ab ea:

- Forbairt sheasaimh ERGA i dtaca leis an moladh maidir leis an nGníomh Eorpach um Shaoirse na Meán (EMFA);
- Monatóireacht ar phlé beartas AE maidir leis an DSA agus cur chun cinn leantach dearcthaí ERGA maidir leis an DSA tríd an gcéim idirphlé thrípháirteach den phróiseas forbartha reachtaíochta;
- Ullmhú athbhreithniú ar ERGA, agus meas ar mholtaí maidir le todhchaí an Ghrúpa Rialtóirí ar mhaithe lena ábharthacht leantach agus a fheidhmiú éifeachtach sa chreat rialála a bhfuil forbairt ag teacht air a chaomhnú.

Leagtar amach tuilleadh eolais maidir leis na moltaí reachtúla seo thíos.

## Foghrúpa 3: Ag gníomhú in aghaidh bréagaisnéise agus ag treisiú an daonlathais sa timpeallacht dhigiteach

Rinne Foghrúpa 3 iarracht tógáil ar obair blianta eile chomh maith trí ról gníomhach a ghlacadh i bplé maidir le beartais bhréagaisnéise sa todhchaí san AE agus a bheith mar phríomhghníomhaire i dtaca le formhaoirseacht ar ardáin agus an Cód Cleachtais um Bhréagaisnéis á chur i bhfeidhm. Roinneadh an Foghrúpa ina thrí Thascfhórsa, a raibh na réimsí fócais seo a leanas acu:

- Insintí bréagaisnéise a bhaineann le cogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine
- Cód Cleachtais maidir le Bréagaisnéis
- Moladh de chuid an AE maidir le rialacha maidir le trédharcacht agus díriú fógraíocht pholaitiúil.

Mar thacaíocht d'obair Fhoghrúpa 3, d'aontaigh Údarás Craolacháin na hÉireann páirt a ghlacadh i dtionscadal monatóireachta píolótach le haghaidh Cód Cleachtais leasaithe an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Bréagaisnéis.

## Grúpa Gníomhaíochta 1: Cur i bhfeidhm an Mheabhráin Tuisceana

Lean an grúpa gníomhaíochta um chur i bhfeidhm an Mheabhráin Tuisceana idir comhaltaí den ERGA isteach sa bhliain 2022. Bhí sé dírithe ar mhonatóireacht agus feitheoireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm comhleanúnach an Mheabhráin Tuisceana le béim ar leith ar na cásanna trasteorann a bhí ag teacht chun cinn agus ar shainaitheint réimsí féideartha le haghaidh tuilleadh comhoibrithe idir na hÚdaráis Rialála Náisiúnta.

## EPRA

Lean Údarás Craolacháin na hÉireann air ag glacadh páirt in Ardán Eorpach na nÚdarás Rialála (“EPRA”) atá ina líonra neamhspleách rialtóirí closamhairc ar fud na hEorpa. Tá 55 údarás rialúcháin ó 47 tír san EPRA agus cuireann sé suíomh luachmhar ar fáil le haghaidh comhoibrithe agus malartú eolais agus dea-chleachtais idir rialtóirí craolacháin san Eoraip.

Déanadh ionadaíocht ar Údarás Craolacháin na hÉireann ag an dá chruinniú sa bhliain 2022, in Antwerp (An Bheilg) agus in Antalya (An Tuirc). I measc na dtéamaí a fiosraíodh ag na cruinnithe bhí bréagaisnéis/mífhaisnéis, iolracht agus iontaoibh, IS, Litearthacht sna Meáin agus Mionaoisigh & an Fhógraíocht.

Lean comhalta Feidhmeannach de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann, Stephanie Comey lena tréimhse ar Bhord EPRA le haghaidh na bliana 2022.

## An tAcht um Sheirbhísí Digiteacha

Chuaigh an tAcht um Sheirbhísí Digiteacha (“DSA”) i bhfeidhm ar an 16ú Samhain 2022. Cruthaíonn an DSA oibleagáidí nua le haghaidh ardáin ar líne chun an dochar a laghdú agus chun feidhmiú in aghaidh rioscaí ar líne, tugann sé isteach cosaintí láidre le haghaidh cearta an úsáideora ar líne, agus leagann sé ardáin dhigiteacha faoi chreat trédhearcachta agus cuntasachta nua.

Beidh an tAcht i bhfeidhm maidir le hardáin an-mhóra ar líne (“VLOPS”) agus le hinnill chuardaigh an-mhóra ar líne (“VLOSES”) ceithre mhí i ndiaidh go rangáitear iad mar ‘an-mhór’, ar an 25ú Lúnasa 2023, agus beidh sé i bhfeidhm ar gach seirbhís eile ar líne ón 17ú Feabhra 2024.

I Márta na bliana 2022, rinne an Rialtas cinneadh Coimisiún na Meán a ainmniú mar Chomhordaitheoir na Seirbhísí Digiteacha faoin DSA. Táthar ag súil go gcuirfear reachtaíocht a thugann feidhm do na freagrachtaí seo chun cinn i gcaitheamh na bliana 2023.

## EMFA

I dtús na bliana 2022, sheol an Coimisiún Eorpach comhairliúchán poiblí oscailte maidir leis an nGníomh Eorpach um Shaoirse na Meán (EMFA) Is í cuspóir iomlán mholta an EMFA ná ionracas agus neamhspleáchas margadh meán an AE a chinntiú trí trédhearcacht agus neamhspleáchas margaí meán a mhéadú, ag gníomhú in aghaidh trasnaí dhíreach ón stát agus ag cinntiú neamhspleáchas na meán seirbhíse poiblí, agus ag cinntiú comhleanúnachas na gcaighdeán rialála le haghaidh earnáil meán sláintiúil san Eoraip.

Leag Údarás Craolacháin na hÉireann freagra maidir leis an bpróiseas comhairliúcháin poiblí isteach i Márta na bliana 2022. Ina dhiaidh sin, bhí Údarás Craolacháin na hÉireann an-ghníomhach maidir le cur le forbairt sheasaimh ERGA i dtaca le moladh an EMFA, go háirithe i dtaca le ról ERGA sa todhchaí.

Ghlac an Coimisiún Eorpach le moladh an EMFA i Meán Fómhair na bliana 2022, agus táthar ag súil go gcuirfead tús le céim idirphlé thrípháirteach de phróiseas forbartha na reachtaíochta sa dara leath den bhliain 2023.


## An Grúpa Rialtóirí Digiteacha

I gcaitheamh thréimhse an athbhreithnithe, lean Údarás Craolacháin na hÉireann ag dul i ngleic le ComReg, an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí agus an Coimisiún um Chosaint Sonraí faoi scáth an Ghrúpa Rialtóirí Digiteacha (“DRG”). Cruinníonn an DRG go rialta chun réimsí comóntachta rialála agus dúshláin a shainaithint agus é d’intinn comhleanúnachas struchtúir digiteacha agus rialála a uasmhéadú agus tacú le creat comhoibrithe níos leithne maidir leis an rialáil in Éirinn.

Chomh maith leis sin, bhunaigh an grúpa cruinnithe rialta le hOifig Shinsearachá na Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán; ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus ó Roinn an Taoisigh chun plé a dhéanamh ar an Rialáil Dhigiteach in Éirinn agus ar an tslí ina bhféadfadh rialtóirí tacú le cur i bhfeidhm na Straitéise Digití Náisiúnta (2022).

## An Sainghrúpa maidir le Sás do Ghearráin Aonair

In Eanáir na bliana 2022, bhunaigh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Catherine Martin, TD, Sainghrúpa chun scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht sás a chur ar fáil le haghaidh gearáin aonair sa Bhille um Shábháilteacht ar Líne agus Rialáil na Meán 2022.




I Márta na bliana 2022, rinne Údarás Craolacháin na hÉireann aighneacht chuig comhairliúchán poiblí an tSainghrúpa maidir le Sás do Ghearráin Aonair. Ina aighneacht, luaigh Údarás Craolacháin na hÉireann go mbeadh gá go mbeadh acmhainní cuí ar fáil le haghaidh Sás do Ghearráin Aonair agus go mbeadh gá scóip chuí a cheangal leis ionas go bhfeidhmeodh sé go héifeachtach. Chomh maith leis sin, luaigh Údarás Craolacháin na hÉireann gur thacaigh sé go láidir leis an gcreat rialála córasach um shábháilteacht ar líne, de réir mar a leagtar amach é sa Bhille OSMR, agus go gcreideann sé go bhféadfadh an cur chuige seo cabhrú le tacú leis na cuspóirí maidir le haghaidh a thabhairt ar dhíobháilacha a mbíonn tionchar acu ar dhaoine aonair.

Foilsíodh tuarascáil an tSainghrúpa i Meán Fómhair na bliana 2022. Thángthas de thátal ann go raibh sás a cheadódh do dhuine aonair gearán a leagan isteach chuig Coimisiún na Meán go díreach indéanta ach gur cheart do Choimisiún na Meán sás le haghaidh gearáin aonair a thabhairt isteach ar bhonn céimnithe, agus tosaíocht a thabhairt do na gearáin a mbaineann an t-ábhar ar líne a bhíonn i gceist iontu le páistí.

Leag an Sainghrúpa béim air nach mbeadh sé indéanta do Choimisiún na Meán tús a chur le feidhmiú sás le haghaidh gearáin aonair sa tréimhse ghearrthéarmach agus nár cheart é a bhunú go dtí go mbíonn Cód/Cóid Sábháilteachta ar Líne an Choimisiúin i bhfeidhm agus ag feidhmiú agus go dtí go mbíonn rialáil chórasach ar phróiseas láimhseála gearán na seirbhísí rialaithe ar líne i bhfeidhm go daingean. Chomh maith leis sin, leagadh béim air sa Tuarascáil nár cheart sás le haghaidh gearáin aonair a thabhairt isteach murach go raibh na hacmhainní daonna agus na hacmhainní eile riachtanacha i bhfeidhm i gCoimisiún na Meán, agus ansin amháin.

## Gníomhaíochtaí Eile de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann

I gcaitheamh tréimhse an athbhreithnithe, lean Údarás Craolacháin na hÉireann le rannpháirtíocht shuntasach a bheith aige ó pháirtithe leasmhara i measc roinnt imeachtaí, seimineáir agus fóraim. Bhí cruinnithe le Ofcom (RA), Arcom (An Fhrainc) agus Toscaireacht Staidéir de chuid na Nua-Shéalainne ina measc, mar aon le rannpháirtíocht leanúnach sa Líonra Domhanda Rialtóirí Sábháilteachta ar Líne, Grúpa na gCraoltóirí Teilifíse in Éirinn, Fóram na Rialtóirí Meán agus Ábhar ar Líne, agus an Líonra Rialtóirí Eacnamaíochta.





# (B) Clár Bainistithe Athruithe Údarás Craolacháin na hÉireann le haghaidh Bail Foirne

## Clár Bainistithe Athruithe Foirne

Agus iad ag tnúth le hachtú an Bhille um Shábháilteacht ar Líne agus Rialáil na Meán agus le bunú Choimisiún na Meán, chuir Oifig Phríomhfheidhmeannaigh agus Foireann Ardbhainistíochta Údarás Craolacháin na hÉireann, i gcomhar leis an bhFoireann Ceannaireachta Aistrithe, tús le Clár Bainistithe Athruithe Foirne in Iúil na bliana 2021. Bhí trí phríomhshnáithe sa Chlár:

- (i) Plean Cumarsáide Foirne. I measc nithe eile, míníodh sa phlean, a forbraíodh i gcomhairle leis an bhfoireann, an tslí ina ndéanfadh an eagraíocht cumarsáid, comhairliúchán agus dul i ngleic leis an bhfoireann maidir leis an gclár Aistrithe.
- (ii) Bhí sé d'aidhm ag Plean Oiliúna & Forbartha Údarás Craolacháin na hÉireann 2021-2022 a d'fhorbair ó Phlean Straitéiseach Údarás Craolacháin na hÉireann 2021-2023 oiliúint a sheachadadh faoi chúig phríomhthéama straitéiseacha agus riachtanais scileanna na heagraíochta chun tacú le bunú rathúil agus cur chun feidhme Choimisiún na Meán á gcur san áireamh.
- (iii) Iniúcháireacht Chultúir Údarás Craolacháin na hÉireann: Áiríodh iniúcháireacht chultúir chomhairleach i bPlean Iniúcháireachta Inmheánaí Údarás Craolacháin na hÉireann. Bhí rannpháirtíocht agus ionadaíocht foirne i measc gach grád agus sruth oibre san iniúcháireacht seo mar phríomhghné i dtaca le huasluach a bhaint as an iniúcháireacht seo.

Bhí imeachtaí faisnéise rialta i bhfoirm cruinnithe halla an bhaile hibrídeacha agus ar an láthair, clinicí buail isteach agus ceardlanna ann. Tugadh nuashonruithe rialta don fhoireann maidir leis na cúrsaí uile a bhain leis an aistriú trí nuachtlitreacha, faisnéis ón bPríomhfheidhmeannach srl.

Bhí oiliúint agus forbairt foirne ina príomhghné de chultúr Údarás Craolacháin na hÉireann riamh. Thacaigh agus spreag cultúr na heagraíochta daoine aonair tabhairt faoi dhúshlán nua agus glacadh le gné fhoghlama mar chuid den meascán oibre iomlán a bhíonn acu. D'oir sé seo don struchtúr eagraíochta mairtise agus chuir sé conairí gairme féideartha ar fáil do dhaoine aonair.


I gcaitheamh tréimhse an athbhreithnithe, lean an eagraíocht le cur i bhfeidhm plean forbartha inti uaimhianach dhá bhliain, mar aon leis an bhfoireann a bheith ag freastal ar chúrsaí agus ar oiliúint sheachtrach, agus chun tacú leis sin. Is é aidhm an Phlean seo ná cur le heolas, scileanna agus inniúlacht eagraíochtúil agus an fhoireann a ullmhú le haghaidh comhtháthaithe sa Choimisiún agus bhí clár folláin ann féin san áireamh ann.


Leanadh le hoiliúint ar fud na heagraíochta sa bhliain 2022 le sraith ceardlanna acmhainní daonna ar cuireadh tús léi sa bhliain 2021 i dtaca le Beartais Foirne agus reachtaíocht/cóid cleachtais nua amhail an Cead Dínascadh. Fuarthas aiseolas an-dearfach maidir le seisiúin folláine i dtaca le hathléimneacht, bulaíocht san ionad oibre, an Cead Dínascadh, feasacht ar na meáin shóisialta agus feasacht ar an meabhairshláinte. Bhí sé d'aidhm ag an oiliúint breisiú scileanna agus eolais a sheachadadh agus bhí oiliúint i dtaca le Scileanna Agallaimh, oiliúint i dtaca le Bainistíocht Feidhmíochta, oiliúint i dtaca le Béarla simplí agus Excel, tuilleadh nuashonruithe AVMSD agus reachtaíochta, ceardlanna IHREC, agus nuashonruithe maidir le litearthacht sna meáin. Thacaigh oiliúint agus tionscnaimh a bhain le hÉagsúlacht agus le hlonchuimsitheacht le clár creidiúnaithe 'Cré-umha' Údarás Craolacháin na hÉireann le hlonad um Éagsúlacht agus lonchuimsitheacht na hÉireann.

Chomh maith leis sin, reáchtáladh sraith ceardlanna agus seisiúin faisnéise, a sheachaid saineolaithe seachtracha, chun nuashonrú a dhéanamh ar eolas eagraíochtúil maidir le réimse saincheisteanna meán ar líne agus beartais a d'eascair ó chur i bhfeidhm an Bhille OSMR 2022 agus chun cur leis an eolas eagraíochtúil sin.


Sa bhliain 2022, thug iniúchóirí inmheánacha Údarás Craolacháin na hÉireann, EY, faoi Chéim 1 den Iniúchóireacht Chultúir Chomhairleach. Cuireadh an obair allamuigh do Chéim 2 i gcrích i Ráithe 1 2023. Bhí measúnú ar chultúr foirmiúil agus neamhfhoirmiúil Údarás Craolacháin na hÉireann "mar a bhí" san áireamh i gCéim 1 agus déanadh meas ar bheartais, ar chórais agus ar phróisis Údarás Craolacháin na hÉireann a bhíonn ailínithe leis an gcultúr de ghnáth mar aon le luachanna agus iompraíocht Údarás Craolacháin na hÉireann.

Ag eascairt ón measúnú ar an gcultúr "mar a bhí" i gCéim 1, déanfar moltaí maidir le tionscnaimh nó gnéithe nua de chreat cultúir reatha Údarás Craolacháin na hÉireann a gcreideann Údarás Craolacháin na hÉireann gur cheart iad a mhéadú nó a laghdú dá réir. An fheidhm atá le Céim 2 ná cabhrú le hÚdarás Craolacháin na hÉireann a dhearcadh maidir le dearadh an Chreata Cultúir don Choimisiún a chinneadh agus treochar féideartha a tháirgeadh chun é seo a leabú i gcaitheamh tréimhse mheántéarmach. Bíodh agus gur faoin gCoimisiún féin é ábhar cultúr inmhianaithe na heagraíochta nua a chinneadh, táthar ag súil go gcuirfidh na torthaí agus na moltaí ó iniúchóireacht Údarás Craolacháin na hÉireann go mór leis an obair seo. Cuimsíonn obair allamuigh ón dá chéim ceardlanna agus suirbhéanna foirne (a d'ullmhaigh iniúchóirí inmheánacha Údarás Craolacháin na hÉireann, EY), agallaimh duine ar dhuine agus taighde deisce.





Téama Straitéiseach 4:  
**Lucht Féachana**  
**/Éisteachta a Chumasú**



Cuspóir Straitéiseach	Toradh
1: Cur le tuiscint, rannpháirtíocht agus dul i ngleic an phobail le timpeallacht na meán agus cur le litearthacht sna meáin.	Tá luchtanna féachana/éisteachta in Éirinn níos ceangailte le hábhar fuaime agus closamhairc agus níos eolaí agus rannpháirteach leis.
2: An pobal agus páirtithe leasmhara Údarás Craolacháin na hÉireann a chur ar an eolas agus a chur i ngleic leis an athbhreithniú agus leis an leasú ar Chóid, Rialacha agus Beartais Údarás Craolacháin na hÉireann (de réir mar is cuí).	(1) Cuirtear le heolas agus le tuiscint an phobail maidir le Cóid agus Rialacha Údarás Craolacháin na hÉireann, agus maidir leis na luachanna atá mar bhonn fúthu.  (2) Bíonn méadú ar rannpháirtíocht an phobail i bpróisis rialála Údarás Craolacháin na hÉireann.

Ba iad Litearthacht sna Meáin, Cóid agus Rialacha Craolacháin, agus rannpháirtíocht an phobail i bpróisis rialála Údarás Craolacháin na hÉireann na trí phríomhréimse a thacaigh le baint amach an téama straitéisigh seo de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann agus na cuspóirí a chuaigh leis. Tugtar tuilleadh sonraí maidir leo seo thíos.

## (A) Litearthacht sna Meáin a Chur Chun Cinn

Cuimsíodh oibleagáidí reachtúla Údarás Craolacháin na hÉireann i dtaca le litearthacht sna meáin ina Ráiteas Straitéise faoin téama ‘Lucht Féachana/Éisteachta a Chumasú’. Tugadh tiomantas sa chuspóir ábhartha “cur le tuiscint, rannpháirtíocht agus dul i ngleic an phobail le timpeallacht na meán agus cur le litearthacht sna meáin.” Chuir Údarás Craolacháin na hÉireann an cuspóir seo chun cinn tríd an éascú a rinneadar ar Litearthacht sna Meáin, Éire (LMÉ) trí mhaoiniú agus tacaíocht do ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus bhí an bhliain 2022 gnóthach agus táirgiúil sa mhéid seo.

### Litearthacht sna Meáin, Éire

Is comhghuaillíocht neamhspleách neamhfoirmiúil d’eagraíochtaí agus de dhaoine aonair é Litearthacht sna Meáin, Éire (LMÉ) atá i gcomhar lena cheile go deonach chun litearthacht sna meáin a chur chun cinn in Éirinn. A cuspóir uileghabhálach ná Éireannaigh a chumhachtú le scileanna agus le heolas chun roghanna feasacha a dhéanamh maidir le hábhar agus seirbhísí meáin a thomhlaíonn siad, a chruthaíonn siad agus a scaipeann siad – i measc gach ardán meán. Bhí an bhliain 2022 ina bhliain táirgiúil le haghaidh LMÉ, agus fás ag teacht ar an gcomhghuaillíocht i dtéarmaí comhaltais agus i dtéarmaí feasachta maidir lena cuid gníomhaíochtaí. Tháinig fás ar an gcomhaltas ó 245 chuig 300 i gcaitheamh na bliana agus leanadh le cuid mhór den idirghníomhú agus rannpháirtíocht idir na baill agus na páirtithe leasmhara ar líne, chun inrochtaineacht agus rannpháirtíocht a éascú.

Sheachaid LMÉ cúig sheimineár gréasáin i gcaitheamh na bliana, a chuimsigh réimse ábhar ábhartha amhail maoiniú, cleachtais chruthaitheacha, meastóireacht ar idirghabhálacha i dtaca le litearthacht sna meáin agus litearthacht sna meáin agus daoine óga. I measc na bpríomhréimsí oibre eile bhí dearadh agus forbairt clár Gradam Litearthachta sna Meáin agus athdhearadh agus seoladh suíomh idirlín LMÉ.

## Comhdháil Bhliantúil LMÉ

Reáchtáladh Comhdháil Bhliantúil LME 2022 mar imeacht hibrideach ar an 15ú Nollaig 2022 i gcathair Chorcaí. Bhí an t-imeacht ina chomóradaí cúig bliana ó bunaíodh LMÉ agus ba é ‘Litearthacht Bhríoch sna Meáin’ téama na comhdhála agus chuir sé sin tráth ar fáil athmhachnamh a dhéanamh ar éachtaí LMÉ go dtí sin, agus na háiteanna ina mbeadh gá iarrachtaí a dhíriú amach anseo. Agus breis agus 20 cainteoir ag glacadh páirt ar an lá, i measc buaicphointí na Comhdhála bhí seoladh an chlár Gradam agus an tsuíomh idirlín, agus plé painéil agus cuir i láthair maidir le réimse topaicí lena n-áirítear oideachas um litearthacht sna meáin i SAM, cineál aistritheach na timpeallachta ar líne agus gluaiseachtaí comhcheilge, agus cothromas i litearthacht sna meáin.

## Clár Gradam LMÉ

Agus é seolta ag Comhdháil Bhliantúil LMÉ 2022, tá sé i gceist go n-aithneoidh an clár Gradam píolótach tionscadail, tionscnaimh agus tabhartais a raibh tionchar acu ar chur chun cinn na litearthachta sna meáin in Éirinn. Bhí rannpháirtíocht shuntasach le comhaltaí LMÉ i gceist leis seo agus léiríodh tiomantas agus fonn leantach na gcomhaltaí tionscnaimh LMÉ a chur i gcrích. D’ailínigh rannpháirtíocht dá leithéid, mar aon leis an bhféidearthacht don chlár Gradam fás i méid agus feasacht maidir le luach na ngníomhaíochtaí litearthachta sna meáin a mhéadú, le cuspóir straitéiseach Údarás Craolacháin na hÉireann cabhrú rannpháirtíocht an lucht féachana/éisteachta agus na bpáirtithe leasmhara le tionscnaimh LMÉ a thomhas.

## Suíomh Idirlín Litearthacht sna Meáin, Éire – [www.medialiteracyireland.ie/ga/](http://www.medialiteracyireland.ie/ga/)

Arna maoiniú ag Údarás Craolacháin na hÉireann, seoladh an suíomh idirlín athdheartha ag Comhdháil Bhliantúil LMÉ 2022. Tá rannán eisiach ar an suíomh le haghaidh comhaltaí chun líonrú a éascú, agus óstáiltear eolas luachmhar ann don phobal i gcoitinne, lena n-áirítear rannáin nuachta agus imeachtaí, agus oiliúint agus forbairt. Bíodh agus nár seoladh é ach le déanaí, tá an t-aiseolas a fuarthas go dtí seo i dtaca leis an nuashonrú fíor-dhearfach agus tá comhaltaí ag déanamh obair dheonach agus ag cur le rath agus le bainistiú an tsuíomh idirlín.

## Gníomhaíochtaí 2023

Bhí béim shuntasach ag an Líonra LMÉ ar an bpleanáil leanúnach le haghaidh clár Gradam LMÉ isteach sa bhliain 2023. Ba é Feabhra 2023 an spriocdháta le haghaidh iarratas agus beartaíodh imeacht Gradam le haghaidh lár mhí Aibreáin. Is é aidhm clár Gradam LMÉ ná aitheantas a thabhairt don obair atá á déanamh in Éirinn chun litearthacht sna meáin a chur chun cinn agus chun cur leis an bhfeasacht maidir leis sin.

Mar aon leis na Gradaim, cuireadh tús le hullmhú imeachtaí seimineáir ghréasáin le haghaidh 2023, mar aon leis an obair leanúnach ar shuíomh idirlín Litearthacht sna Meáin, Éire. Is príomhghné é seo a thacaíonn le rannpháirtíocht na gcomhaltaí leis an líonra mar aon le cumarsáid riachtanach a chur ar fáil a bhaineann le tionscnaimh agus forbairt litearthachta sna meáin, sa mbaile agus i gcéin.

## Tionscnamh Scannánaíochta Litearthacht sna Meáin IFI

Thacaigh Údarás Craolacháin na hÉireann le tionscnamh de chuid Institiúid Scannánaíochta na hÉireann (IFI) i dtaca le scannáin a bhaineann le litearthacht sna meáin a chur ar fáil do scoileanna. Bhí sé de phlean leis an tionscadal go gcuirfí dhá scannán ar fáil ar ardán IFI trí chód le haghaidh scoileanna rannpháirteacha, agus seimineár gréasáin le scoláirí chun plé a dhéanamh ar na saincheistanna a thagann chun cinn. Is iad na scannáin atá i gceist ná ‘Trust Me’, scannán faisnéise bunaithe ar an tslí ina mbíonn tionchar ag na meáin agus ag easpa litearthachta sna meáin ar dhearcthaí daoine faoin domhan mór, agus ‘Sweat’, scannán ina leantar saol spreagaí aclaíochta agus tionchairí ar na meáin shóisialta.

### Rannpháirtíocht i bhFóraim Eorpacha

Lasmuigh dá chuid oibre i dtaca le LMÉ, lean Údarás Craolacháin na hÉireann air baint ghníomhach a bheith aige i litearthacht sna meáin trí roinnt fóraim Eorpacha. Rinne Údarás Craolacháin na hÉireann ionadaíocht ar Éirinn ar Shainghrúpa an Choimisiúin Eorpaigh um Litearthacht sna Meáin agus ar thascfhórsa litearthacht sna meáin a raibh EPRA mar chathaoirleach air. Labhair Stephanie Comey ag imeacht de chuid EOECA agus ag imeacht roinnte idir an Coimisiún Eorpach agus EPRA chun comóradh a dhéanamh ar an tSeachtain Dhomhanda um Litearthacht sna Meáin.

## (B) Cóid agus Rialacha

Tháinig cóid agus rialacha craoltóireachta Údarás Craolacháin na hÉireann agus feidhm ghearáin craoltóireachta Údarás Craolacháin na hÉireann le chéile chun tacú le taitneamh, tuiscint, agus idirghníomhú an lucht féachana/éisteachta le hábhar closamhairc i gcaitheamh tréimhse an athbhreithnithe.

### Gearáin faoi Chraoltóireacht

I gcaitheamh na tréimhse 1ú Eanáir 2022 chuig 14ú Márta 2023, lean Údarás Craolacháin na hÉireann lena mheas agus lena chinnteoireacht maidir le gearáin a bhain le clárú, fógraíocht agus urraíocht a craoladh ar stáisiún raidió agus teilifíse ceadúnaithe na hÉireann.

Chabhraigh an próiseas le ceart an phobail gearán a dhéanamh mar gheall ar ábhar a chreideadar nár chomhlíon an caighdeán cuí de réir mar a leagtar amach é san Acht Craolacháin 2009 agus/nó i gCóid Údarás Craolacháin na hÉireann. Leagadh isteach gearáin chuig an gcaoltóir ábhartha ar dtús agus ina dhiaidh sin cuireadh ar aghaidh chuig Údarás Craolacháin na hÉireann iad, mura raibh an gearánaí sásta le freagra an chraoltóra.



Sa bhliain 2022, fuair Údarás Craolacháin na hÉireann 218 gearán san iomlán a cinneadh go raibh 164 dóibh neamhbhailí, agus gearán amháin a tharraing an gearánaí siar sula ndearnadh breithniú air. As na 54 gearán bailí a fuarthas, cinneadh go raibh trí (3) cinn acu neamhbhailí níos déanaí. Bhí ísliú ar líon na ngearán bailí ó 148 sa bhliain 2021, agus bhain líon mór dóibh le gearáin a bhain leis an bPaidéim Covid-19. I gcaitheamh na bliana 2022, rinne Údarás Craolacháin na hÉireann breithniú ar 81 gearán san iomlán agus rinne an Coiste Comhlíontachta measúnú ar 43 cinn dóibh agus rinne Fóram Feidhmeannach inmheánach na nGearán de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann breithniú ar 38 cinn. Bhí próiseáil 10 ngearán fós ar bun ag deireadh na bliana 2022.

Sa bhliain 2023, go dtí gur díscóileadh Údarás Craolacháin na hÉireann ar an 14ú Márta bhí breithniú déanta ag Údarás Craolacháin na hÉireann ar 12 ghearán san iomlán agus ba iad Fóram Feidhmeannach inmheánach na nGearán de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann a rinne measúnú orthu. Ar dháta an aistrithe, bhí 24 gearán le breithniú, a bhain leis an bpróiseas aistritheach gearán i.e., gearáin a bhain le craoltaí sa tréimhse 1ú Eanáir-14ú Márta 2023, a dhéanfaidh Coimisiún na Meán measúnú orthu. Chomh maith leis sin, fuair Údarás Craolacháin na hÉireann cúig ghearán neamhbhailí le haghaidh na tréimhse 1ú Eanáir go dtí 14ú Márta 2023. Ar nós blianta roimhe sin, bhain formhór na ngearán, 33, le cúrsaí cothroime, oibiachtúlachta agus neamhchlaontachta in ábhar nuachta agus cúrsaí reatha. Bhain ceithre cinn déag (14) de na gearáin le caighdeáin clár agus cláraíodh 14 ghearán faoi chothroime, oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht agus caighdeáin clár, san áit gur bhain an dá ghearán eile leis na cóid um chumarsáidí tráchtála ginearálta agus do pháistí.

## 2022/23 Líon Iomlán na nGearán 63

An Cód Cothroime, Oibiachtúlachta & Neamhchlaontachta sa Nuacht & i gCúrsaí Reatha (COFOI)	33
An Cód um Chaighdeáin Clár (COPS)	14
COFOI & COPS	14
An Cód um Chumarsáidí Tráchtála Ginearálta & Cód na bPáistí maidir le Cumarsáidí Tráchtála	02
<b>Iomlán</b>	<b>63</b>

## Gearáin a Próiseáladh agus a Réitíodh

Gearáin ar sheas an Coiste Comhlíontachta leo	0
Gearáin a dhiúltaigh Coiste Comhlíontachta	43
Gearáin a dhiúltaigh Fóram Feidhmeannach na nGearán	51
Réitithe (sula ndearna ECF/CC meas orthu)	1
Gearáin Neamhbhailí	176
<b>Iomlán</b>	<b>271</b>

## Taighde maidir le Cleachtais Táirgthe Tráchttaireacht Fuaim

I gcaitheamh na bliana 2022, leanadh leis an obair ar thaighde arna maoiniú ag Údarás Craolacháin na hÉireann i dtaca le próisis tháirgthe Tráchttaireacht Fuaim (AD), dar teideal ‘Iniúchadh ar Chur Chuige Caighdeánaithe maidir le Luachanna Íslithe do Tráchttaireacht Fuaim a Shocrú’. Tá Kieran Lynch (IADT) ag tabhairt faoin taighde seo i gcomhpháirtíocht le hÓran O’Neill (RTÉ). Sa taighde déantar scrúdú ar mhíréacha i bpróisis táirgthe AD sa tionscal, dírithe ar an eispéireas deiridh don úsáideoir, ar an tslí inar féidir feabhas a chur ar an eispéireas seo, agus ar an tslí inar féidir tuilleadh leanúnachais a thabhairt chuig seirbhísí Tráchttaireacht Fuaim.


Cuireadh an chéad chéim den taighde, suirbhé tionscail idirnáisiúnta maidir le cleachtais táirgthe AD reatha, i gcrích faoi Feabhra 2022. Cuireadh an dara céim i gcrích i mí na Samhna 2022, bhain an chéim sin le forbairt sraith turgnaimh chun tagarmharc a leagan síos le haghaidh na gcaighdeán reatha i dtaca le meascadh agus táirgeadh ábhar AD. Is é atá i gceist leis an gcéim dheireanach den tionscadal taighde ná tástálacha éisteachta le lucht féachana i dtaca le socruithe Luachanna Íslithe le haghaidh AD i R1 2023. Táthar ag súil leis an tuarascáil taighde deiridh in Aibreán/Bealtaine na bliana 2023.





Téama Straitéiseach 5:

# Cur le Nuálaíocht agus Inbhuanaitheacht Earnála



Cuspóir Straitéiseach	Toradh
1: Cur le cruthaitheacht agus nuálaíocht mar ghnéithe ar leith d'earnálacha fuaimne agus closamhairc na hÉireann.	Is ábhair fócais de chuid gníomhaíochtaí tacaíochta earnála Údarás Craolacháin na hÉireann (lena n-airítear Scéim Maoinithe Craolacháin agus Forbairt Earnála Údarás Craolacháin na hÉireann) iad cruthaitheacht agus nuálaíocht.
2: Tacú le hinbhuanaitheacht airgeadais feabhsaithe le haghaidh earnálacha fuaimne agus closamhairc na hÉireann a bhaint amach.	Tháinig feabhas ar thionscnaimh de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann sa réimse seo ar fheiceálacht fhadtéarmach earnálacha fuaimne agus closamhairc na hÉireann.

Bhí na Cuspóirí Straitéiseacha faoin téama seo lárnach d'obair Údarás Craolacháin na hÉireann agus cuireadh chun cinn iad trí réimse leathan tionscnaimh maoinithe agus tacaíochta earnála. Ina measc siúd bhí Foghlaim agus Forbairt Earnála, an Scéim Maoinithe Craolacháin agus gníomhaíochtaí eile ar nós maoiniú urraíochta.

Leagtar amach cur chuige na heagraíochta maidir le cultúr foghlama agus forbartha a chothú agus a chaomhnú laistigh den earnáil closamhairc in Éirinn i [mBeartas Foghlama agus Forbartha Earnála Údarás Craolacháin na hÉireann](#). Cuireadh creat ar fáil sa Bheartas chun go bpleanálfadh, go dtacódh, go dtomhaisfeadh agus go ndéanfadh Údarás Craolacháin na hÉireann luacháil ar fhás agus ar fhorbairt leanúnach na hearnála trí réimse gníomhaíochtaí agus cuir chuige oiliúna, foghlama agus forbartha laistigh dá shainchúram reachtúil agus straitéiseach.

Bhí soláthar maoinithe chuig réimse líonraí sa tionscal mar thacaíocht dá ngníomhaíochtaí foghlama agus forbartha éagsúla lárnach i dtaca le cur i bhfeidhm an Bheartais seo. D'fheidhmigh Údarás Craolacháin na hÉireann scéimeanna maoinithe a bhí dírithe ar chraoltóirí pobail agus ar sheirbhísí sealadacha agus scéimeanna nuálaíochta riartha chun tacú le hoiliúint, le foghlaim agus le forbairt tionscnamh i gcomhpháirtíocht le saineolaithe san earnáil. Trí na gníomhaíochtaí seo, chruthaigh Údarás Craolacháin na hÉireann comhghuaillíochtaí nuálacha agus straitéiseacha agus chuireadar cultúr foghlama agus forbartha chun cinn in earnáil na craoltóireachta.

Thacaigh gníomhaíochtaí Foghlama agus Forbartha Earnála le hinbhuanaitheacht airgeadais na hearnála ag an leibhéal is ísle; eagraíochtaí deonacha a raibh Údarás Craolacháin na hÉireann ar an t-aon fhoinsé maoinithe nó ar an bpríomhfoinsé maoinithe ab ea neart de na líonraí a raibh maoiniú á fháil acu, agus d'éascaigh maoiniú dá leithéid seachadadh oiliúna, tógáil scileanna, agus soláthar deiseanna líonraithe dóibh, rud a neartaigh an earnáil óna bonn.

Sa bhliain 2022 agus i R1 2023 cuireadh tacaíocht mhaoinithe ar fáil do na scéimeanna agus do na gníomhaíochtaí seo a leanas:

# Maoiniú Líonraí

Chabhraigh an maoiniú a leithdháil Údarás Craolacháin na hÉireann ar líonraí an tionscail le cur chun cinn an chomhoibrithe agus le tógáil comhpháirtíochtaí straitéiseacha le haghaidh cur chuige inbhuanaithe i leith na foghlama agus na forbartha san earnáil. Bhí gníomhaíochtaí éagsúla ann agus bhí an méid seo a leanas ina measc: forbairt agus seachadadh cúrsaí oiliúna agus ceardlanna, óstáil searmanais gradam, seimineáir, agus comhdhálacha, tabhairt faoi thaighde, cláir mheantóireachta a réachtáil agus piarthacaíocht agus imeachtaí líonraithe a chur ar fáil.

## Maoiniú 2022

Sa bliain 2022, leithdháil Údarás Craolacháin na hÉireann Maoiniú Líonraí **€349,930** ar 16 líonra a d'fhreastail ar réimse leathan spéiseanna earnála, lena n-áirítear craoltóirí pobail agus tráchtála, léiritheoirí agus comhlachtaí léirithe neamhspleácha, iriseoirí, stiúrthóirí, beochantóirí, agus tacadóirí an chomhionannais inscne. Cuirtear liosta faighteoirí Maoiniú Líonraí ar fáil anseo:

### Faighteoirí Maoiniú Líonraí BAI

CRAOL

Learning Waves

An Cumann Teilifíse Pobail (CTA)

An Eoraip Chruthaitheach Éire – Oifig Meáin Baile Átha Cliath


An Eoraip Chruthaitheach Éire – Oifig Meáin Gaillimh

Léiritheoirí Scáileáin na hÉireann (SPI)

Women on Air

Aontas Náisiúnta na nIriseoirí (NUJ)

Women in Film & Television Ireland



---

Animation Skillnet and Animation Ireland

---

Writers Guild of Ireland (WGI)

---

Ionad Scannán na Gaillimhe

---

IFTA

---

Screen Composers Guild of Ireland (SDGI)

---

Screen Skillnet

---

ACE Producers

---

Tá sampla de ghníomhaíochtaí líonra ar thacaigh agus ar mhaoinigh Údarás Craolacháin na hÉireann iad sa bhliain 2022 le fáil thíos:

- **CRAOL**

Bhí gníomhaíochtaí ar nós Féile, Lá Náisiúnta an Raidió Pobail, soláthar deasc cabhrach agus tacaíochtaí rialála chuig stáisiúin, agus ceardlanna scileanna agus taithí le haghaidh oiliúnóirí agus oibrithe deonacha sna ballstáisiúin mar chuid de phlean foghlama agus forbartha CRAOL. Cheadaigh an maoiniú do CRAOL seirbhísí comhordaitheoir tionscadail agus comhairleoir rialála agus leabharchoimeádaí páirtaimseartha a liostáil. Sa bhliain 2022, chuir CRAOL tús le hobair i dtaca le sraith láidir de mhodúil foghlama ar líne agus forbartha scileanna, Acadamh Craoltóireachta CRAOL, a chruthú, ata le forbairt, a bhfuil tógáil le déanamh air, agus atá le rolladh amach chuig an earnáil Pobail i gcaitheamh tréimhse trí bliana. Nuair a chríochnófar é, tá sé d'aidhm go mbeidh sé mar mhodh cruthaitheach agus nuálach aghaidh a thabhairt ar riachtanais oiliúna, foghlama agus forbartha leanúnaí CRAOL.

- **Learning Waves**

Sa bhliain 2022, thug Learning Waves faoi roinnt príomhghníomhaíochtaí a thacaigh le héagsúlacht agus le hinbhuanaitheacht earnála. Cuireadh obair ar Uirlisí Úsáide acmhainní agus treoirlínte CÉI chun cinn i gcomhar le hIonad um Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht na hÉireann. Rolladh amach Oiliúint le haghaidh Ceannairí Comhionannais agus Éagsúlachta ar fud na hearnála, mar aon le hoiliúint maidir le Ceannaireacht Ionchuimsitheach agus Claonadh Neamh-Chomhfhiosach. Eisíodh suirbhé CÉI i mí na Samhna 2022 agus na torthaí le seoladh sa bhliain 2023. Dhear, d'fhorbair agus rolláil Learning Waves amach clár oiliúna sé seachtaine maidir le hinbhuanaitheacht Timpeallachta i gcomhar le Oibreacht Inbhuanaitheachta. Seachadadh an clár i mí Meithimh agus Iúil 2022 agus reáchtáladh seisiún aiseolais le rannpháirtithe i mí na Samhna 2022. Reáchtálfar an clár arís sa bhliain 2023 agus beidh sé ionadaíoch ar an aiseolas a fuarthas ó rannpháirtithe na bliana 2022.

- **An Cumann Teilifíse Pobail**

Reáchtáil an Cumann Teilifíse Pobail a Fhéile Teilifíse Pobail bhliantúil i gCorcaigh i mí na Samhna 2022 bunaithe ar an téama 'Feiceáilacht, Comhionannas & Inbhuanaitheacht'.

I measc na ngníomhaíochtaí eile a maoiníodh bhí ‘Tales from the Tails’, tionscadal athchuidithe maidir leis an tslí ina raibh tionchar cinniúnach ag an mBóthar Iarainn san imirce. Reáchtáladh ceardlann forbartha scileanna chomh maith i dtaca le scannánaíocht ar ghuthán póca le haghaidh Teilifís Phobail, inar breathnaíodh ar scéalaíocht fhísiúil agus ar bhailiú nuachta ar ghuthán póca agus fiosraíodh teicnící agus acmhainní chun cabhrú ardchaighdeán scannánaíochta agus eagarthóireachta a bhaint amach.

- **Animation Skillnet/Animation Ireland agus Screen Skillnet**

Leag na líonraí thuas togra comhpháirtíochta isteach maidir le dhá chlár leantacha ar cuireadh tús leo sa bhliain 2021 a reáchtáil. Bhí an Clár um Scríbhneoirí Éagsúla (Céim 2) dírithe ar na rannpháirtithe a aithníonn mar scríbhneoirí éagsúla agus tugadh forléargas do na daoine a d’fhreastail air maidir leis na réaltachtaí praiticiúla agus na féidearthachtaí cruthaitheacha a bhaineann le hoibriú ar theilifís do pháistí. Rolladh amach an Treoir um Cháin le haghaidh Saoririseoirí mar shraith imeachtaí (seimineáir ghréasáin, clinicí cánach le ceardlanna agus seisiúin duine ar dhuine) chun tacú le hiontrálaithe nua san earnáil beochana agus scáileáin maidir le tuairisceáin chánach a líonadh. Bhí sé d’aidhm go dtabharfaí tús áite do rannpháirtithe ó ghrúpaí Éagsúlachta agus lonchuisitheachta, a bhféadfadh tuairisceáin chánach níos mó deacrachta a chruthú dóibh, sna clinicí.

- **Women in Film & Television Ireland**

D’óstáil Women in Film & Television Ireland réimse leathan imeachtaí sa bhliain 2022. Lean an líonra lena shraith máistir-ranganna rathúla ar líne, a scaoileadh i bhfoirm phodchraolta chun cur le hinrochtaineacht. Bhí comhrá le DOP, Kate McCullough, plé maidir le ‘Uathachas agus déanamh scannán’, painéal ar líne ag ceiliúradh Scannánaithe WTF, agus caint maidir le hOiriúnú le Suzanne Allain, mar chuid den tsraith. D’fhreastail breis agus 200 duine orthu idir na cainteanna uile, agus na céadta seinm den phodchraoladh sa bhreis air sin.

Tugadh aitheantas do mhná a bhí chun cinn sna hiarrachtaí mná eile a chur chun cinn agus a chur ar aghaidh i dtionscail na scannánaíochta ‘In Conversation’, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus rinneadh ceiliúradh orthu i sraith athraitheoirí. Bhí Sophie Hyde agus Helene Granqvist i measc na gcainteoirí. I measc na n-imeachtaí eile bhí imeacht painéil maidir le ‘Tuismitheoireacht, Cúram agus Tionscal na Scannánaíochta’ ag Fleadh Scannánaíochta na Gaillimhe ar an 6 Iúil, agus an Sárthaispeántas Gearrscannáin WFT, taispeáint bhliantúil agus seisiún líonraithe ina ndéantar ceiliúradh ar shaothar ealaíonta a chruthaigh a gcomhaltaí, a bhí ar bun ar an 7ú Nollaig in Institiúid Scannánaíochta na hÉireann.

## Maoiniú Líonraí 2023

I mí Feabhra na bliana 2023, d’ofráil Údarás Craolacháin na hÉireann **€360,000** san iomlán don 15 líonra seo a leanas: CRAOL; Learning Waves; An Cumann Teilifíse Pobail (CTA); An Eoraip Chruthaitheach Baile Átha Cliath; An Eoraip Chruthaitheach Gaillimh; Léiritheoirí Scáileáin Éireann; Women On Air; Comhaontas Náisiúnta na nIriseoirí; Women in Film & Television Ireland; Writers Guild of Ireland; Ionad Scannán na Gaillimhe; IFTA; Screen Composers Guild of Ireland; ACE Producers agus comh-aighneacht ó Animation Skillnet, Animation Ireland agus Screen Skillnet. Bainfear úsáid as an maoiniú chun réimse gníomhaíochtaí a rolladh amach i gcaitheamh na bliana chun tacú le hinbhuanaitheacht, le foghlaim agus le forbairt i measc na n-earnálacha closamhairc agus meán.

I measc na ngníomhaíochtaí molta tá:

- Ceiliúradh Lá Náisiúnta an Raidió Pobail agus Féile, Gradam agus CCB CRAOL
- Féile Teilifíse Pobail / Ceardlanna Forbartha Scileanna (CTA)
- Feasacht um Chomhionannas agus Éagsúlacht / Tionscnaimh um Inbhuanaitheacht Timpeallachta (Learning Waves)
- Inbhuanaitheacht Tionscail / CÉI / Forbairt Scileanna / Oibriú le Páistí (SPI)
- Imeachtaí líonraithe de chuid na hEorpa Cruthaithí Baile Átha Cliath / Painéal Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta le Gorm Media
- Oiliúint maidir le Agallaimh Meáin / sraith imeachtaí Inscne & Éagsúlachta (Women on Air)
- Sraith Fóraim agus Podchraoltaí Saoriseoireachta an Earraigh / an Fhómhair (NUJ Éireann)
- Ceardlann Mhargáiochta Scannán agus Teilifíse de chuid na hEorpa Cruthaithí Gaillimh / Imeacht Léirithe Clár / Scannán Faisnéise
- Sárthaispeántas Gearrscannán / Imeachtaí painéil / Máistir-rang ar líne (Women in Film & Television Ireland)
- Ceardlanna forbartha gnó Animation Skillnet / Animation Ireland / Screen Skillnet
- Ceardlanna Roghnú Aisteoirí ar Chumais Éagsúla / Ceardlann scríbhneoireachta scáileáin Gaeilge (Ionad Scannán na Gaillimhe)
- Ceardlanna Forbartha Scileanna / Pitseáil Tionscadal / Imeachtaí painéil (Writers Guild of Ireland)
- Comhdháil CÉI 1-lá 'Dynamic / Diverse' (IFTA)
- Ceardlanna forbartha scileanna agus imeachtaí líonraithe de chuid Screen Composers Guild of Ireland
- Oiliúint éagsúlaithe 'ACE Animation Special' le haghaidh léiritheoirí scannáin / teilifíse (ACE Producers)

### An Scéim Tacaíochta le haghaidh Craoltóireacht Phobail

Bhí Scéim Tacaíochta le haghaidh Craoltóireacht Phobail (CBSS) de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann oscailte do gach craoltóir raidió agus teilifíse Pobail agus Pobail Suime a bhí ceadúnaithe ag Údarás Craolacháin na hÉireann. D'ofráil an Scéim tacaíocht mhaoinithe chun a chur ar chumas craoltóirí tabhairt faoi thionscadail a chuirfidh forbairt eagraíochta a gcuid stáisiún chun cinn, mar shampla, athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais agus ar nósanna imeachta an stáisiúin, oiliúint foirne, naisc a chruthú leis an bpobal, agus dea-chleachtas a roinnt. Tá leithdháileadh maoinithe €20,000 ag an Scéim le haghaidh na bliana 2023 agus glactar le hiarratais ar bhonn leanúnach.

### An Scéim Tacaíochta le haghaidh Seirbhísí Raidió Sealadacha

Chuir an Scéim Tacaíochta maoiniú ar fáil do sheirbhísí raidió sealadacha le haghaidh gníomhaíochtaí oiliúna, forbartha agus/nó meastóireachta suas chuig €500 in aghaidh an stáisiúin. Sa bhliain 2022, fuair Raidió Pobail Chinn Mhara €400 trí Scéim Tacaíochta le haghaidh Seirbhísí Raidió Sealadacha de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann chun físeán oiliúna a fhorbairt le haghaidh oibríthe deonacha an stáisiúin.

Fuair Christmas FM €500 chun tacú le hoiliúint maidir le léitheoireacht raidió a seachadadh d'oibrithe deonacha an stáisiúin sa tseirbhís a chuireann ceol Nollag ar fáil d'éisteoirí, agus chun tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí carthanachta suntasacha an stáisiúin gach mí na Nollag. Tá leithdháileadh iomlán €1,500 ag an scéim le haghaidh na bliana 2023 agus glactar le hiarratais ar bhonn leanúnach.

## An Ciste Nuálaíochta

Bhí Ciste Nuálaíochta Údarás Craolacháin na hÉireann ailínithe le Téama Straitéiseach Údarás Craolacháin na hÉireann *Cur le Nuálaíocht & le hInbhuanaitheacht Earnála*, agus cuspóir straitéiseach ann “cur le cruthaitheacht agus nuálaíocht mar ghnéithe ar leith d'earnálacha fuaime agus closamhairc na hÉireann”. In Eanáir na bliana 2022, d'fhaomh Údarás Craolacháin na hÉireann Maoiniú Nuálaíochta €47,000 le haghaidh an tionscnaimh seo a leanas:


- **Clár na hIriseoireachta do Chéimithe Learning Waves 2022**

Sa bhliain 2022, bronnadh maoiniú faoin Scéim Nuálaíochta ar Learning Waves Scillnet chun leagan nua de Chlár na hIriseoireachta do Chéimithe a reáchtáil. Cuireadh socrúcháin ar fáil do deichniúr céimithe i gclár na bliana 2022, agus cuireadh deis ar fáil d'iarrthóirí rathúla meantóireacht, oiliúint theagmhálach, forbairt phearsanta agus deiseanna cruthaithe ábhar a fháil agus iad ag oibriú i gceann de stáisiún raidió tráchtála neamhspleácha na tíre. Le haghaidh clár na bliana 2022, bronnadh €47,000 san iomlán ar Learning Waves, a bhí mar mhéadú suntasach ar an maoiniú a chuaigh chun tairbhe na n-intéirneach go díreach agus a chabhraigh cur i dtreo a gcuid costas maireachtála agus iad ag tabhairt faoina socrúcháin.

Bhí suim shuntasach i scéim na bliana 2022 i measc stáisiúin agus mic léinn, agus roghnaíodh na craoltóirí agus na céimnithe rannpháirteacha i ndiaidh próiseas roghnúcháin cuimsitheach. Seoladh Clár na hIriseoireachta do Chéimithe go hoifigiúil i mí na Samhna 2022. Ofráladh socrúcháin le haghaidh cúig mhí sna stáisiúin seo a leanas: Newstalk (lena áirítear 'Off the Ball'), Radio Kerry, Midwest Radio, Ocean FM, Galway Bay FM, Shannonside FM, iRadio, Midlands 103 agus Tipp FM.

- **Clár na hIriseoireachta do Chéimithe Learning Waves 2023**

I mí Feabhra na bliana 2023, bronnadh maoiniú leantach €47,000 ar Learning Waves chun Clár na hIriseoireachta do Chéimithe a reáchtáil arís sa bhliain 2023; cuireann meastóireacht ar an gclár a chuaigh roimhe bonn eolais faoi gach leagan den chlár agus cuirtear aon mholadh ábhartha san áireamh ann. Chomh maith leis sin, cuireadh gnéithe nua isteach i gclár na bliana 2023 mar fhreagra ar thaighde idirnáisiúnta, rud a bhí ag dul leis an gcruthaitheacht agus leis an mbreisíocht a bhaineann leis an Scéim Nuálaíochta.



Léirigh taighde Nuachta Digití Reuters (2022) gá le Gen Z a bhaint amach le hábhar nuachta tarraingteach, rud atá indéanta ar ardáin éagsúla, ar mhaithe le nuacht a chur ar fáil atá inrochtana do luchtanna féachana/éisteachta níos óige agus atá ceangailte leo. Agus an riachtanas seo á aithint, tá sé d'aidhm go dtacófar le céimithe i dtaca le hábhar nuachta a chruthú le haghaidh ardáin éagsúla le togra an Chláir do Chéimithe 2023, go háirithe ar ardáin óna bhfaigheann Gen Z a gcuid nuachta agus ábhair. Tá sé de beartaithe arís go n-ofrálfar 10 socrúchán do chéimithe ar an gclár, ina bhfaighidh iarrthóirí rathúla meantóireacht, oiliúint theagmhálach, forbairt phearsanta agus deiseanna cruthaithe ábhar agus iad ag oibriú i gceann de stáisiún raidió tráchtála neamhspleácha na tíre.

- **Taighde Léiritheoirí Scáileáin na hÉireann / IADT a bhaineann le Cláir Fhíriciúla**

I mí Feabhra na bliana 2023, bronnadh **€16,740** ar Léiritheoirí Scáileáin na hÉireann (SPI) agus ar Scoil Náisiúnta na Scannánaíochta ag an Institiúid Ealaíne, Dearadh agus Teicneolaíochta (IADT) atá ag comhoibriú lena chéile chun taighde idirdhisciplíneach a dhéanamh ina ndéanfar scrúdú ar earnáil na gclár fíriciúil den tionscail closamhairc in Éirinn. Is é an aidhm atá leis an dtaighde seo go gcruthófaí pictiúr iomlán d'fhoirm, de chineál agus de thionchar tráchtála na gclár fíriciúil in Éirinn, ionas gur féidir le SPI agus páirtithe leasmhara eile tacú le cláir fhíriciúla, pleanáil dóibh agus a n-inbhuanaitheacht a chinntiú sa todhchaí. Roinntear an taighde ina thrí chéim ar leith (An Chéim Scópála; An Chéim Taighde; An Chéim Breacadh Síos), agus tacóidh maoiniú reatha le céim scópála na taighde.

## An Ciste Éagsúlachta

Ón mbliain 2020, leithdháileadh fo-bhuiséad de mhaoiniú Foghlama agus Forbartha Earnála ar bhonn bhliantúil chun tionscadail ar leith a chur ar fáil a chuireann an éagsúlacht chun cinn. Is é an aidhm leis an maoiniú seo go dtacófaí le tionscnaimh nua i réimsí na Gaeilge, an Chomhionannais Inscne, na hÉagsúlachta & na hIonchuimsitheachta, agus go bhfreagrófaí do ghealltanais eile de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann sna réimsí seo. Idir an 1 Eanáir 2022 agus an 14 Márta 2023, cuireadh maoiniú Foghlama agus Forbartha Earnála ar fáil d'Oireachtas na Gaeilge, X-Pollinator agus Féile Shine. Tugtar breac-chuntas ar ghníomhaíochtaí maoinithe Oireachtas na Gaeilge sa chuid den tuarascáil seo a bhaineann leis an nGaeilge. Sonraítear tionscnaimh X-Pollinator agus Shine sa chuid a bhaineann le hInscne agus le hÉagsúlacht.

# Scéim Urraíochta Údarás Craolacháin na hÉireann

Lean Scéim Urraíochta bhliantúil Údarás Craolacháin na hÉireann le méadú ar an bhfáil ar ábhar agus ar a fheiceálacht i measc na réigiún a éascú. Díriodh ar imeachtaí agus ar ghníomhaíochtaí a chuir éagsúlacht agus iolarthacht chun cinn agus a chuireann feabhas ar nuálaíocht agus ar inbhuanaitheacht na hearnála.

Faoi chlár urraíochta na bliana 2022, bhronn Údarás Craolacháin na hÉireann **€149,500** ar 23 tionscadal a bhí ar bun i gcaitheamh na bliana.

Le haghaidh na bliana 2023, leithdháil Údarás Craolacháin na hÉireann **€167,500** ar 23 tionscadal. Bhíodar seo a leanas ina measc:



---

Animation Dingle

---

BP, The Centenary of Ireland's First Licensed Radio Station

---

Féile Scannán Idirnáisiúnta Catalyst 2023

---

Duais Choice Music

---

68ú Féile Scannán Idirnáisiúnta Chorcaí - Clár Faisnéise

---

Cruinniú Mullaigh FÍS TV

---

Féile Scannán Idirnáisiúnta Fresh

---

Fleadh & Aonach Scannán na Gaillimhe

---

Comórtas Gearrscannán & Script Scannán Harp

---

Gradaim IFTA

---

Gradaim Raidió IMRO

---

Gradaim Bheochana na hÉireann 2023

---

Gradaim Chumarsáide an Oireachtais 2023

---

Gradaim Radharc 2023

---

Gradaim RTS 2023 / Gradaim RTS Éireann 2023


---

Féile Shine 2023

---

Gradaim Náisiúnta Meán na Mac Léinn (SMEDIAS)

---



# Inbhuanaitheacht

## Fuaim & Fís

Gné lárnach de chuspóir straitéiseach Údarás Craolacháin na hÉireann maidir le tacú le hinbhuanaitheacht na hearnála agus cur le cruthaitheacht agus le nuálaíocht ná maoiniú agus tacaíocht eile a chur ar fáil trí mhaoiniú Físe & Fuaim. Is foinse mhaoinithe shuntasach agus ríthábhachtach í an Scéim le haghaidh craoltóirí agus earnálacha léirithe neamhspleácha.

Sa bhliain 2022, as an €21.1 mhilliún a cuireadh ar fáil chun tacú le léiriú ábhair, chuaigh €19.6 mhilliún (92.6%) de seo díreach chuig Léiritheoirí Neamhspleácha ar fud Teilifís agus Raidió, méadú ó c.€13 mhilliún sa bhliain 2021

Cineál Iarrthóra	Líon na nIarratas Rathúla	Maoiniú Curtha ar fáil	% den Fhoriomlán
Craoltóir	29	€1,551,917	7.33%
Léiritheoir Neamhspleách	153	€19,612,990	92.67%
<b>Móriomlán</b>	<b>182</b>	<b>€21,164,907</b>	<b>100.00%</b>

## Teilifís

### Craoltóirí Seirbhíse Poiblí

Craolfar gach ceann de na 56 tionscadal a moladh lena maoiniú ar Sheirbhísí Teilifíse Seirbhíse Poiblí agus léireoidh Comhlachtaí Léirithe Neamhspleácha iad agus beidh iomlán **€13.4 mhilliún** i gceist leis.

### Teilifís Tráchtála

Craolfaidh Cainéil Virgin Media ceithre thionscadal déag (14) a maoiníodh faoin Scéim, a bheidh á léiriú ag Léiritheoirí Neamhspleácha le maoiniú **€5.1 mhilliún**.

### Teilifís Phobail

Is léiritheoirí neamhspleácha a leag isteach gach ceann de na ceithre (4) thionscadal a moladh le haghaidh maoinithe, a chraolfar ar theilifís phobail, a mbeidh iomlán **€240,522** i gceist leo.

## Raidió

### Raidió Seirbhíse Poiblí

Is Léiritheoirí Neamhspleácha a dhéanfaidh gach ceann d'aon tionscadal is tríocha (31) a bhfuil maoiniú á chur ar fáil dóibh lena gcráladh ar Raidió Seirbhíse Poiblí agus tá maoiniú iomlán **€650,090** i gceist leo.

## Raidió Tráchtála

Craolfar seacht dtionscadal is caoga (57) ar cuireadh maoiniú ar fáil dóibh ar Raidió Tráchtála. Astu seo, leag craoltóirí 13 iarratas isteach go díreach agus bhí **€878,754** i gceist leo (lena n-áirítear dhá iarratas ó IBI). Is méadú suntasach é seo ar an gciste a leithdháileadh ar thionscadail a bhí á léiriú agus á gcráladh ag raidió tráchtála agus is amhlaidh seo mar gheall ar an gcur chuige cnuasach a ghlac stáisiúin IBI chun comhiarratais a leagan isteach don scéim. Chomh maith leis sin, thacaigh Craoltóirí Raidió Tráchtála ceithre thionscadal agus ceathracha (44) eile, ar d’ofráil an Scéim maoiniú **€622,530** dóibh le haghaidh léirithe le Léitheoirí Neamhspleácha.

## Raidió Pobail

Craolfar aon tionscadal is fiche (21) ar cuireadh maoiniú ar fáil dóibh ar Raidió Pobail. Astu seo, leag craoltóirí 14 iarratas isteach go díreach agus bhí **€182,976** i gceist leis an maoiniú iomlán a cuireadh ar fáil. Thacaigh stáisiúin Raidió Pobail le seacht dtionscadal eile a léireoidh Léiritheoirí Neamhspleácha ar a son, a mbeidh iomlán **€41,707** i gceist leo.

## Cruthaitheacht agus Nuálaíochta a Mhaoiniú

Is príomhghnéithe cáilíochtúla de phróiseas iarratais ar mhaoiniú Fuaime & Físe é maoiniú tionscadail a chuireann cruthaitheacht agus nuálaíocht chun cinn agus a sheachadann cruthaitheacht agus nuálaíocht. Bhí méadú ar thairgeadh agus infhaighteacht clár le haghaidh luchtanna féachana/éisteachta Éireannacha, mar thoradh ar bhabhtai maoinithe breise sa bhliain 2022, lena n-áirítear tairiscint maoinithe chuig roinnt tionscnaimh nua, m.sh. an tsraith bliana ‘*Ours to Protect*’ a bhí dírithe ar an aeráid le craoladh ar 24 stáisiún tráchtála ar fud na tíre, scéim gradam ceoil nua Éireannach ‘*Uprising*’ le craoladh ar Virgin Media, agus an clár drámaíochta sé chuid ‘*Obituary*’ a cheapadh, a forbraíodh agus a scríobhadh in Iarthar na hÉireann.

## Cine 4

Is comhthionscnamh é Cine 4 idir Údarás Craolacháin na hÉireann, TG4 agus Scáileán Éireann chun fadscannáin nua a fhorbairt i nGaeilge. Ón mbliain 2017 bhí an Scéim ina preabchlár le haghaidh roinnt tionscadail a bhuaigh gradaim agus a raibh moladh na gcriticeoirí acu, a déanadh lena gcur amach sna pictiúrlanna agus lena gcráladh ar TG4.

Ábhar suntais ar leith sa bhliain 2022 ab ea na gradaim agus na duaiseanna ar fad a bhuaigh scannáin a maoiníodh faoin Scéim, lena n-áirítear ‘Foscadh’ a bheith roghnaithe ag Acadamh Scannánaíochta agus Teilifíse na hÉireann (IFTA) mar iontráil na hÉireann le haghaidh catagóir Fadscannán Idirnáisiúnta Is Fearr na nGradam Oscar. Bhuaigh scannán eile ‘Róise & Frank’ roinnt gradaim, lena n-áirítear an Ensemble Is Fearr ag Féile Scannán Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath agus Gradam an Lucht Féachana á bhuanach aige ag Féilte Scannán Idirnáisiúnta Santa Barbara agus Sonoma chomh maith. Chomh maith leis sin, tá ‘An Cailín Ciúin’ mar an scannán Gaeilge is mó saothraithe riamh ar fud an domhain agus mar an chéad scannán drámaíochta Gaeilge a shaothraigh €1 mhilliún in oifigí ticéad na hÉireann agus an RA. I mí na Nollag, fógraíodh gur cuireadh an scannán ar an ngearrliosta le haghaidh gradam Oscar i gcatagóir an Fhadscannáin Idirnáisiúnta Is Fearr. Ainmníodh ‘An Cailín Ciúin’ in dhá chatagóir chomh maith – An Scannán Is Fearr Nach Bhfuil i mBéarla agus An Script Scannáin Oiriúnaithe Is Fearr ag gradaim BAFTA 2023.

# Struchtúr Eagraíochta Údarás Craolacháin na hÉireann

Rinne Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh (OCEO) formhaoirseacht agus monatóireacht ar chur i bhfeidhm Ráiteas Straitéise Údarás Craolacháin na hÉireann agus ar phleananna oibre a bhain leis. Thacaigh foireann ardbhainisteoirí ag gráid Phríomhoifigigh agus Leas-phríomhoifigigh a thiomáin cur i bhfeidhm na straitéise agus a rinne formhaoirseacht ar phleanáil na hoibre don eagraíocht ina hiomláine, le hOifig an Phríomhfheidhmeannaigh. D'fheidhmigh Údarás Craolacháin na hÉireann struchtúr maitrise inar oibrigh an fhoireann go solúbtha ar fud gach réimse gníomhaíochta de réir riachtanais ghnó. Chuir an struchtúr maitrise seo ar chumas na foirne scileanna úsáideacha agus nochtadh chuig réimsí oibre nua a ghnóthú ar bhonn leanúnach, ag cur le heolas agus le hinniúlacht na heagraíochta.

Bhí leibhéal na n-acmhainní foirne mar phríomhdhúshlán d'Údarás Craolacháin na hÉireann ag ullmhú le haghaidh aistriú isteach i gCoimisiún na Meán. Sa bhliain 2022, d'atheagraigh Údarás Craolacháin na hÉireann a fhoireann ceannaireachta, agus Oifig an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin á leathnú aige ón bPríomhfheidhmeannach agus an Leas-phríomhfheidhmeannach chuig an bPríomhfheidhmeannach agus dhá Phríomhfheidhmeannach Cúnta. Faoin dáta díscailte ar an 14ú Márta 2023, ceapadh dhá Phríomhoifigeach eile.

Mar ullmhúchán le haghaidh bhunú Choimisiún na Meán, agus chun tacú leis, d'iarr an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spórt agus Meáin ar Údarás Craolacháin na hÉireann earcaíocht a dhéanamh le haghaidh 17 bpost chun tacú le Feidhm Rialachais Chorparáidigh an Choimisiúin. Cuireadh tús leis an earcaíocht seo in Eanáir na bliana 2023 agus faoin 15ú Márta 2023, earcaíodh Stiúrthóir Rialachais agus Airgeadais nua agus Ceann Saoráidí le haghaidh an Choimisiúin.

## Rochtain / Míchumas

Sa bhliain 2022, mhaígh 17% d'fhostaithe Údarás Craolacháin na hÉireann go raibh míchumas orthu i dtreoir leis an sainmhíniú a leagtar amach san Acht Míchumais 2005. Lean Údarás Craolacháin na hÉireann ag tacú le gach fostaí, lena n-áirítear fostaíthe a bhfuil riochtaí fadtéarmacha orthu, le seirbhísí ar nós an Chláir um Chúnaimh Fostaíochta, uaireanta cloig nó pátrúin oibre oiriúnaithe más gá, agus oiriúintí ar leith maidir le suíomh tíreolaíoch san fhoirgneamh agus/nó troscáin speisialaithe. Chomh maith leis sin, i gcás fostaíthe a bhfuil tacaíocht le haghaidh fadhbanna meabhairshláinte de dhíth orthu, chuir Údarás Craolacháin na hÉireann tacaíocht EAP ar fáil go comhleanúnach chun riachtanais an fhostaí a chomhlíonadh agus chuireadar tacaíochtaí eile ar nós Measúnaithe Sláinte Ceirde agus saoire speisialta ar fáil. Tá foirgneamh Údarás Craolacháin na hÉireann oiriúnach do chathaoireacha rotha agus thacaigh na socruithe oibre hibrídeacha leis na baill foirne a bhfuil riachtanais oiriúnaithe acu.

Mar chuid dá chuid gníomhaíochtaí um thacaíocht do Míchumais sa bhliain 2022, d’eagraigh Údarás Craolacháin na hÉireann ceardlanna agus seisiúin oiliúna foirne i dtaca le feasacht ar mhíchumas agus i dtaca le hionchuimsitheacht. Ina measc bhí oiliúint maidir le Feasacht ar Bhodhra agus oiliúint maidir le Feasacht ar an Acht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann agus ceardlanna maidir le Meabhairshláinte Dhearfach. I nDeireadh Fómhair na bliana 2022, rinne Jack Kavanagh, atá mar chomhalta de Bhord Stiúrthóirí an Údaráis Náisiúnta Míchumais, caint leis an bhfoireann maidir le hathléimneacht phearsanta. Chomh maith leis sin, chuir Údarás Craolacháin na hÉireann clár faisnéise maidir lenár gcuid oibre maidir le hÉagsúlacht agus le hionchuimsitheacht agus maidir le hobair agus beartais a bhaineann le IHREC sa bhliain 2022 ar fáil agus cuireadh gach ball foirne i ngleic leo.

## Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

Leagann Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 dualgas dearfach ar chomhlachtaí poiblí aird chuí a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le cearta an duine agus leis an gcomhionannas. Is oibleagáid dhlíthiúil é seo atá in Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014. Baineann cuspóirí agus feidhmeanna Údarás Craolacháin na hÉireann, de réir mar a leagtar amach iad san Acht Craolacháin 2009, go díreach le comhionannas agus cosaint cearta an duine amhail, sairse chun tuairimí a nochtadh, cosaint mhionaoiseach, comhionannas rochtana agus míchumais, an ceart chun príobháideachais, an ceart chun leigheas éifeachtach, an ceart chun oideachais, agus an ceart chun cosaint ó idirdhealú. Mar sin, tá cur chun cinn an chomhionannais, cur as an áireamh an idirdhealaithe agus cosaint chearta an duine i gcroílár ár gcuid oibre agus ár gcuid luachanna, lena n-áirítear cothroime, neamhspleáchas, saineolas agus freagracht.

Sa chomhthéacs sin, lean Údarás Craolacháin na hÉireann le cur i bhfeidhm a Phlean Gnímh Dhualgas Earnála Poiblí 2021-22. Áiríodh leis seo maoiniú do thaighde ar thráchttaireacht fuaime, cur i bhfeidhm agus measúnú Phlean Gníomhaithe Inscne an Údaráis chomh maith le rannpháirtíocht na foirne in oiliúint le tacú le héagsúlacht, ionchuimsitheacht agus comhionannas agus cur i bhfeidhm an Phlean Gnímh. Dhírigh an oiliúint ar roinnt topaicí, lena n-áirítear feabhas a chur ar fheasacht agus tuiscint na foirne i dtaca leis an bpobal bodhar, oiliúint ar Bhéarla Simplí, agus oiliúint folláine do bhaill foirne atá ag plé le ceisteanna ar nós na meabhairshláinte agus an teacht aniar. Cuirfear tuarascáil ar an dul chun cinn ar fáil i gcomhthéacs fhorbairt Phlean Gnímh Dhualgas Earnála Poiblí Choimisiún na Meán.

## Éagsúlacht agus Cuimsiú a Chur Chun Cinn



Le linn an tréimhse athbhreithnithe, d’fhorbair an BAI Beartas um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú a leag amach conas a bhainfidh an BAI a aidhmeanna amach maidir le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn mar fhostóir agus sa chaoi a mbeidh muid ag plé lenár bpáirtithe leasmhara mar chomhlacht poiblí.

Mar atá leagtha amach sa Bheartas, tá an BAI tiomanta do chomhionannas agus cothroime a chur chun cinn agus chun an t-idirdhealú a chomhrac. Creidimid i nguth a thabhairt dár bhfoireann go léir, beag beann ar ár ndifríochtaí, agus meas a thabhairt ar an éagsúlacht as na fíorbhuntaístí a chruthaíonn sí. Ar na buntaístí seo tá meanma agus folláine na foirne, sásamh poist, feidhmíocht eagraíochtúil, caomhnú na dínite san ionad oibre agus cosc ar bhulaíocht, ar chiapadh agus ar leithcheal.

Ghnóthaigh an BAI chomh maith Marc Cré-Umha Infheisteoirí san Éagsúlacht ó Lárionad na hÉireann um Éagsúlacht.

## **Comhaontú maoirseachta leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán**

Rinneadh Comhaontú Maoirseachta idir an BAI agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le linn na tréimhse athbhreithnithe, ag comhlíonadh na gceanglas atá leagtha amach in Alt 8.4 den Chód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.





Údarás Craolacháin na hÉireann  
**Ráitis Airgeadais**  
Don tréimhse 14.5 mí  
atá críochnaithe  
**14 Márta 2023**

# Clár

<b>Ráiteas Rialachais agus Tuairisc na mBall Údaráis</b>	<b>78</b>
<b>Ráiteas faoin Rialú Inmheánach</b>	<b>87</b>
<b>Tuairisc de chuid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste</b>	<b>91</b>
<b>An Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas agus Cúlchistí loncaim Choinnithe</b>	<b>93</b>
<b>Ráiteas maidir le hloncam Cuimsitheach</b>	<b>94</b>
<b>Ráiteas ar an Staid Airgeadais</b>	<b>95</b>
<b>Ráiteas ar Shreafaí Airgid</b>	<b>96</b>
<b>Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais</b>	<b>97</b>



# Faisnéis an Údaráis

## Comhaltaí an Údaráis

Mary Curtis (téarma dar críoch 01.12.22)  
Rosemary Day (téarma dar críoch 14.03.23)  
Maeve McDonagh (téarma dar críoch 14.03.23)  
Alan McDonnell (téarma dar críoch 01.12.22)  
Vivien McKechnie (téarma dar críoch 14.03.23)  
Seán Ó Mordha (téarma dar críoch 14.03.23)  
Grace Smith (téarma dar críoch 01.12.22)  
Denis Wolinski (téarma dar críoch 14.03.23)

---

## Rúnaí an Údaráis

Andrew Robinson

---

## Aturnaetha

Hayes Solicitors  
Lavery House  
Cúirt Phort an Iarla  
Baile Átha Cliath 2

Ivor Fitzpatrick & Company  
Aturnaetha  
44-45 Faiche Stiabhna  
Baile Átha Cliath 2

Philip Lee  
7/8 Ardán Wilton  
Baile Átha Cliath 2

Beauchamps LLP  
Cois Abhann a Dó  
Cé Sir John Rogerson  
Baile Átha Cliath 2

McCann Fitzgerald  
Cois Abhann a hAon  
Cé Sir John Rogerson  
Baile Átha Cliath 2

---

## Baincéirí

Ulster Bank  
130 Sráid Bhagóid Íochtarach  
Baile Átha Cliath 2

Banc na hÉireann  
Faiche Stiabhna  
Baile Átha Cliath 2

AIB  
1 - 4 Sráid Bhagóid Íochtarach  
Baile Átha Cliath 2

---

## Iníúcháirí

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste  
3A Sráid an Mhéara Uachtarach  
Baile Átha Cliath 1

---

# Ráiteas Rialachais agus Tuairisc na mBall Údaráis

## An tAcht um Shábháilteacht Ar Líne agus Rialúchán na Meán

Rinneadh dlí den Acht um Shábháilteacht Ar Líne agus Rialúchán na Meán (OSMR) 2022 ar an 10 Nollaig 2022. Tar éis don Aire tús a chur leis ar an 15 Márta 2023, lánscoireadh Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) faoin Acht agus bunaíodh Coimisiún na Meán mar chomhlacht atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar rialú craoltóireachta agus seirbhís ar éileamh físeáin agus as creat rialála nua a thabhairt isteach do shábháilteacht ar líne, as an Treoir um Sheirbhísí Meáin Closamhairc athbheithnithe a chur i bhfeidhm i ndlí na hÉireann agus as an bhforbairt ar earnáil na meán níos forleithne in Éirinn.

Tugann Cuid 16 den Acht OSMR 2022 na soláthairtí díscailte agus athraithe a bhaineann le bunú Choimisiún na Meán. Ar dháta an bhunaithe, aistríodh na feidhmeanna uilig go dtí an Coimisiún a dílsíodh san Údarás nó sna coistí reachtúla díreach roimh lá an bhunaithe. Bhí an chuid seo den Acht i gceannas ar aistriú foirne, feidhmeanna, sócmhainní agus dliteanais don Choimisiún. Tá feidhmeanna an Choimisiúin leagtha amach i gcuid 7 den Acht OSMR 2022.

Tá an tsraith dheiridh de Ráitis Airgeadais Údarás Craolacháin na hÉireann curtha i láthair don tréimhse 14.5 mí 1 Eanáir 2022 go 14 Márta 2023. Toisc gur aistríodh na feidhmeanna, an foireann, na sócmhainní agus na dliteanais uilig chuig an gCoimisiún, i gcomhréir leis na forálacha thuas, ullmhaítear na cuntais seo ar bhonn an ghnóthais leantaigh agus ní léiríonn siad aon fhorálacha a bhaineann leis an díscailleadh. I gcomhréir leis na forálacha reachtúla, ullmhófar ráitis airgeadais an Chiste Chraolacháin ar bhonn an fhéilire i gcónaí agus shínigh an Coimisiún na cuntais iniúchta ar an 14 Meán Fómhair 2023 don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022.

## Rialachais

Bunaíodh Údarás Craolacháin na hÉireann (“BAI”) faoin Acht Craolacháin 2009 (“an tAcht”). Tá feidhmeanna an Údaráis leagtha amach i gcuid 26 den Acht seo. Bhí an tÚdarás freagrach don Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus as dea-rialachas a chinntiú. Rinneadh na tascanna seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir leis na príomhcheisteanna gnó. Bhí an Príomhfheidhmeannach freagrach as bainistiú laethúil Údarás Craolacháin na hÉireann a ceapadh de bhun chuid 14 an Achta. Bhí sé/sí freagrach don Údarás as na feidhmeanna a tharmlig an tÚdarás chuige/chuici agus as bainistiú feidhmiúil agus éifeachtach riarachán an Údaráis agus dhá choiste reachtúla Údarás Craolacháin na hÉireann, an Coiste um Bhronnadh Conartha agus an Coiste Comhlíontachta. Rinne an Príomhfheidhmeannach a chuid/a cuid feidhmeanna faoi réir pholasaithe dá leithéid seo ag brath ó am go chéile ar an Údarás agus de réir Ráiteas Straitéise an Údaráis, a scríobh agus a ghlac an tÚdarás leis de bhun chuid 29 an Achta. Is féidir leis an bPríomhfheidhmeannach a chuid nó a cuid feidhmeanna a tharmligeán chuig ball foirne an Údaráis, ag brath ar na coinníollacha a mheasann sé atá oiriúnach.

Tá Údarás Craolacháin na hÉireann freagrach as riaradh an Chiste Chraolacháin agus as idirbhearta maidir leis an gCiste a cheadú. Baineann socruithe rialachais agus nósanna imeachta rialaithe de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann leis an gCiste Chraolacháin.

Bhí comhaontú maoirseachta i bhfeidhm idir an BAI agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le linn na tréimhse tuairiscithe. Tá comhaontú nua maoirseachta idir Coimisiún na Meán agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán i bhfeidhm anois le héifeacht ón 15 Márta 2023.

## Freagrachtaí an Údaráis

Tá feidhmeanna agus cuspóirí an Údaráis leagtha amach san Acht. Tá freagrachtaí cinnteoireachta sonracha agus forchoimeádta an Údaráis agus gach ciste reachtúil leagtha amach i Sceideal na gCúrsaí atá Forchoimeádta do Chinneadh an Údaráis agus na gCistí Reachtúla de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI's Schedule of Matters Reserved for Decision of the Authority and Statutory Committees). Áirítear an méid seo a leanas le cúrsaí leanúnacha an Údaráis:

- Meas agus ceadú dhréacht-mhiontuairiscí an chruinnithe dheiridh
- Dearbhú Leasa
- Cúrsaí a bhaineann le feidhmeanna agus gnó Údarás Craolacháin na hÉireann de bhun an Achta
- Cúrsaí a bhaineann le cuspóirí straitéiseacha Údarás Craolacháin na hÉireann a bhaint amach
- Miontuairiscí chruinnithe an Choiste um Bhronnadh Conartha agus an Choiste Comhlíontachta
- Miontuairiscí an Choiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca
- Uasdátaithe Riosca
- Cúrsaí forchoimeádta

Is gá don Phríomhfheidhmeannach, faoi chuid 37(2) den Acht Craolacháin 2009 (“an tAcht”), faoi stiúir an Údaráis, na leabhair iomchuí agus taifeadtaí cuntais uilig a choinneáil d’ioncam agus caiteachas uile an Údaráis agus d’fhoinsí ioncaim dá leithéid agus ábhar an chaiteachais dá leithéid, agus den réadmhaoin, sócmhainní agus dliteanais an Údaráis. Chomh maith leis sin, is gá leis/léi na cuntais speisialta uilig a choinneáil agus insint don Údarás fúthu de réir mar is gá faoi chuid 10 an Achta, agus an tÚdarás, le ceadúnas ón Aire, nó is féidir leis an Aire ó am go chéile an méid ar cheart a choinneáil a stiúradh.

Agus an tÚdarás ag ullmhú na ráiteas airgeadais seo, ba ghá leo:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus a chur i bhfeidhm go leanúnach;
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás go mbeidh sé mí-oiriúnach a cheapadh go leanfaidh an tÚdarás i mbun oibríochta: agus
- Cuir in iúl má leanadh caighdeáin chuntasaíochta ábhartha, de réir aon imeacht ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Bhí sé de dhualgas ar an Údarás taifid chuntasaíochta shásúla a choinneáil a nochtann le cruinneas réasúnta ag am ar bith a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann ráitis airgeadais Údarás Craolacháin na hÉireann agus an Chiste Chraolacháin cuid 37(2) den Acht. Ba fhreagracht an Údaráis é cothabháil agus caighdeán an eolais chorparáidigh agus airgeadais ar shuíomh gréasáin Údarás Craolacháin na hÉireann.

Chomh maith leis sin, bhí an tÚdarás freagrach as sócmhainní Údarás Craolacháin na hÉireann a chosaint agus dá bhrí sin bearta réasúnta a thógáil chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.

## Ráiteas Straitéise

Bhí sé de dhualgas ar an Údarás an Ráiteas Straitéise a cheadú (a chuspóirí straitéiseacha san áireamh) agus an plean oibre trí-bliana agus na meastacháin bhuiséadacha trí-bliana. Cuireadh tús le Ráiteas Straitéise Údarás Craolacháin na hÉireann is deireanaí go luath in 2021, ag clúdach an tréimhse 2021-2023 i gcomhréir leis na forálacha reachtúla leagtha amach i gcuid 29 den Acht Craolacháin 2009. Mar aon le Fís, Misean agus Luachanna an Údaráis a leagan amach, bhí Cuspóirí Straitéiseacha sa ráiteas faoi chúig theideal straitéiseacha téamacha, is iad seo a leanas:

1. Iolracht agus Éagsúlacht a chur chun cinn
2. Barr-feabhas agus Cuntasacht a Bhaint amach
3. Ceannaireacht in Athrú
4. Lucht Féachana a Chumasú
5. Cur le Nuálaíocht agus Inbhuanaitheacht Earnála

Measann an Coimisiún go dtugann Ráitis Airgeadais de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann léargas fíor agus cothrom ar fheidhmiú airgeadais agus ar staid airgeadais Údarás Craolacháin na hÉireann ar an 14 Márta 2023.

## Struchtúr an Údaráis

Tá naonúr comhaltaí san Údarás, agus ceaptar duine díobh mar Chathaoirleach. Cheap an Rialtas comhaltaí an Údaráis ar ainmniúcháin an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán i gcomhréir le Cuid 8 an Achta. Bhí gach ball an Údaráis ina chomhalta ar feadh tréimhse a shonraíonn an tAire nuair a dhéantar an ceapachán, ag brath ar fhorálacha Chuid 9 an Achta.

Ar an 23 Samhain 2021, cheadaigh an Chomh-aireacht Mary Curtis a cheapadh mar Chathaoirleach nua Údarás Craolacháin na hÉireann. Bhí post an Chathaoirligh folamh ó tháinig deireadh le téarma an Chathaoirligh dheiridh ar an 1 Nollaig 2020. Ar an 1 Nollaig 2022, tháinig deireadh le téarma oifige Mary Curtis mar chomhalta an Údaráis agus, de réir na bhforálacha reachtaíochta den Acht tháinig deireadh lena téarma oifige mar Chathaoirleach ar an dáta sin. Ar an 1 Nollaig, tháinig deireadh le téarmaí oifige bheirt chomhaltaí eile an Údaráis freisin. I gcomhréir an Achta, níorbh fhéidir ceachtar de na comhaltaí seo a athcheapadh mar gheall gur chuir siad go léir dhá thréimhse isteach san oifig, an t-uasmhéid ceadaithe.

Sonraítear sa tábla thíos an dáta ceapacháin d'ochtair comhaltaí an Údaráis a bhí ag obair le linn an tréimhse airgeadais Eanáir 2022 go 14 Márta 2023.

Comhalta an Údaráis	Ról	Ceapadh den chéad uair	Athcheapadh	Dáta Éaga
Alan McDonnell	Gnáthchomhalta	02/12/2014	02/12/2019	01/12/2022
Grace Smith	Gnáthchomhalta	02/12/2014	02/12/2019	01/12/2022
Denis Wolinski*	Gnáthchomhalta	17/02/2015	22/12/2020	14/03/2023
Seán Ó Mordha*	Gnáthchomhalta	17/02/2015	22/12/2020	14/03/2023
Rosemary Day*	Gnáthchomhalta	17/02/2015	22/12/2020	14/03/2023
Maeve McDonagh*	Gnáthchomhalta	17/02/2015	22/12/2020	14/03/2023
Mary Curtis	Gnáthchomhalta	13/01/2017	02/12/2019	01/12/2022
Vivien McKechnie	Gnáthchomhalta	20/03/2018		14/03/2023

\*Ní raibh siad mar chomhalta an Údaráis idir 16 Feabhra agus 22 Nollaig 2020.

Bhunaigh Cuid 6 an Achta dhá choiste reachtúla a leanas:

**1. Coiste um Bhronnadh Conartha:** bhí suas le hochtar comhaltaí sa Choiste seo. De bhun chuid 8 an Achta, cheap an Rialtas ceathrar de na comhaltaí ar ainmniúchán an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus cheap an tÚdarás ceathrar comhaltaí; beirt chomhaltaí an Údaráis agus beirt chomhaltaí fhoireann an Údaráis. Tá feidhmeanna an Choiste um Bhronnadh Conartha leagtha amach i gcuid 27 an Achta.

**2. Coiste Comhlíontachta:** bhí suas le hochtar comhaltaí sa Choiste seo. De bhun chuid 8 an Achta, cheap an Rialtas ceathrar de na comhaltaí ar ainmniúchán an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus cheap an tÚdarás ceathrar comhaltaí; beirt chomhaltaí an Údaráis agus beirt chomhaltaí fhoireann an Údaráis. Tá feidhmeanna an Choiste Chomhlíontachta leagtha amach i gcuid 28 an Achta.

### Coiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca

Bhunaigh an tÚdarás Coiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca (FAR) a raibh triúr comhaltaí an Údaráis mar chuid de agus comhalta neamhspleách amháin le saineolas airgeadais. Tá ról an Choiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca (“FAR”) leagtha amach i dtéarmaí tagartha ceadaithe ag an Údarás agus an aidhm a bhí aige ná cabhrú leis an Údarás maidir lena fhreagrachtaí de bhun an Achta agus an Chóid Chleachtais maidir le Rialáil Ghníomhaireachtaí mar shampla riosca, rialú inmheánach agus árachas a bhaineann leis.

Chinntigh an Coiste FAR, a bhí neamhspleách ón bPríomhfheidhmeannach agus bainistiú Údarás Craolacháin na hÉireann, go ndearnadh monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar chórais smachta inmheánacha Údarás Craolacháin na hÉireann, lena n-áirítear a ghníomhaíochtaí riosca agus iniúchta. Thuairisc an Coiste FAR don Údarás tar éis gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain.

Sa tréimhse 14.5 mí ón 14 Márta 2023, ba iad Vivien McKechnie, Grace Smith (go dtí an 1 Nollaig 2022) agus Denis Wolinski comhaltaí FAR. Ceapadh Dermot O’Riordan mar chomhalta neamhspleách ón 1 Meán Fómhair 2017 ar feadh téarma trí-bliana agus athcheapadh ar feadh téarma trí-bliana eile é ó Mheán Fómhair 2020.

## Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costais

Tá sceideal an tinrimh ag cruinnithe an Údaráis agus an Choiste leagtha amach thíos don 14.5 mí go dtí an 14 Márta 2023 agus tá na táillí agus costais a fuair gach comhalta ann chomh maith.

	Táillí	Costais	Tinreamh
	€	€	
<b>Comhaltaí an Údaráis</b>			
Alan McDonnell	7,083	-	11/11
Grace Smith	7,083	-	10/11
Denis Wolinski	9,272	876	15/16
Seán Ó Mordha	9,272	-	14/16
Rosemary Day	-	7,011	16/16
Maeve McDonagh	9,272	365	13/16
Mary Curtis	11,473	-	10/11
Vivien McKechnie	9,272	-	15/16
<b>Coiste Comhlíontachta</b>			
Kevin Rafter	-	-	7/7
Nigel Heneghan	8,690	-	6/7
Orlaith Carmody	8,108	-	6/7
Maeve McDonagh	-	-	5/7
Eileen Maher	9,619	-	7/7
Andrew Robinson	-	-	6/7
Stephanie Comey	-	-	5/7
<b>Coiste Um Bhronnadh Conartha</b>			
Ercus Stewart	14,286	-	14/14
John Hogan	9,184	-	12/14
Clodagh O'Donnell	9,184	-	13/14
Seán Ó Mordha	-	-	7/10
Helen Shaw	9,272	-	12/14
Rosemary Day	-	-	7/10
Clare Diamond	-	-	10/11
Declan McLoughlin	-	-	9/11
<b>Coiste Airgeadais, Iniúchta Agus Riosca</b>			
Denis Wolinski	-	-	6/6
Dermot O'Riordan	-	-	6/6
Grace Smith	-	-	5/6
Vivien McKechnie	-	-	6/6
	131,070	8,252	

Ní bhfuair comhalta amháin den Údarás reatha (Rosemary Day) agus comhalta amháin den Choiste Comhlíontachta (Kevin Rafter) Táille Comhalta faoi na socrúcháin Duine Amháin Tuarastal Amháin (One Person One Salary) (OPOS).

## Coimhlint Leasa

In imeacht an lae, is féidir le hÚdarás Craolacháin na hÉireann bronnadh na gconarthaí agus na ndeontas a cheadú do thograí ina bhfuil Comhaltaí an Údaráis agus/nó an Choiste fostaithe nó ina bhfuil spéis acu ann ar bhealaí eile.

Ghlac an tÚdarás le gnásanna i gcomhréir le forálacha an Achta Chraolacháin 2009 agus na treoirlínte eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe maidir le nochtadh spéiseanna an Údaráis agus/nó Chomhaltaí an Choiste agus chloígh an tÚdarás agus na Coistí leis na gnásanna seo le linn an tréimhse 14.5 mí.

Dhícháiligh comhaltaí an Údaráis iad féin atá mar ainmnithe an Údaráis ar an gCoiste um Bhronnadh Conartha reachtúil chomh maith mar a dhéantar de ghnáth ó gach plé agus cinneadh a bhaineann le moltaí don bhronnadh conartha, a dhéanann an Coiste um Bhronnadh Conartha don Údarás.

Chloígh Údarás Craolacháin na hÉireann le forálacha an Achta Chraolacháin 2009 agus treoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe a chlúdaíonn cúrsaí ina bhfógraítear spéiseanna. I ngach cás, ní bhfuair an Comhalta cáipéisí d'iarratas ceadúnais, gearán nó ceist ag éirí as, ná níor ghlac an Comhalta páirt in, nó níor fhreastail sé ar chinntí faoin ábhar, chomh luath is a thug an Comhalta an choimhlint faoi deara agus/nó is a d'fhógair sé spéis san ábhar.

## Príomhathraithe Pearsanra

**Údarás:** Ar an 23 Samhain 2021, cheap an Chomh-aireacht Mary Curtis, comhalta an Údaráis, mar Chathaoirleach an Údaráis. Ar an 1 Nollaig 2022, tháinig deireadh le téarmaí oifige thriúr comhaltaí an Údaráis, Alan McDonnell, Grace Smith agus Mary Curtis. Ós rud é gur chuir gach duine díobh dhá théarma oifige i gcrích, níorbh fhéidir iad a athcheapadh. Mar gheall ar éag théarma oifige Mary Curtis mar chomhalta an Údaráis, níorbh fhéidir léi leanúint lena post mar Chathaoirleach.

**Coiste um Bhronnadh Conartha:** Tháinig deireadh le téarma ceapacháin chomhalta fheidhmeannaigh Clare O'Sullivan ar an 8 Nollaig 2022. Líon Anne Louise O'Donovan folúntas an Fheidhmeannaigh a ceapadh ar an dáta céanna..

**Coiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca:** Ba é cruinniú mhí na Samhna 2022 cruinniú deireanach Grace Smith mar chomhalta FAR sular tháinig deireadh lena téarma oifige mar chomhalta an Údaráis ar an 1 Nollaig 2022.

## Nochtaí Riachtanacha de réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (COPGSB).

Bhí sé de dhualgas ar an Údarás cinntiú gur chloígh Údarás Craolacháin na hÉireann leis na riachtanais don Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (“an Cód”), mar a d’fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Is gá leis na nochtaí seo a leanas de réir an Chóid:

### Briseadh Síos Shochar Gearrthéarmach na bhFostaithe

Rangaítear sochair ghearrthéarmacha na bhfostaithe os cionn €60,000 sna bandaí seo a leanas:

Banda sochar uile na bhfostaithe		Go dtí	2021
Ó	Go dtí	14.03.23	
€60,000	- €69,999	6	2
€70,000	- €79,999	4	2
€80,000	- €89,999	4	7
€90,000	- €99,999	1	-
€100,000	- €109,999	5	-
€110,000	- €119,999	3	-
€120,000	- €129,999	-	2
€130,000	- €139,999	-	-
€170,000	- €179,999	1	0

Le haghaidh an nochta seo, áirítear a leanas le sochair ghearrthéarmacha na bhfostaithe maidir le seirbhísí a rinneadh le linn na tréimhse tuairiscithe; tuarastal, ragobair, liúntais agus íocaíochtaí eile a rinneadh ar son an fhostaí ach ní áirítear ÁSPC leis seo.



## Táillí Sainchomhairleoireachta

	2023	2021
	14.5 mí	
	€ '000	€ '000
Iniúchóireacht agus Monatóireacht	61	35
Polasaí, Cóid agus Rialacha	347	243
Comhairleoireacht ghinearálta	213	203
Comhairleoireacht iomlán	621	481

	2023	2021
	14.5 mí	
	€ '000	€ '000
Comhairle Dlí (Ginearálta ó bhunús)	97	84
	97	84

## Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Rangaítear caiteachas taistil agus cothaithe mar seo a leanas:

	2023	2021
	14.5 mí	
	€ '000	€ '000
<b>Comhaltaí an Údaráis/ an Choiste</b>		
Inmheánach	8	-
Seachtrach	-	-
	8	-
<b>Fostaithe</b>		
Inmheánach	8	1
Seachtrach	37	-
	45	1


Tabhair faoi deara go n-íoctar caiteachas taistil agus cothaithe an Údarás Ráitis Airgeadais go díreach le comhalta an Údaráis/an Choiste agus déantar é a thairfead mar Tháillí & Costais Chomhaltaí an Údaráis/an Choiste (14.5 mí go Márta 2023: €6k; 2021€Nil) agus déantar caiteachas taistil agus cothaithe na bhFostaithe a thairfead mar Chostas Riaracháin (14.5 mí go Márta 2023: €45k; 2021: €1k).

## Caiteachas Fáilteachais

Do na 14.5 mí go Márta 2023, tá caiteachas fáilteachais €10k (€4k in 2021) sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais. €10k d'fháilteachas foirne (€4k in 2021) agus €Nil d'fháilteachas cliaint (€Nil in 2021). Éilíonn an Cód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (COPGSB) go mbeidh costais a bhaineann le Clár Folláine na bhFostaithe (Employee Wellbeing Programme) sa chatagóir seo.

## Ráiteas maidir le Comhlíontacht

Ghlac an tÚdarás leis an gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus cuireadh gnásanna i bhfeidhm chun comhlíontacht leis an gCód a chinntiú. Bhí Údarás Craolacháin na hÉireann ag comhlíonadh an Chóid Chleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú le linn 2022 agus 2.5 mí go 14 Márta 2023.



---

**Jeremy Godfrey**

Cathaoirleach Feidhmiúcháin

10 Deireadh Fómhair 2023

# Ráiteas faoin Rialú Inmheánach

## Raon na Freagrachta

Ar son Údarás Craolacháin na hÉireann, aithnímid an fhreagracht a bhí ag an Údarás chun cinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmíonn córas éifeachtach na rialuithe inmheánacha maidir le hÚdarás Craolacháin na hÉireann agus an Ciste Craolacháin. Déanann an fhreagracht seo cuntas ar riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (COPGSB) (2016).

## Aidhm an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Dearadh an córas rialaithe inmheánaigh chun riosca a bhainistiú chuig leibhéal measartha seachas fáil réidh leis. Dá bharr sin ní féidir leis an gcóras ach gealltanais réasúnta agus ní ceann iomlán a thabhairt go bhfuil na sócmhainní cosanta, na hidirbhearta ceadaithe agus taifead ceart déanta orthu, agus go gcuirtear cosc le hearráidí nó mírialtachtaí ábhair nó go dtabharfar faoi deara iad go pras.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm, de réir na treorach a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe in Údarás Craolacháin na hÉireann don tréimhse 14.5 mí dar críoch 14 Márta 2023 agus i Coimisiún na Meán chomh fada le dáta fhaomhadh na ráiteas airgeadais.

Bhí Coiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca ("FAR") ag Údarás Craolacháin na hÉireann le triúr comhaltaí an Údaráis agus comhalta seachtrach amháin a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchta aige. Tháinig Coiste FAR le chéile ceithre huaire in 2022, agus uair amháin, dá chruinniú deireanach i mí Feabhra 2023.

## Creat Bainistithe Riosca

Chuir an tÚdarás a Chreat Bainistithe Riosca i bhfeidhm ar ghníomhaíochtaí oibríochta agus straitéiseacha Údarás Craolacháin na hÉireann. Bhí Polasaí Bainistithe Riosca Údarás Craolacháin na hÉireann, a Ráiteas Inghlacthachta Riosca agus a Chláir Rioscaí Corparáideacha agus Tionscnaimh/Oibríochta sa chreat mar aon le tomhas freagrachta trí riosca a thuirisciú go tréimhsiúil san eagraíocht uile.

Chuir an Polasaí Bainistithe Riosca an creat iomlán ar fáil do bhainistiú riosca in Údarás Craolacháin na hÉireann. Glacadh le Polasaí Bhainistithe Riosca Údarás Craolacháin na hÉireann nuashonraithe ar bhonn idirlinne ag Coimisiún na Meán. Go sonrath, an Polasaí:

- Nasctar riosca do chuspóirí straitéiseacha na heagraíochta;
- Cuirtear ráiteas pholasaí riosca soiléir agus follasach ar fáil leis na cuspóirí bainistithe riosca cuí;
- Cuirtear in iúl an bealach ina n-aithneofar agus rangófar riosca;
- Éilítear go ndéanfar measúnú riosca trí na rioscaí éagsúla a mbeidh tionchar acu ar an Údarás a aithint, cur síos a dhéanamh orthu agus a mheas agus na huirlisí, próisis agus struchtúir a thabharfaidh an tionchar praiticiúil seo a leagan amach;

- Déantar cur síos ar an bpróiseas tuairiscithe riosca chun cinntiú go dtabharfar léargas iomlán ar gach riosca a aithníodh agus na gníomhartha atá beartaithe chun dul i ngleic leis na rioscaí;
- Leagtar amach róil agus freagrachtaí an Údaráis, choiste reachtúil Údarás Craolacháin na hÉireann agus foirne Údarás Craolacháin na hÉireann maidir le bainistiú riosca;
- Leagtar plean feidhmithe agus monatóireachta a chinntíonn go gcomhlíonann an foireann Údarás Craolacháin na hÉireann a cuid cúraimí maidir le riosca agus na gníomhartha aontaithe;
- Leagtar amach na tacaíochtaí atá ann chun cultúr fheasacht -riosca a choimeád (e.g. traenáil).

Chuir Polasaí Bainistithe Riosca Údarás Craolacháin na hÉireann creat rialaithe riosca ar fáil d'Údarás Craolacháin na hÉireann a chinntíonn cinnteoireacht bunaithe ar riosca, maidir le hinghlacthacht riosca agus lamháltais bhainteacha a aithníodh sa Ráiteas Inghlacthachta Riosca. Tugann an polasaí achoimre ar na próisis atá curtha i bhfeidhm chun na príomhrioscaí a aithint, a mheas agus a thuairisciú chomh maith le rialú inmheánach agus gníomhartha leanúnacha atá á ndéanamh chun na rioscaí sin a bhainistiú agus, chomh fada agus is féidir, iad a laghdú. Leagan an Polasaí Bainistithe Riosca róil agus cúraimí na foirne maidir le bainistiú riosca lena n-áirítear úinéireacht riosca agus critéir agus gnásanna géaraithe riosca.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Tá Clár Rioscaí Corparáideach i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí agus éiginnteachtaí corparáideacha agus straitéiseacha atá roimh Údarás Craolacháin na hÉireann, agus anois An Coimisiún, agus aithníodh, measadh agus grádaíodh iad seo de réir tábhachta. Mar aon leis sin, aithníonn an Clár Rioscaí Tionscnaimh/Oibríochta rioscaí do thionscnamh Údarás Craolacháin na hÉireann (An Choimisiún) agus limistéir oibríochta. Sonraíonn na cláir an rialú agus na gníomhartha breise a mheastar atá riachtanach chun na rioscaí a aithníodh a laghdú agus a bhainistiú.

Tá Ráiteas Inghlacthachta Riosca Údarás Craolacháin na hÉireann mar chuid de na córais bhainistithe riosca (anois de chuid An Choimisiúin). Aithníonn an Ráiteas téamaí riosca d'Údarás Craolacháin na hÉireann a nasctar le tionscnaimh agus oibríochtaí mar atá treoraithe ag Ráiteas Straitéise na heagraíochta 2021-2023. Aithníodh leibhéal inghlacthachta riosca do gach ceann de na téamaí riosca agus lamháltais riosca agus bunaíodh na príomhchomharthaí riosca bainteacha agus na meadarachtaí bainteacha.

Ba mhír leanúnach ar chlár oibre chruinnithe an Údaráis, an Choiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca, na Foirne Bainistíochta Sinsearaí, na Foirne Oibríochtaí, agus na Foirne Bainistíochta Láir é Riosca. Is mír leanúnach é fós i gcruinnithe an Choimisiúin, na Foirne Bainistíochta Sinsearaí agus na Foirne Bainistíochta Láir. Déanann an Coiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca athbhreithniú ar an gClár Rioscaí Corparáideacha agus na Ráitis Inghlacthachta Riosca ag gach cruinniú. Rinne an Coiste athbhreithniú ar an gClár Riosca Oibríochta faoi dhó in aghaidh na bliana. I gcomhréir leis an bPolasaí Bainistithe Riosca, déantar athbhreithniú ar na cláir agus an Ráiteas Inghlacthachta Riosca ar bhonn sceidealaithe (mar atá leagtha amach sa Pholasaí Bainistithe Riosca) ag an Údarás (an Coimisiún anois), an Foireann Bhainistíocht Shinsearach agus Foirne Bhainistíocht Oibríochta agus Láir Údarás Craolacháin na hÉireann.

In 2022, rinneadh roinnt mhaith nuashonraithe don chreat riosca. Ar an gcéad dul síos, rinneadh athbhreithniú mionsonraithe agus uasdátú ar an gClár Rioscaí Corparáideacha maidir leis an Measúnú Náisiúnta Riosca 2021/2022 agus a bheith aireach ar na hathruithe eagraíochtúla suntasacha a tharla mar thoradh ar dhíscaoileadh gan mhoill Údarás Craolacháin na hÉireann agus bunú Choimisiúin na Meán. Cuireadh an clár athbhreithnithe i bhfeidhm i mí Feabhra 2022. Ar an dara dul síos, rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar Ráiteas Inghlacthachta Riosca Údarás Craolacháin na hÉireann leis an socrú ráiteas inghlacthachta riosca athbhreithnithe do réimse níos leithne oibríochtaí agus gníomhaíochtaí eagraíochtúla. Cuireadh an ráiteas athbhreithnithe i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair 2022. Le hathbhreithniú an Pholasáí Bainistithe Riosca in 2021, rinneadh athbhreithniú mionsonrach ar na príomhcháipéisí atá sa chreat riosca agus rialaithe agus ina dhiaidh sin rinneadh iad a nuashonrú.

## Creat Rialaithe

Dearbhaímid go bhfuil timpeallacht rialaithe leis na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm:

- Doiciméadaíodh gnásanna do na príomhphróisis ghnó go léir,
- Leagadh amach na cúraimí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le freagracht chomhfhreagrach,
- Tá córas buiséadach cuí ann le buiséad bliantúil a dhéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú air,
- Tá córais ann a bhfuil sé mar aidhm acu sábháilteacht an eolais agus na gcóras teicneolaíochta cumarsáide a chinntiú,
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint, agus
- Rialófar gnásanna maoiniú deontais chuig gníomhaireachtaí seachtracha go gcinnteofar rialú sásúil ar cheadú deontas agus déanfar monatóireacht agus athbhreithniú ar dheontaithe chun cinntiú gur cuireadh an maoiniú deontais i bhfeidhm mar a bhí beartaithe.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh gnásanna foirmeálta chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus insítear faoi na heasnaimh rialaithe dóibh siúd atá freagrach as gníomhartha ceartaitheacha a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Údarás, nuair is gá, go pras. Dearbhaímid go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo i bhfeidhm:

- Aithníodh na príomhrioscaí agus rialaithe a bhfuil baint acu leo agus cuireadh na próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialaithe sin agus aon easnaimh a aithníodh a thuairisciú,
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal atá freagrach as an mbainistiú airgeadais, agus
- Tá athbhreithnithe rialta na bainistíochta sinsearaí ann ar fheidhmiú tréimhsiúil agus bliantúil agus tuairiscí airgeadais a léiríonn feidhmiú in aghaidh na mbuiséad.

## Iníúchadh Inmheánach

Chuir Údarás Craolacháin na hÉireann, Coimisiún na Meán anois, a fheidhm iniúchta inmheánach amach ar conradh a bhfuil na hacmhainníú cuí curtha ar fáil dó agus a dhéanann clár oibre bunaithe ar riosca aontaithe leis an gCoiste FAR. Bhí an tIníúchadh Inmheánach freagrach do FAR as measúnú neamhspleách agus oibiachtúil na bainistíochta riosca a chur ar fáil, próisis rialachais laistigh d'Údarás Craolacháin na hÉireann a rialú. Scrúdaigh an tIníúchadh Inmheánach sásúlacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht na gcóras, na ndaoine agus na bpróiseas chun rioscaí féideartha a aithint agus réimse inar féidir dul chun cinn a dhéanamh. I rith 2022, rinne an tIníúcháir Inmheánach iniúchadh infheidhme amháin ar riarachán na Scéime Fuaime agus Físe (Sound and Vision Scheme). Tuairiscíodh na torthaí agus na moltaí chuig an gCoiste Airgeadais, Iníúchta agus Riosca. Níor tharla aon iniúchadh go fóill in 2023 ach forbróidh Coiste Iníúchta agus Riosca Choimisiúin na Meán, nuair a bheidh sé bunaithe, plan iniúchta inmheánach don chuid eile den bhliain.

## Soláthar

Dearbhaímid go bhfuil gnásanna i bhfeidhm ag Údarás Craolacháin na hÉireann chun cinntiú go bhfuiltear ag comhlíonadh rialacha agus treoirlínte soláthair reatha agus gur chloígh Údarás Craolacháin na hÉireann leis na gnásanna sin le linn na tréimhse 14.5 mí go 14 Márta 2023.

## Athbhreithniú ar an Éifeachtúlacht

Dearbhaímid go raibh gnásanna ag Údarás Craolacháin na hÉireann chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht na bainistíochta riosca agus na ngnásanna rialaithe. Rinne obair na n-iníúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste FAR a mhaoirsigh an obair, agus an bhainistíocht shinsearach laistigh d'Údarás Craolacháin na hÉireann atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh, eolas do mhonatóireacht agus d'athbhreithniú Údarás Craolacháin na hÉireann ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánacha.

Dearbhaímid go ndearna an tÚdarás athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht na rialacha inmheánacha do 2022. Rinne obair Fheidhmeannaigh Údarás Craolacháin na hÉireann, an t-iníúcháir inmheánach agus an Coiste Airgeadais, Iníúchta agus Riosca eolas don athbhreithniú seo. Cuireadh an t-athbhreithniú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha faoi bhráid an Choiste Airgeadais, Iníúchta Agus Riosca ag cruinniú mhí Feabhra 2023. Maíonn An Cód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú gur cheart athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha a chur faoi bhráid an Údarás laistigh de 3 mhí. Toisc gur díscáileadh an tÚdarás an 14 Márta 2023 ní raibh an BAI in ann na treoirlínte laistigh den Chód a leanúint. Cuireadh an t-athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha faoi bhráid an Choimisiúin mar aon le tuarascáil ar an obair a chríochnaigh an Coiste Airgeadais, Iníúchta Agus Riosca ag cruinniú ar an 14 Meán Fómhair 2023.

## Ceisteanna Rialaithe Inmheánacha

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach a bhfuil baint acu le 2022 nó an 2.5 mí go dtí an 14 Márta 2023 a éilíonn nochtadh sna ráitis airgeadais.



**Jeremy Godfrey**  
Cathaoirleach Feidhmiúcháin  
10 Deireadh Fómhair 2023



**Celene Craig**  
Coimisinéir  
10 Deireadh Fómhair 2023



## **Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste** **Comptroller and Auditor General**

### **Report for presentation to the Houses of the Oireachtas** **Broadcasting Authority of Ireland**

#### **Opinion on the financial statements**

I have audited the financial statements of the Broadcasting Authority of Ireland (now dissolved) for the period from 1 January 2022 to 14 March 2023 as required under the provisions of section 66 of the Online Safety and Media Regulation Act 2022. The financial statements were prepared by Coimisiún na Meán. The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure and retained revenue reserves
- the statement of comprehensive income
- the statement of financial position
- the statement of cash flows, and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Broadcasting Authority of Ireland at 14 March 2023 and of its income and expenditure for the period 1 January 2022 to 14 March 2023 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

#### ***Basis of opinion***

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the Broadcasting Authority of Ireland and of Coimisiún na Meán and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

#### **Report on information other than the financial statements, and on other matters**

Coimisiún na Meán has presented certain other information together with the financial statements. This comprises the annual report, the governance statement and Authority members' report, and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

**Seamus McCarthy**  
**Comptroller and Auditor General**

**12 October 2023**

## Appendix to the report

### Responsibilities of the Authority and Coimisiún na Meán

The Broadcasting Authority of Ireland was dissolved on 14 March 2023 and its assets, liabilities and staff transferred to Coimisiún na Meán.

The governance statement and Authority members' report sets out the respective responsibilities of the Authority and Coimisiún na Meán for

- the preparation of annual financial statements in the form prescribed under section 37 of the Broadcasting Act 2009
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS 102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

### Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under section 66 of the Online Safety and Media Regulation Act 2022 to audit the financial statements of the Broadcasting Authority of Ireland and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.

- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.
- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting.
- and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

I report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

### Information other than the financial statements

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

### Reporting on other matters

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if I identify material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.



# An Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe

Don tréimhse 14.5 mhí dar críoch an 14 Márta 2023

	Tabhair faoi deara	2023 14.5 mí € '000	2021 12 months € '000
<b>Ioncam</b>			
Tobhach	2	6,732	5,210
Táillí Ceadúnúcháin	3	109	67
Ioncam Eile	4	1,209	837
<b>Ioncam Comhlán</b>		<b>8,050</b>	<b>6,114</b>
<b>Caiteachas</b>			
Costais Foirne	5	3,044	2,443
Costais Sochair Scoir	17(c)	426	331
Táillí & Costais Chomhaltaí an Údaráis/an Choiste		139	111
Táillí Sainchomhairleoireachta	7	621	481
Costais Dlí		97	84
Fógraíocht		105	27
Costais Riaracháin	8	414	363
Luach saothair na n-iniúcháirí		17	15
Íocaíochtaí Deontais & Forbartha	9	557	582
Áitreabh agus Costais a Bhfuil Baint Acu Leis	10	1,766	771
Dímheas		12	41
Drochfhiacha		1	4
Ús agus Táillí an Bhainc		11	20
		<b>7,210</b>	<b>5,273</b>
<b>Barrachas Ioncaim thar Chaiteachas</b>		840	841
Aisíoc an Tobhaigh	2	<b>(1,405)</b>	<b>(812)</b>
<b>Barrachas i ndiaidh aisíoc an tobhaigh</b>		<b>(565)</b>	<b>29</b>
Aistrigh ó/(chuig) An Cuntas Caipitil	15	<b>12</b>	<b>38</b>
<b>Cúlchistí Ioncaim Choinnithe</b>			
Iarmhéid ag tús na bliana		<b>853</b>	<b>786</b>
Barrachas i ndiaidh aisíoc an tobhaigh agus aistriú ón gcuntas caipitil		(553)	67
<b>Iarmhéid ag deireadh na bliana</b>		<b>300</b>	<b>853</b>

## An Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid agus Nótaí 1–20 ó chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

D'fhorghas an Coimisiún na Ráitis Airgeadais an 10 Deireadh Fómhair 2023 agus shínigh na daoine a leanas thar ceann an Choimisiúin:



**Jeremy Godfrey**  
Cathaoirleach Feidhmiúcháin



**Celene Craig**  
Coimisinéir


## Ráiteas maidir le hloncam Cuimsitheach

Don bhliain chríochnaithe don tréimhse 14.5 mí dar críoch an 14 Márta 2023

	2023	2021
	€'000	€'000
Barrachas i ndiaidh aisíoc an tobhaigh	(553)	67
Gnóthachan/ (cailteanas) a bheith ann ar dhliteanas na scéime sochair scoir	(1,342)	728
Athruithe sna boinn thuisceana atá faoi bhun luach reatha oibleagáidí na scéime sochair scoir	8,169	(1,127)
lomlán achtúireach (an chailteanas)/an ghnóthachain sa bhliain	6,827	(399))
Oiriúnú do mhaoiniú Sochair Scoir an Státchiste curtha siar	(6,827)	399
<b>Ioncam Cuimsitheach eile don bhliain</b>	<b>(553)</b>	<b>67</b>

### An Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid agus Nótaí 1–20 ó chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

D'fhormheas an Coimisiún na Ráitis Airgeadais an 10 Deireadh Fómhair 2023 agus shínigh na daoine a leanas thar ceann an Choimisiúin:



**Jeremy Godfrey**  
Cathaoirleach Feidhmiúcháin



**Celene Craig**  
Coimisinéir

## Ráiteas ar an Staid Airgeadais

Mar atá ar an 14 Márta 2023

	Tabhair faoi deara	2023 € '000	2021 € '000
<b>Sócmhainní Seasta</b>			
Réadmhaoín, Gléasra agus Trealamh	11	29	41
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Infháltais	12	1,566	592
Airgead agus coibhéisí airgid	13	2,822	2,549
		4,388	3,141
<b>Dlíteanais Reatha</b>			
Suimeanna Iníoctha (Suimeanna atá le hóc laistigh de bhliain amháin)	14	(4,088)	(2,288)
		(4,088)	(2,288)
<b>Glansócmhainní Reatha</b>			
		300	853
<b>Sócmhainní iomlána níos lú Dlíteanas roimh Sochair Scoir</b>			
		329	894
Sócmhainn shochair scoir curtha siar	17	14,472	19,994
Dlíteanais an tsochair scoir	17	(14,472)	(19,994)
<b>Glansócmhainní</b>		329	894
<b>Le haghaidh</b>			
Cúlchistí Ioncaim Choinnithe		300	853
Cuntas Caipitil	15	29	41
		329	894

### An Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid agus Nótaí 1–20 ó chuid de na Ráitis Airgeadais seo

D'fhormheas an Coimisiún na Ráitis Airgeadais an 10 Deireadh Fómhair 2023 agus shínigh na daoine a leanas thar ceann an Choimisiúin:



**Jeremy Godfrey**  
Cathaoirleach Feidhmiúcháin



**Celene Craig**  
Coimisinéir

## Ráiteas ar Shreafaí Airgid

Don tréimhse 14.5 mí dar críoch an 14 Márta 2023

	2023	2021
	€ '000	€ '000
<b>Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>		
Barrachas don tréimhse/bhliain	(553)	67
Táille dhímheasa	12	41
Aistriú chuig/(ó) Cuntas Caipítíl	(12)	(38)
Laghú/(Méadú) in Infháiltais	(974)	1,410
(Laghú)/Méadú sna Suimeanna Iníochta	1,800	(465)
<b>Glan-Insreabhadh/(Eis-sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>	<b>273</b>	<b>1,015</b>
<b>Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais</b>		
Íostarraingt lasachta	-	-
<b>Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta</b>		
Íocaíochtaí chun Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh a fháil	-	(3)
<b>(Glanlaghdú)/Glanmhéadú in Airgead agus i gCoibhéisí Airgid</b>	<b>273</b>	<b>1,102</b>
<b>Airgead tirim agus Coibhéisí airgid ag tús na tréimhse/na bliana</b>	<b>2,549</b>	<b>1,537</b>
<b>Airgead tirim agus Coibhéisí airgid ag deireadh na tréimhse/na bliana</b>	<b>2,822</b>	<b>2,549</b>

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos bunús cuntasaióchta agus beartais shuntasacha maidir le cuntasaiócht glactha ag Údarás Craolacháin na hÉireann. Cuireadh i bhfeidhm go leanúnach iad le linn na tréimhse 14.5 mí agus don bhliain roimhe

### a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh Údarás Craolacháin na hÉireann faoin Acht Craolacháin 2009, le príomhoifig ag 2-5 Plás Warrington, Baile Átha Cliath 2. Is iad seo a leanas príomhchuspóirí Údarás Craolacháin na hÉireann, mar atá leagtha amach i gCuid 25 den Acht Craolacháin 2009:

1. Féachfaidh an tÚdarás agus na coistí reachtúla, i rith dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh, go gcinnteofar -
  - a. go bhfuil an líon agus na catagóirí seirbhísí craoltóireachta atá ar fáil sa Stát de bhua an Achta seo ag freastail ar riachtanais mhuintir oileán na hÉireann, nuair a chuireann tú a dteangacha agus a dtraidisiúin agus a n-éagsúlacht reiligiúnacha, eiticiúil, agus cultúrtha san áireamh;
  - b. go bhfuil na luachanna daonlathacha atá cumhdaithe sa Bhunrecht, go speisialta iad sin a bhaineann le saoirse cainte ceart, curtha i bhfeidhm; agus,
  - c. go bhfuil seirbhísí craoltóireachta iolraíocha agus oscailte curtha ar fáil.
2. Gan réamhchlaonadh i leith ghinearáltacht *fo-ailt (1)*, déanfaidh an tÚdarás, agus na coistí reachtúla a leanas-
  - a. spreagfar soláthar clársceidealaithe atá ar ardchaighdeán, éagsúil agus nuálach trí chraoltóirí tráchtála, pobail agus seirbhíse poiblí agus léiritheoirí neamhspleácha;
  - b. déanfar éascaíocht ar chraoltóirí seirbhíse poiblí agus iad ag comhlíonadh a gculpóirí seirbhíse poiblí mar atá leagtha amach san Acht seo;
  - c. cuirfear éagsúlacht i gceannas chun cinn sna seirbhísí craoltóireachta níos tráchtála agus bunaithe ar an bpobal;
  - d. cuirfear timpeallacht rialaitheach chun cinn a choinneoidh iriseoireacht neamhspleách agus neamhchlaonta;
  - e. cuirfear timpeallach rialaitheach ar fáil a bheidh ag comhlíonadh an dlí fhostaíochta is infheidhme;
  - f. cosnófar suimeanna na bpáistí agus cuimhneofar ar leochaileacht na bpáistí agus na hóige de bharr an dúshaothraithe tráchtáil;
  - g. timpeallacht rialála a chur ar fáil a éascóidh forbairt earnála craoltóireachta in Éirinn atá freagrúil do riachtanais an lucht féachana agus go háirithe atá inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas agus

- h. forbairt ar sheirbhísí craoltóireachta agus cláraithe na Gaeilge a chur chun cinn agus a spreagadh.
3. Féachfaidh an tÚdarás agus na coistí reachtúla, i rith dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh, go bhfuil na bearta seo a leanas –
- a. go bhfuil siad comhréireach ag féachaint do na cuspóirí atá leagtha amach sa roinn seo,
  - b. i bhfeidhm ar fud raon na seirbhísí craolacháin ag cur san áireamh an méid tionchair atá na cineálacha éagsúla seirbhísí craolacháin in ann tuairimí an lucht féachana agus éisteachta a mhúnlú sa Stát,
  - c. go bhfuil siad aireach ar na cuspóirí, ar na feidhmeanna agus ar na dualgais atá leagtha síos do chraoltóirí seirbhíse poiblí i gCodanna 7 agus 8,
  - d. go dtáirgfidh socruithe rialála atá cobhsaí agus intuartha, agus
  - e. go bhfreastalóidh agus go spreagfaidh sé forbairt theicneolaíoch, agus a cur i bhfeidhm, go héasca ag earnáil na craoltóireachta.

Is Eintiteas Sochair Phoiblí (PBE) é Údarás Craolacháin na hÉireann.

## b) Ráiteas maidir le Comhlíontacht

Cuireadh na ráitis airgeadais d'Údarás Craolacháin na hÉireann don tréimhse 14.5 mí dár críoch an 14 Márta 2023 le chéile de réir an Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn eisithe ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais, mar a bhí fógartha ag Cuntasóirí Cairte Éireann.

## c) Bonn an Ullmhúcháin

Cuirtear na Ráitis Airgeadais le chéile faoi mhodh fabhráithe na cuntasáochta agus faoin ngnás costais stairiúil i bhfoirm ceadaithe ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, le comhthoilíú an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, de bhun alt 37(4) den Acht Craolacháin 2009.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta a leanas i bhfeidhm go leanúnach nuair a bhíothas ag déileáil le míreanna a mheastar mar ábhar a bhain le ráitis airgeadais Údarás Craolacháin na hÉireann.

## d) Ioncam

### Tobhach Ioncaim

Gineadh príomhfhoinsé ioncaim an Údaráis ó thobhach a ardaíodh ar chraoltóirí seirbhíse poiblí agus ar chonraitheoirí craolacháin mar a éilítear faoi alt 33 (1) den Acht Craolacháin 2009. Úsáidtear an tobhach chun costais oibriú an Údaráis agus na gcoistí reachtúla a mhaoiniú agus tá sé bunaithe ar chaiteachas buiséadaithe do bhliain airgeadais ar leith.

Faoi Alt 33(5) den Acht Craolacháin 2009, déanfaidh an tÚdarás aon bharrachas d'ioncam tobhaigh thar na caiteachais arna dtabhú ag an Údarás, i gcomhlíonadh a fheidhmeanna is iomchuí maidir leis an tobhach sin i mbliain airgeadais áirithe, a choinneáil le fritháireamh in aghaidh oibleagáidí tobhaigh don bhliain ina dhiaidh sin nó le haisíoc go comhréireach leis na soláthraithe seirbhísí craolacháin ar a bhforchuirtear an tobhach.

Tá an bunús do ríomh an tobhaigh mionsonraithe san Ordú Tobhaigh um Acht Craolacháin 2009 (Alt 33) 2010 (I.R. uimh. 7/2010) agus san Ordú um Thobhach IR 521/2020 (Leasú) agus tugtar cuntas air ar bhonn fabhraithe.

### **Ioncam ó Tháillí Ceadúnúcháin**

De bhreis ar fhorálacha an Achta Craolacháin 2009, bhí an tÚdarás freagrach as conarthaí a bhronnadh do sheirbhísí teilifíse agus raidió ar ardáin éagsúla. Go ginearálta, rinne an tÚdarás dhá chineál conarthaí le hoibreoírí craolacháin mar seo a leanas:

- Conarthaí Craolacháin; agus
- Conarthaí soláthair ábhair

D'fhéadfadh iarratasóirí ar chonarthaí agus ag conraitheoirí táillí ceadúnaithe a íoc leis an BAI de bhun na bhforálacha reachtúla. D'fhéadfadh táillí den sórt sin a bheith éagsúil ó am go ham de réir bheartais agus straitéisí an Údaráis.

### **Ioncam Eile**

Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhraithe.

### **Ioncam ó Ús**

Aithnítear ioncam ó ús ar bhonn fabhraithe ag baint úsáide as modh an ráta úis éifeachtaigh.

## **e) Réadmhaoin, Gléasra & Trealamh agus Dímhneas**

Tá réadmhaoin, gléasra agus trealamh sonraithe ag costas lúide dímhneas carntha, coigeartaithe le haghaidh aon soláthar le haghaidh lagú. Déantar soláthar le haghaidh dímhneas ar gach réadmhaoin, gléasra agus trealamh ag rátaí a mheastar a dhíscríobhfaidh an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne ar bhonn líne díri thar a saolré fhóna measta, mar seo a leanas:

Bogearraí & Trealamh Ríomhaireachta	33% in aghaidh na bliana
Trealamh Oifige	20% in aghaidh na bliana
Daingneáin agus Feistis	10% in aghaidh na bliana
Feabhsúcháin Léasachta	10% in aghaidh na bliana
Trealamh Fuaime/Teicniúil	33% in aghaidh na bliana
Mótarfheithiclí	25% in aghaidh na bliana

Léiríonn luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, tar éis costas measta na diúscairthe a bhaint dá mba rud é go raibh an tsócmhainn den aois sin cheana féin agus an bhail a bheith uirthi a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré úsáidí. Má tá fianaise oibiachtúil ann de lagú ar luach sócmhainne, aithnítear cailleanas ó lagú sa Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe sa bhliain.

## f) Infháltais

Aithnítear infháltais ag luach cothrom lúide foráil d'fhiacha amhrasacha. Sainfhoráil is ea an fhoráil d'fhiacha amhrasacha agus bunaítear í má tá fianaise neamhspleách ar fáil nach mbeidh ar chumas an Údaráis na méideanna atá dlite a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar d'fhiacha amhrasacha sa Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas agus sna Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

## g) Léasacha Oibriúcháin

Aithnítear caiteachais cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn líne dhíri thar thréimhse an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn líne dhíri thar thréimhse an léasa ach amháin má tá baint idir arduithe cíosa leis an ráta measta boilscithe. Sa chás seo aithnítear na méaduithe seo nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear thar saol an léasa.

## h) Sochair d'Fhostaithe

### i. Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair gearrthéarmacha ar nós pá saoire mar chostas sa bhliain, agus áirítear ar fhigiúr na nithe iníoctha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais sochair a charntar ag deireadh bliana.

### ii. Sochair Scoir

#### Cineál Scéimeanna

Oibríonn Údarás Craolacháin na hÉireann na scéimeanna sainithe pinsin seo a leanas i leith fostaithe:

- Tá fostaithe a ceapadh roimh an 1 Eanáir 2013 ina mbaill de Scéim Aoisliúntais an BAI agus dá Scéim Pinsin do Chéilí agus Leanaí. Tá na struchtúir scéime seo bunaithe ar an tSamhail Seirbhíse Poiblí (an “Scéim Eiseamláireach”).
- Tá fostaithe a cheaptar tar éis an 1 Eanáir 2013 ina mbaill den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair, a sholáthraíonn sochair pinsin atá sainithe san innéacs praghsanna do thomhaltóirí bunaithe ar mheánphá gairme (an “Scéim Aonair”).

Tá na scéimeanna neamhchistithe ag an Údarás, agus tá sochair phinsin iníoctha ag an Stáitchiste. Tá roinnt saintréithe sonracha ag socruithe an Údaráis:

- Déanann an tÚdarás ranníocaíochtaí comhaontaithe leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (don Scéim Eiseamláireach) agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe (don Scéim Aonair).
- Cuimsíonn na ranníocaíochtaí don dá scéim gné fostaithe mar aon le gné fostóra. Is ionann ranníocaíochtaí an fhostóra, a d'íoc an tÚdarás, don Scéim Eiseamláireach agus 16.66% den ollphá. Is ionann ranníocaíocht an fhostóra a d'íoc an tÚdarás leis an Scéim Aonair agus trí oiread ranníocaíocht an fhostáí.



- Tá gealltanais ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le comhaontú na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, go n-íocfaidh an Státchiste costas na sochar de réir mar a bheidh siad dlite.
- Aithnítear sócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas iarchurtha neamh mhaoinithe i leith sochair scoir ar Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí ar bhonn fhorálacha Alt 44 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus forálacha eile) 2012.

Go príomha, measann an tÚdarás go bhfanann an oibleagáid le sochair phinsin a íoc leis an Údarás, ach go soláthróidh an Státchiste dóthain airgid don Údarás chun aon oibleagáidí den sórt sin a shocrú de réir mar a bheidh siad dlite, ar an mbonn go n-íocann an tÚdarás ranníocaíochtaí fostaithe agus an fhostóra ar rátaí a shonróidh an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

Dá réir sin, aithnítear sna ráitis airgeadais oibleagáid sochair pinsin iarchurtha agus maoiniú pinsin iarchurtha infhála ón státchiste agus cuirtear sonraí iomlána íocaíochtaí sochair Aoisliúntais san áireamh sna ráitis airgeadais mar mhír chaiteachais agus tá ioncam comhfhreagrach ann a sheasann do Shochair Scoir Státchiste.

### **Scéimeanna gnóthachain nó cailteanais achtúireacha**

Aithnítear gnóthachain nó cailteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe ar thiomhdí achtúireacha agus as barrachais agus easnaimh taithí don bhliain ina dtarlaíonn siad, agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach don iarmhéid do mhaoiniú sochair scoir iarchurtha ón státchiste. Cuimsíonn costais phinsin, sa ráiteas maidir le hioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim choinnithe, ranníocaíocht an fhostóra sa bhliain.

### **Dlíteanais scéimeanna**

Déantar dlíteanais scéime a thaispeántar mar luach reatha na n-íocaíochtaí amach anseo a thuill fostaithe an Údaráis go dtí seo a thomhas ar bhonn achtúireach trí úsáid a bhaint as modh an aonaid réamh-mheasta. Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a thuill fostaithe. Déantar an méid atá le háireamh sna ráitis airgeadais do mhéid maoinithe an tsochair státchiste iarchurtha a mheas ag méid atá cothrom leis an meastachán ar an oibleagáid do dhlíteanais na scéime pinsin.

Tá tuilleadh eolais faoi na scéimeanna ar fáil i nóta 17.

## **i) Cuntas Caipitil**

Is ionann an Cuntas Caipitil agus méid neamhamúchta an ioncaim a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach.

## **j) Airgeadraí Eachtracha**

Aistrítear idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go euro agus taifeadtar iad ag ráta an rialaithe malairte ar dhátaí na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dlíteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go euro ag rátaí rialaithe malairte ar an dáta tuairiscithe.

## k) Cánachas

Níl an tÚdarás faoi dhliteanas i leith Cánach Corparáide. Tá ioncam a chruinníonn an tÚdarás faoi réir CBL.

## l) Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasaíochta

Maidir le hullmhúchán na ráiteas airgeadais, is gá go ndéanfaidh an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus foshuíomhanna a mbeadh tionchar acu ar mhéideanna a tuairiscíodh le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail ag an dáta tuairiscithe agus ar mhéideanna a tuairiscíodh le haghaidh ioncaim agus caiteachais le linn na bliana. Ciallaíonn nádúr na meastachán, áfach, go bhféadfaí éagsúlachtaí a bheith ann idir na fíorthorthaí agus na meastacháin sin. Bhí an tionchar ba shuntasáí ag na breithiúnais a leanas ar shuímeanna feicthe sna ráitis airgeadais.

## Gnóthas leantach

Tugann Cuid 16 den Acht OSMR 2022 na soláthairtí díscailte agus athraithe a bhaineann le bunú Choimisiún na Meán. Ar dháta an bhunaithe, aistríodh na feidhmeanna uilig go dtí an Coimisiún a dílsíodh san Údarás nó sna coistí reachtúla díreach roimh lá an bhunaithe. Bhí an chuid seo den Acht i gceannas ar aistriú foirne, feidhmeanna, sócmhainní agus dliteanas don Choimisiún. Bíodh gur díscailte an BAI ar an 14 Márta 2023, níl aon éiginnteacht ábhartha ann maidir le cumas Choimisiún na Meán dliteanas dá chuid a íoc agus iad dlite, agus leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Ar an mbonn sin, measann Coimisiún na Meán gur cuí na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh. Dá réir sin, ní chuimsíonn na ráitis airgeadais seo aon choigeartuithe ar na suimeanna glanluacha agus ar aicmiú sócmhainní agus dliteanas a d'fhéadfadh teacht chun cinn mura mbeadh Coimisiún na Meán in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

## Lagú Réadmhaoine, Gléasra & Trealamh

Déantar Sócmhainní Seasta Inláimhsithe atá faoi réir amúchta a athbhreithniú le haghaidh lagaithe aon uair a léiríonn teagmhais nó athruithe ar chúinsí go bhféadfadh sé nach mbeadh an tsuim ghlanluacha inghnóthaithe. Aithnítear cailteanas lagaithe don mhéid a sháraíonn suim ghlanluacha na sócmhainne a méid inghnóthaithe. Is ionann an tsuim inghnóthaithe agus luach cothrom níos airde na sócmhainne lúide costas chun é a dhíol agus a luach agus í in úsáid. Chun críche measúnú a dhéanamh ar lagú, déantar sócmhainní a ghrúpáil ag na leibhéil is ísle a bhfuil sreafaí airgid inaitheanta ar leithligh (aonaid ghiniúna airgid) ann ina leith. Déantar sócmhainní neamhairgeadais atá thíos ag lagú a athbhreithniú le haghaidh aisiompú féideartha an lagaithe ar gach dáta tuairiscithe.

## Dímheas agus Luachanna Iarmhartacha

Tá saoil sócmhainní agus luachanna iarmhartacha bainteacha gach aicme sócmhainne seasta athbhreithnithe ag an Údarás, go háirithe saol úsáideach eacnamaíoch agus luachanna iarmhartacha daingneán & feisteas, agus tá socraithe acu go bhfuil saoil sócmhainní agus luachanna iarmhartacha iomchuí.

## Soláthar le haghaidh Fiacha Amhrasacha

Déanann an tÚdarás meastachán ar luach inghnóthaithe féichiúnaithe agus earraí infhaighte eile. Úsáideann an tÚdarás meastacháin bunaithe ar thaithí stairiúil chun leibhéal na bhfiach a chinneadh, a d'fhéadfaí nach mbaileofar. Áirítear leis na meastacháin seo tosca amhail rátáil reatha an fhéichiúnaí, próifíl aosaithe féichiúnaithe agus taithí stairiúil. Déantar leibhéal an tsoláthair a theastaíonn a athbheithniú ar bhonn leanúnach. Luach cóir na bhféichiúnaithe sna ráitis airgeadais atá gar dá suimeanna glanluacha.

## Forálacha

Déanann an tÚdarás forálacha maidir le hoibleagáidí dlíthiúla agus cuiditheacha, arb eol dó a bheith gan íoc ar dháta deiridh na tréimhse. Déantar na forálacha seo go hiondúil agus iad bunaithe ar fhaisnéis stairiúil nó ar fhaisnéis ábhartha eile, arna coigeartú le haghaidh treochtaí le déanaí nuair atá sé ábhartha. Is meastacháin iad, áfach, ar chostais airgeadais na n-imeachtaí ar féidir nach dtarlódh siad go ceann roinnt blianta. Mar thoradh air sin agus ar an leibhéal éiginnteachta a ghabhann leis na torthaí deiridh, d'fhéadfadh difríocht shuntasach a bheith idir an toradh iarbhrí agus an toradh measta sin.

## Oibleagáid Sochair Scoir

Déantar nuashonrú bliantúil ar na toimhdí taobh thiar de na luachálacha achtúireacha a mbíonn méideanna aitheanta sna ráitis airgeadais ina leith (rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéil chúitimh sa todhchaí, rátaí báis agus treochtaí i gcostais sláinte ar fad ina measc) bunaithe ar staid reatha an gheilleagair, agus aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsean agus iarpinsin

Is féidir leis na nithe seo a leanas tionchar a imirt ar na boinn tuisceana:

- i. an ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí corparáide ardcháilíochta;
- ii. leibhéil chúitimh amach anseo, cúinsí an mhargadh saothair amach anseo;
- iii. rátaí treochta maidir le costais cúram sláinte, ráta boilscithe costas leighis sna réigiúin lena mbaineann.

## Maoiniú Pinsin Iarchurtha

Aithníonn an tÚdarás méideanna atá dlite ón Stát as an dliteanas iarchurtha neamh - mhaoinithe i leith pinsean ar bhonn roinnt imeachtaí roimhe seo. I measc na n-imeachtaí seo, tá an tacaíocht reachtúil do na scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear an próiseas meastachán bliantúil. Bíodh nach bhfuil aon chomhaontú foirmiúil ann agus, dá bhrí sin, nach bhfuil aon dearbhú ann maidir leis na méideanna sonracha seo leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ná leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, níl aon fhianaise ag an Údarás nach leanfaidh an beartas maoinithe seo de bheith ag freastal ar an méid seo de réir a chéile de réir an chleachtas reatha.

## 2. Tobhach

### Tobhach Tionscail

Ceanglaítear le hAlt 33 den Acht Craolacháin 2009 ar an tÚdarás na speansais a thabhaigh an tÚdarás agus na coistí reachtúla i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna a chúiteamh trí thobhach nó muirear a fhorchur ar chraoltóirí seirbhíse poiblí agus ar chonraitheoirí craolacháin. Tá téarmaí an Tobhaigh seo, lena n-áirítear an modh ríofa, leagtha amach in Ionstraim Reachtúil Uimh. 7 de 2010, an tOrdú um an Acht Craolacháin 2009 (Alt 33) Tobhach 2010 (an 'tOrdú Tobhaigh').

Ar an 22 Eanáir 2010, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dó le hAlt 33 den Acht Craolacháin 2009, d'fhoilsigh an tÚdarás an tOrdú Tobhach. Tháinig an tOrdú Tobhach i bhfeidhm ar an 17 Eanáir 2010. Athraíodh gnéithe den Ordú Tobhach seo faoi Ordú Leasaithe Tobhaigh an BAI 2020 a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2021.

Ba é €5.33m an méid a toibhíodh ar chraoltóirí in 2022. Bhí méid an tobhaigh bunaithe ar chaiteachas buiséadaithe an Údaráis chun críocha tobhaigh do 2022 agus ar ioncam cáilitheach craoltóirí do 2021.

Faoi fhorálacha idirthréimhseacha Acht OSMR 2022 comhaontaíodh go toibhíodh craoltóirí le haghaidh chaiteachas buiséadaithe ghníomhaíochtaí a bhaineann le craolacháin an BAI agus Choimisiún na Meán don bhliain féilire 2023. Bhí méid an tobhaigh bunaithe ar chaiteachas buiséadaithe an Údaráis chun críocha tobhaigh do 2023 agus ar ioncam cáilitheach craoltóirí do 2022. Ba é € 1.4m an méid a toibhíodh ar chraoltóirí don 2.5 mí go dtí an 14 Márta 2023.

Gach bliain, déanann an tÚdarás réiteach tobhaigh chun comparáid a dhéanamh idir an méid a thobhítear ar chraoltóirí agus an muirear tobhaigh iarbhrí. Don bhliain tobhaigh 2022, déanfar an réiteach seo nuair a bheidh caiteachas an Údaráis 2022 chun críocha tobhaigh faofa agus nuair a bheidh a n-ioncam cáilitheach iarbhrí curtha ar fáil ag craoltóirí do 2021. Eiseofar sonrasc nó nóta creidmheasa do chraoltóirí don choigeartú seo ina dhiaidh sin. Don bhliain tobhaigh 2023, déanfaidh Coimisiún na Meán an réiteach sin nuair a bheidh Údarás 2023 agus caiteachas a bhaineann le craoltóireacht Choimisiún na Meán ceadaithe chun críocha tobhaigh agus nuair a bheidh a n-ioncam cáilitheach iarbhrí curtha ar fáil ag craoltóirí do 2022. Eiseofar sonrasc nó nóta creidmheasa do chraoltóirí don choigeartú seo ina dhiaidh sin.

Rinneadh na próisis réitigh tobhaigh do 2021 i rith 2022. D'aithin Ráitis Airgeadais 2021 aisíocaíocht de €812k. Áiríodh leis sin maoiniú ón Státchiste de €389k a fuarthas chun an t-easnamh measta a tabhaíodh mar thoradh ar an tarscaoileadh tobhaigh R1 agus R2 do chraoltóirí raidió neamhspleácha a mhaoiniú. B'ionann an tobhach iomlán a aisíocadh le craoltóirí teilifíse agus €647,629. Aontaíodh leis an Roinn go ndéanfaí an t-iarmhéid de €147k a athdháileadh ar fud craoltóirí neamhspleácha raidió agus teilifíse mar chuid de phróiseas réitigh tobhaigh 2021. Críochnaíodh é seo i mí Mheán Fómhair 2022.

Tá aisíocaíocht €965k dlite do chraoltóirí i leith na bliana tobhaigh 2022. Rinneadh foráil d'aisíocaíocht mheasta €440k sna ráitis airgeadais 14.5 mí maidir le 2.5 mí den bhliain tobhaigh 2023. Coigeartófar é seo ag deireadh 2023 nuair is eol méid iomlán an chaiteachais a bhaineann le gníomhaíochtaí a bhaineann le craoltóireacht. Aithnítear aisíocaíocht mheasta 2022 agus an soláthar don aisíocaíocht mheasta do thréimhse 2.5 mí in 2023 i Ráiteas maidir le hIoncaim agus Caiteachas agus is ionann Cúlchistí Ioncaim Choinnithe mí an Mhárta 2023.

### 3. Táillí Ceadúnúcháin

	2023 14.5 mí €'000	2021 €'000
Conarthaí ceadúnúcháin S71	109	67
	<b>109</b>	<b>67</b>

### 4. Ioncam Eile

	2023 14.5 mí €'000	2021 €'000
Ioncam ón gCiste Craolacháin	1,209	837
	<b>1,209</b>	<b>837</b>

As an €1,209 ioncam eile a fuarthas, bhain €1,038 leis an mbliain airgeadais 2022. Baineann ioncam eile le caiteachas tabhaithe ag Údarás Craolacháin na hÉireann agus a athmhúirearaítear chuig an gCiste Craolacháin. Lena n-áirítear tá tuarastail de €805k (2021: €521k), forchostais ghinearálta de €295k (2021: €206k), ranníocaíocht urraíochta don BFS de €91k (2021: €79k) agus caiteachas ar chomhairle infheistíochta de €18k (2021: €13k).

### 5. Luach Saothair

#### a) Sochair Fostaithe Chomhiomlána

	2023 14.5 mí €'000	2021 €'000
Sochair ghearrthéarmacha don fhoireann	2,775	2,241
Ranníocaíocht an fhostóra le leas sóisialach	269	202
	<b>3,044</b>	<b>2,443</b>

In 2022, áirítear ar Chostais Foirne €805k (2021: €521k) a athmhúirearaítear ar an gCiste Craolacháin agus a aithnítear in Ioncam Eile. Sa tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 14 Márta 2023, áirítear ar Chostais Foirne €107 a athmhúirearaítear ar an gCiste Craolacháin agus a aithnítear in Ioncam Eile. Bhí beirt (2021: 3) ag obair sa BAI i rith 2022 a bhí fostaithe trí ghníomhaireacht.

Sa tréimhse 2.5 mhí ón 1 Eanáir 2023 go dtí 14 Márta 2023, bhí beirt ag obair sa BAI a bhí fostaithe trí ghníomhaireacht. Ba é €31k an t-ollchostas ar an BAI maidir le pearsanra gníomhaireachta sa tréimhse 14.5 mí go dtí an 14 Márta 2023 (2021: €106k). Ba é seo a leanas meánlín na ndaoine a bhí fostaithe ag an Údarás (gan pearsanra Gníomhaireachta san áireamh) i rith na tréimhse airgeadais:

	2023 14.5 mí € '000	2021
Bainistíocht Shinsearach	9.00	9
Foireann Eile	25.50	26
Coibhéis Lánaimseartha	<b>34.50</b>	<b>35</b>
Coibhéis Lánaimseartha amhail an 14 Márta & an 31 Nollaig	34.50	35
Creat Rialaithe Fostaíochta (ECF) amhail an 14 Márta & an 31 Nollaig	<b>35</b>	<b>35</b>

## b) Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise

Ón 1 Eanáir 2019 ar aghaidh, íocann baill de scéimeanna pinsin sochair shainithe na seirbhíse poiblí Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise (ASC) a eascraíonn ón gComhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí (2018 - 2020) agus an tAcht um Pá Poiblí agus Pinsean 2017. Tá ASC tagtha in ionad an Asbhainté a Bhaineann le Pinsean (PRD) a scoir ag deireadh 2018. Bíodh gur beart éigeandála sealadach í an PRC, ranníocaíocht bhuan is ea an ASC. Rinneadh asbhaintí ASC de €20,367 (2021: €82,561) ó thuarastail foirne i rith na tréimhse 14.5 mí agus cuireadh faoi bhráid na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán iad.

## c) Sochair Ghearrthéarmacha don Fhoireann

	2023 14.5 mí € '000	2021 € '000
Bunphá	2,775	2,241
Ragobair	-	-
	<b>2,775</b>	<b>2,241</b>

Ní dhearnadh aon íocaíochtaí foirceanta i rith na tréimhse.

## d) Scéim Pinsin Aonair Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair)

Téann seirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin isteach sa Scéim Aonair, ar scéim mheántuarastail í, scéim sochair shainithe. In 2022, b'ionann ranníocaíochtaí foirne leis an Scéim Aonair agus €30,427 (2021: €28,902). Ba é €91,282 dliteanas an BAI as ranníocaíochtaí fostóra leis an Scéim Aonair (2021: €86,707).

Don 2.5 mí go dtí an 14 Márta 2023, b'ionann ranníocaíochtaí foirne leis an Scéim Aonair agus €9.5k. B'ionann dliteanas an BAI i leith ranníocaíochtaí fostóra leis an Scéim Aonair agus €28.5k don tréimhse chéanna.

## e) Príomhfhoireann Bainistíochta

Is éard a bhí i bpríomhfhoireann bainistíochta Údarás Craolacháin na hÉireann i rith 2022 ná an Príomhfheidhmeannach, dhá Phríomhfheidhmeannach cúnata agus an seisear ball den Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí. Tá luach iomlán na sochar fostaithe do phríomhfhoireann bainistíochta, lena n-áirítear tuarastal an iar-Phríomhfheidhmeannaigh (do 2021), leagtha amach thíos:

	2023 14.5 mí € '000	2021 € '000
Tuarastal	1,005	863
	<b>1,005</b>	<b>863</b>

Áirítear le luach iomlán na sochar fostaithe do phríomhfhoireann bainistíochta a thaispeántar don 14.5 mhí thuas €831k don 12 mhí go dtí an 31 Nollaig 2022 agus €174k don 2.5 mhí go dtí an 14 Márta 2023.

